

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 169



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65
27 Meitheamh 2022

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht 1
- ★ Rialachán (AE) 2022/992 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1628 a mhéid a bhaineann le leathnú chumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmlichte a ghlacadh ⁽¹⁾ 43

TREORACHA

- ★ Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an íoslíbhéal oiliúna do mharaithe ⁽¹⁾ 45

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

**RIALACHÁN (AE) 2022/991 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 8 Meitheamh 2022**

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 88 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfeidhmiú an Dlí (Europol) le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ chun tacú agus treisiú le gníomhaíocht údaráis inniúla na mBallstát agus lena gcomhar frithpháirteach chun an choireacht thromchúiseach lena déantar dífeall do dhá Bhallstát nó níos mó, an scéimhlitheoireacht agus sagsanna eile coireachta a chosc agus a chomhrac lena ndéantar dífeall do leas coiteann a chumhdaítear le beartas de chuid an Aontais.
- (2) An tírdhreach slándála atá os comhair na hEorpa amach, is tírdhreach í a bhíonn ag síorathrú, tráth atá bagairtí slándála ag forbairt agus ag éirí níos casta. Baineann scéimhlitheoirí agus coirpigh eile leas as an gclaochlú digiteach agus as na teicneolaíochtaí nua, go háirithe idirascacht agus doiléiriú na dteorainneacha idir an domhan fisiceach agus an domhan digiteach araon, mar shampla trína gcoireanna nó a gcéannachtaí a cheilt trí úsáid a bhaint as teicnící a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí. Tá sé cruthaithe ag scéimhlitheoirí agus coirpigh eile go bhfuil siad in ann an chaoi a n-oibrítear iad a oiriúnú agus gníomhaíochtaí coiriúla nua a fhorbairt le linn géarchéime, lena n-áirítear trí ghíaráil a dhéanamh ar uirlisí arna gcumasú ag an teicneolaíocht chun réimse agus scála a ngníomhaíochtaí coiriúla a iolrú agus a leathnú. Tá an scéimhlitheoireacht fós ina bagairt shuntasach ar shaoirse agus ar shlí mhaireachtála shaoránaigh an Aontais.
- (3) Scaipeann bagairtí atá ag forbairt agus bagairtí casta thar teorainneacha, cuimsíonn siad éagsúlacht coireanna a éascaíonn siad, agus tagann siad chun cinn i ngrúpaí coireachta eagraithe ilchoireachta a théann i mbun réimse leathan gníomhaíochtaí coiriúla. Toisc nach leor gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta ná comhar trasteorann chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí trasnáisiúnta slándála sin, tá údaráis inniúla na mBallstát tar éis úsáid níos mó a bhaint as an tacaíocht agus as an saíneolas a chuirtear ar fáil le Europol, chun an choireacht thromchúiseach agus an scéimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac. Ó tháinig Rialachán (AE) 2016/794 i bhfeidhm, tá méadú substaintiúil tar éis teacht ar thábhacht oibríochtúil chúraimí Europol. Thairis sin leis an timpeallacht bagartha nua, athraítear raon feidhme agus cineál na tacaíochta ó Europol a theastaíonn ó na Ballstáit agus a bhfuil súil acu léi chun saoránaigh a choimeád slán.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfeidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinnítí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinnítí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, cúraimí breise a thabhairt do Europol leis an Rialachán seo, ionas go mbeadh Europol in ann tacaíocht níos fearr a thabhairt d'údarais inniúla na mBallstát agus freagrachtaí na mBallstát i limistéar na slándála náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) á gcaomhnú go hiomlán ag an am céanna. Ba cheart sainordú treisithe Europol a chothromú le coimircí neartaíte maidir le cearta bunúsacha agus cuntasacht, dliteanas agus maoirseacht mhéadaithe, lena n-áirítear formhaoirseacht pharlaiminteach agus trí fhormhaoirseacht Bhord Bainistíochta Europol (“an Bord Bainistíochta”). Chun go mbeadh Europol in ann a shainordú treisithe a chomhlíonadh, ba cheart acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a sholáthar dó chun tacú lena chúraimí breise.
- (5) De réir mar a thugann an tAontas aghaidh ar bhagairtí atá ag dul i méid ó ghrúpaí coireachta eagraithe agus ó ionsaithe sceimhlitheoireachta, ní mór a áireamh sa fhreagairt éifeachtach forfheidhmithe dlí go mbeidh fáil ar aonaid idirghabhála speisialta dea-oilte idir-inoibritheacha atá speisialaithe i ngéarchéimeanna de dhéantús an duine a rialú. San Aontas, comhoibríonn aonaid speisialta idirghabhála de chuid na mBallstát ar bhonn Chinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle⁽³⁾. Ba cheart Europol a bheith in ann tacú leis na haonaid speisialta idirghabhála sin, trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais a sholáthar de chomhlánú ar na hiarrachtaí atá a ndéanamh ag na Ballstát.
- (6) Le blianta beaga anuas, tá cibirionsaithe ar mórsála, lena n-áirítear ionsaithe de thionscnamh tríú tíortha dírithe ar eintitis phoiblí agus phríobháideacha araon thar go leor dlínsí laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon, agus rinneadh difear d'earnálacha éagsúla lena n-áirítear seirbhísí iompair, sláinte agus airgeadais. Tacaítear le cibirionsaithe den sórt sin a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí chomhordú agus comhoibriú idir gníomhaithe ábhartha, lena n-áirítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾, údarais inniúla maidir le slándáil na líonra agus córas faisnéise de réir bhrí Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁵⁾, údarais inniúla na mBallstát agus páirtithe príobháideacha. Chun an comhar éifeachtach a áirithiú idir na gníomhaithe ábhartha uile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir le cibirionsaithe agus cibearbhagairtí, ba cheart do Europol, dul i gcomhar le ENISA go háirithe trí fhaisnéis a mhalartú agus trí thacaíocht anailiseach a sholáthar sna réimsí a thagann faoi chuimsiú a sainorduithe faoi seach.
- (7) Tá ról ceannasach ag coirpigh ardriosca i líonraí coiriúla agus baineann ardriosca lena ngníomhaíochtaí coiriúla ó thaobh shlándáil inmheánach an Aontais de. Chun grúpaí coireachta eagraithe ardriosca agus a bpríomhbhaill a chomhrac, ba cheart Europol a bheith in ann tacú leis na Ballstát chun a bhfreagairt imscrúdaithe a dhíriú ar bhaill agus príomhbhaill na líonraí sin a shainaithint, mar aon lena ngníomhaíochtaí coiriúla agus a sócmhainní airgeadais.
- (8) Leis na bagairtí a bhaineann leis an gcoireacht thromchúiseach, éilítear leo freagairt chomhordaithe, chomhleanúnach, ildisciplíneach agus ilghníomhaireachta. Ba cheart Europol a bheith in ann tionscnaimh slándála bunaithe ar fhaisnéis atá á stiúradh ag na Ballstát a éascú agus tacú leo, agus é mar aidhm leis na tionscnaimh sin bagairtí tromchúiseacha coireachta a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu, mar shampla, an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (Empact). Ba cheart Europol a bheith in ann tacaíocht riaracháin, lóistíochta, airgeadais agus oibríochta a sholáthar do thionscnaimh den sórt sin.
- (9) Is uirlis ríachtanach é Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾ i réimse an chomhair póilíneachta agus breithiúnais i ngnóthaí coiriúla chun leibhéal ard slándála a choinneáil ar bun laistigh de réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Is mol é Europol le haghaidh malartú faisnéise san Aontas, mol a fhaigheann faisnéis luachmhar agus a choinníonn ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta í faoi dhaoine a bhfuil amhras ann ina leith go bhfuil siad ag gabháil do choireanna a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol. Laistigh de chuimsiú a chuspóirí agus a chúraim chun tacú leis na Ballstát an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, ba cheart do Europol tacú leis na Ballstát chun na sonraí a sholáthraíonn tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dó a phróiseáil, trína mholadh go n-iontrálfadh na Ballstát foláirimh in CFS faoi chatagóir nua foláireamh faisnéise

⁽³⁾ Cinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir aonaid idirghabhála speisialta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcásanna géarchéime (IO L 210, 6.8.2008, lch. 73).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándaíl theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándaíl) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

⁽⁵⁾ Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard coiteann slándála líonra agus córas faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus breithiúnais i ngnóthaí coiriúla, lena leasaítear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gComisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

ar mhaithe leis an Aontas (“foláirimh faisnéise”), chun na foláirimh faisnéise sin a sholáthar d’úsáideoirí deiridh CFS. Chuige sin, ba cheart sásra tuairiscithe thréimhsiúil a chur ar bun chun a áirithiú go gcuirfead na Ballstáit agus Europol ar an eolas faoi thoradh an fhóraithe agus na hanailíse ar na sonraí sin agus i dtaobh cibé acu ar iontráladh nó nár iontráladh an fhaisnéis in CFS. Na modúlachtaí le haghaidh comhar idir na Ballstáit maidir le sonraí den sórt sin a phróiseáil agus foláirimh a iontráil in CFS, go háirithe maidir leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, ba cheart iad a bheith faoi réir comhordaithe leanúnaigh i measc na mBallstát. Ba cheart don Bhord Bainistíochta na critéir a shonrú ar ar a mbonn ba cheart Europol a bheith in ann tograí a eisiúint maidir le faisnéis den sórt sin a iontráil in CFS.

- (10) Tá ról tábhachtach ag EUROPOL maidir le tacaíocht a thabhairt don sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle ⁽⁷⁾ a fhíorú. Ba cheart do Europol, dá bhrí sin, arna iarraidh sin do na Ballstáit, saineolas, anailís, tuarascálacha agus faisnéis ábhartha eile atá aige a úsáid chun rannchuidiú leis an sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú.
- (11) Le measúnuithe riosca, cuidítear chun treochtaí nua a réamh-mheas agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí nua ó choireacht thromchúiseach agus ón sceimhlitheoireacht. Chun tacú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit measúnuithe éifeachtacha riosca a dhéanamh, ba cheart do Europol measúnuithe anailíse ar bhagairtí a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit bunaithe ar an bhfaisnéis atá aige maidir le feiniméin agus treochtaí coireachta, gan dochar do dhlí an Aontais maidir le bainistíocht riosca custaim.
- (12) Maidir le cistiú an Aontais le haghaidh taighde faoin tslándáil, ionas go bhféadfar aidhm an chistithe a bhaint amach, acmhainneacht an taighde ar fad a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais an fhorfheidhmithe dlí, ba cheart do Europol cúnaimh a thabhairt don Choimisiún príomhthéamaí taighde a shainaithint, agus clár réime an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht is ábhartha do chuspóirí Europol a tharraingt suas agus a chur chun feidhme. I gcás inarb ábhartha, ba cheart é a bheith indéanta do Europol torthaí a chuid gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a scaipeadh mar chuid dá rannchuidiú le sineirgí a chruthú idir gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta is ábhartha do chuspóirí Europol á gceapadh agus á gcoincheapadh aige, ba cheart Europol a bheith in ann dul i gcomhairle leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde de chuid an Choimisiúin, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart do Europol gach beart is gá a dhéanamh chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Níor cheart do Europol maoiniú a fháil ar chlár ar leith de chuid an Aontais i gcás ina gcuidíonn sé leis an gCoimisiún chun príomhthéamaí taighde a shainaithint ná chun an clár sin a tharraingt suas agus a chur chun feidhme. Tá sé tábhachtach go mbeidh Europol in ann brath ar sholáthar cistithe leordhóthanaigh a fháil chun go bhféadfaidh sé cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún i réimse an taighde agus na nuálaíochta.
- (13) Is féidir leis an Aontas agus leis na Ballstáit bearta sriantacha a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche a ghlacadh ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí. Chuige sin, le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, cuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar infheistíochtaí díreacha coigríche i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn toisc go bhféadfaidh impleachtaí suntasacha a bheith acu ar an tslándáil agus ar an ord poiblí, go háirithe nuair a bhíonn teicneolaíochtaí den sórt sin á n-úsáid ag údarais inniúla na mBallstát. I bhfianaise rannpháirtíocht Europol maidir le faireachán a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a rannpháirtíocht maidir le bealaí nua a fhorbairt chun na teicneolaíochtaí sin a úsáid chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, go háirithe trína Shaotharlann Nuálaíochta agus trí Mhol Nuálaíochta maidir leis an tslándáil Inmheánach, tá eolas fairsing ag Europol faoi na deiseanna a ghabhann leis na teicneolaíochtaí sin agus faoi na rioscaí a bhaineann lena n-úsáid. Ba cheart, dá bhrí sin, Europol a bheith in ann tacú leis na Ballstáit scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas agus ar na rioscaí gaolmhara don tslándáil a bhaineann le gnóthais a sholáthraíonn teicneolaíochtaí, lena n-áirítear bogearraí arna n-úsáid ag Europol chun coireanna a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol nó teicneolaíochtaí criticiúla a d’fhéadfaí a úsáid chun sceimhlitheoireacht a éascú a chosc agus a imscrúdú. Sa chomhthéacs sin, le saineolas Europol, ba cheart tacú le scagadh na n-infheistíochtaí díreacha coigríche agus leis na rioscaí don tslándáil a bhaineann leo. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cé acu a bhí nó nach raibh an t-infheisteoir coigríche rannpháirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí lena ndéantar difear don tslándáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil riosca tromchúiseach ann go mbíonn an t-infheisteoir coigríche rannpháirteach i ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó coiriúla, agus an bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoi rialú díreach nó indíreach ag rialtas tríú tír, lena n-áirítear trí fhóirdheontais.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 791, 21.3.2019, lch. 1).

- (14) Soláthraíonn Europol saeolas speisialaithe chun an choireacht thromchúiseach agus an scemhlitheoireacht a chomhrac. Arna iarraidh sin do Bhallstát, ba cheart foireann Europol a bheith in ann tacaíocht oibríochtúil a sholáthar d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin in oibríochtaí agus in imscrúduithe, go háirithe trí mhalartú faisnéise trasteorann a éascú agus tacaíocht fhóiréinseach agus theicniúil a sholáthar in oibríochtaí agus in imscrúduithe, lena n-áirítear i gcomhthéacs foirne comhpháirteacha imscrúdaithe. Arna iarraidh sin do Bhallstát, ba cheart foireann Europol a bheith i dteideal a bheith i láthair le linn bearta imscrúdaithe a dhéanamh sa Bhallstát sin. Níor cheart é a bheith de chumhacht ag foireann Europol bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh.
- (15) Ar cheann de chuspóirí Europol, tá tacú agus treisiú le gníomhaíocht údaráis inniúla na mBallstát agus lena gcomhar frithpháirteach chun sagsanna coireachta a dhochraíonn leas coiteann atá ina ábhar do bheartas de chuid an Aontais a chosc agus a chomhrac. Chun an tacaíocht sin a neartú, ba cheart Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol (“an Stiúrthóir Feidhmiúcháin”) a bheith in ann a mholadh do na húdaráis inniúla de chuid Ballstáit go ndéanfadh said imscrúdú a thionscnamh, a chur i gcrích nó a chomhordú maidir le coir nach mbaineann ach leis an mBallstát sin amháin ach a dhochraíonn leas coiteann atá ina ábhar do bheartas de chuid an Aontais. Ba cheart do Europol Eurojust agus, i gcás inarb ábhartha, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) a cuireadh ar bun le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ⁽⁹⁾, a chur ar an eolas faoi aon togra den sórt sin.
- (16) Ach céannacht agus sonraí pearsanta áirithe daoine atá faoi drochamhras nó daoine ciontaithe a bhfuiltear sa tóir orthu bunaithe ar chinneadh breithiúnach náisiúnta, a fhoilsiú, méadaítear seans na mBallstát go ndéanfar daoine aonair den sórt sin a aimsiú agus a ghabháil. Chun tacú leis na Ballstáit le daoine aonair den sórt sin a aimsiú agus a ghabháil, ba cheart Europol a bheith in ann faisnéis a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin maidir leis na héalaithe is mó a bhfuil tóir orthu san Eoraip a mhéid a bhaineann le cionta coiriúla a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol. Chun na críche céanna sin, ba cheart do Europol soláthar faisnéise ón bpobal do na Ballstáit agus Europol i dtaca leis na daoine sin a éascú.
- (17) Nuair a fhionnfaidh Europol go dtagann na sonraí pearsanta a fhaigheann sé faoina chuspóirí, ba cheart Europol a bheith in ann na sonraí pearsanta sna ceithre staid seo a leanas a phróiseáil. Sa chéad staid, baineann na sonraí pearsanta a bhfuair Europol le haon cheann de na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794 (“Iarscríbhinn II”). Sa dara staid, is éard atá sna sonraí pearsanta a fuarthas sonraí imscrúdaitheacha ina bhfuil sonraí nach mbaineann le haon cheann de na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II ach ar sholáthair Ballstát, OIPE, Eurojust nó tríú tír iad de bhun iarraidh ar thacaíocht Europol le haghaidh imscrúdú coiriúil sonrath, ar choinníoll go bhfuil an Ballstát sin, OIPE, Eurojust nó an tríú tír sin údaraithe chun sonraí imscrúdaitheacha den sórt sin a phróiseáil i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta agus na coimircí is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Sa staid sin, ba cheart Europol a bheith in ann na sonraí imscrúdaitheacha sin a phróiseáil chomh fada agus a thacaíonn sé leis an imscrúdú coiriúil shonrach sin. Sa tríú staid, d'fhéadfadh nach mbaineann na sonraí pearsanta a fuarthas leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus nár soláthraíodh iad de bhun iarraidh ar thacaíocht Europol le haghaidh imscrúdú coiriúil sonrath. Sa staid sin, ba cheart Europol a bheith in ann a fhíorú an gcomhfhreagraíonn na sonraí pearsanta d'aon cheann de na catagóirí d'ábhair sonraí sin. Sa cheathrú staid, tiolacadh na sonraí pearsanta chun críocha tionscadail taighde agus nuálaíochta, agus ní bhaineann siad leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II.
- (18) I gcomhréir le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾, i gcás inarb infheidhme agus a mhéid is féidir, tá Europol le hidirdhealú soiléir a dhéanamh idir sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II.
- (19) I gcás ina n-úsáideann na Ballstáit bonneagar Europol chun sonraí pearsanta a mhalartú maidir le coireanna nach dtagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol, níor cheart rochtain a bheith ag Europol ar na sonraí sin agus ba cheart a mheas gur “próiseálaí” é de bhun Airteagal 87 de Rialachán (AE) 2018/1725. Sna cásanna sin, ba cheart Europol a bheith in ann na sonraí sin nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a phróiseáil. I gcás ina n-úsáideann na Ballstáit bonneagar Europol chun sonraí pearsanta a mhalartú maidir le coireanna a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol agus ina dtugann siad rochtain ar na sonraí sin do Europol, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais atá nasctha leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II i ndáil le haon phróiseáil eile a dhéanann Europol ar na sonraí sin.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (20) Agus prionsabal an íoslaghdaíthe sonraí á urramú, ba cheart Europol a bheith in ann a fhíorú an mbaineann sonraí pearsanta a fhaightear i gcomhthéacs coireanna a chosc agus a chomhrac, ar coireanna iad a thagann faoi chuimsiú a chuspóirí, le ceann amháin de na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II. Chuige sin, ba cheart do Europol a bheith in ann réamh-anailís a dhéanamh ar shonraí pearsanta a fhaightear chun a chinneadh cibé acu a mbaineann nó nach mbaineann na sonraí sin le haon cheann de na catagóirí d'ábhair sonraí sin agus chun na críche sin amháin trí na sonraí pearsanta sin a sheiceáil i gcoinne na sonraí atá ina seilbh aige cheana, gan tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na sonraí pearsanta sin. Ba cheart an réamh-anailís sin a dhéanamh sula ndéanfaidh Europol sonraí a phróiseáil le haghaidh cros-seiceála, anailís straitéiseach, anailís oibríochtúil nó malartú faisnéise agus tar éis do Europol a áirithiú go bhfuil na sonraí i dtrácht ábhartha agus riachtanach chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, agus ba cheart í a dhéanamh ar leithligh ón bpróiseáil sin. A luaithe a fhionnfaidh Europol go mbaineann na sonraí pearsanta sin leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, ba cheart do Europol a bheith in ann na sonraí pearsanta sin a phróiseáil le haghaidh cros-seiceála, anailís straitéiseach, anailís oibríochtúil nó malartú faisnéise. Má thagann Europol ar an tátal nach mbaineann na sonraí pearsanta sin leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, ba cheart dó na sonraí sin a scriosadh.
- (21) D'fhéadfadh sé go n-athródh catagóirí sonraí pearsanta i dtacar sonraí ar leith le himeacht ama mar thoradh ar fhaisnéis nua a thagann chun cinn i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla, mar shampla maidir le tuilleadh daoine faoi amhras. Ar an gcúis sin, ba cheart cead a bheith ag Europol sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach agus comhréireach chun críche catagóirí d'ábhair sonraí lena mbaineann na sonraí i dtrácht a chinneadh ar feadh tréimhse nach faide ná 18 mí ón uair a fhionnann Europol go dtagann na sonraí pearsanta sin faoi chuimsiú a chuspóirí. Ba cheart do Europol a bheith in ann síneadh suas go 3 bliana a chur leis an tréimhse i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ar choinníoll go bhfuil síneadh den sórt sin riachtanach agus comhréireach. Ba cheart an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a chur ar an eolas faoin síneadh. I gcás nach bhfuil gá a thuilleadh le sonraí pearsanta a phróiseáil chun catagóirí d'ábhair sonraí a chinneadh agus nach bhfuil údar léi a thuilleadh, agus in aon chás tar éis dheireadh na huastréimhse próiseála, ba cheart do Europol na sonraí pearsanta a scriosadh.
- (22) Tá méid na sonraí a bhailítear in imscrúduithe coiriúla ag dul i méid agus tá tacair sonraí níos casta anois. Cuireann na Ballstáit tacair mhóra chasta sonraí faoi bhráid Europol, agus iarrtar anailís oibríochtúil Europol chun naisc le coireanna seachas iad is ábhar don imscrúdú sa chomhthéacs inar bailíodh iad agus le coirpigh eile i mBallstáit eile agus lasmuigh den Aontas a shainaithint. Ós rud é gur féidir le Europol naisc thrasteorann den sórt sin a bhrath ar bhealach is éifeachtaí ná na Ballstáit trí anailís a dhéanamh astu féin ar na sonraí, ba cheart Europol a bheith in ann tacú le himscrúduithe coiriúla na mBallstát ach tacair mhóra chasta sonraí a phróiseáil chun naisc thrasteorann den sórt sin a shainaithint ar choinníoll go gcomhlíontar na diancheanglais agus coimircí a leagtar amach sa Rialachán seo. I gcás inar gá sin chun tacú go héifeachtach le himscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill i mBallstát, ba cheart Europol a bheith in ann próiseáil a dhéanamh ar na sonraí imscrúdaitheacha a n-údaráítear do na húdaráis náisiúnta iad a phróiseáil san imscrúdú coiriúil sonracha sin i gcomhréir le ceanglais nós imeachta agus coimircí is infheidhme faoin dlí náisiúnta agus a chuirtear faoi bhráid Europol ina dhiaidh sin. Ba cheart a áireamh leis sin sonraí pearsanta i gcásanna nach raibh Ballstát in ann a fhionnadh an mbaineann na sonraí sin leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II. I gcás ina dtugann Ballstát, OIPE nó Eurojust sonraí imscrúdaitheacha do Europol agus tacaíocht Europol á hiarraidh acu d'imscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill, ba cheart Europol a bheith in ann na sonraí sin a phróiseáil chomh fada agus a thacaíonn sé leis an imscrúdú coiriúil sonracha sin, i gcomhréir le ceanglais nós imeachta agus coimircí is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.
- (23) Chun a áirithiú go bhfuil aon phróiseáil a dhéantar i gcomhthéacs imscrúdú coiriúil ar shonraí riachtanach agus comhréireach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíontar dlí an Aontais agus dlí náisiúnta nuair a chuireann siad sonraí imscrúdaitheacha faoi bhráid Europol. Agus sonraí imscrúdaitheacha á gcur faoi bhráid Europol chun tacaíocht Europol a iarraidh i gcomhair imscrúdú coiriúil sonracha, ba cheart do na Ballstáit scála agus castacht na próiseála sonraí lena mbaineann agus cineál agus tábhacht an imscrúdaithe a mheas. Ba cheart do na Ballstáit Europol a chur ar an eolas, i gcomhréir le ceanglais nós imeachta agus coimircí nós imeachta is infheidhme faoina ndlí náisiúnta, nuair nach bhfuil siad údaraithe a thuilleadh sonraí a phróiseáil san imscrúdú coiriúil sonracha i dtrácht, ar imscrúdú é a leanann go fóill. Níor cheart do Europol ach sonraí pearsanta a phróiseáil, ar sonraí iad nach dtagann faoi na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II i gcás ina ndéanann sé a mheas nach bhfuil sé indéanta tacú le himscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill gan na sonraí pearsanta sin a phróiseáil. Ba cheart do Europol an measúnú sin a dhoiciméadú. Ba cheart do Europol sonraí den sórt sin a choimeád deighilte go feidhmiúil ó shonraí eile agus níor cheart iad a phróiseáil ach i gcás inar gá don tacaíocht d'imscrúdú coiriúil sonracha i dtrácht, ar imscrúdú é a leanann go fóill, mar shampla i gcás leide nua.

- (24) Ba cheart Europol a bheith in ann próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta is gá don tacaíocht a thugann sé d'imscrúdú coiriúil sonracha i mBallstát amháin nó níos mó i gcás ina soláthraíonn tríú tír na sonraí sin, ar choinníoll gur ábhar í an tríú tír do chinneadh leordhóthanachta i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹¹⁾ (“cinneadh leordhóthanachta”); go bhfuil comhaontú idirnáisiúnta leis an tríú tír tugtha chun críche ag an Aontas de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a n-áirítear ann aistriú sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí (“comhaontú idirnáisiúnta”); nó go bhfuil comhaontú comhair lena gceadaítear malartú sonraí pearsanta a tugtha chun críche idir Europol agus an tríú tír sin roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/794 (“comhaontú comhair”); nó go bhfuil foráil déanta do choimirce iomchuí i ndáil le cosaint sonraí pearsanta in ionstraim atá ceangailteach nó go gcinneann Europol, bunaithe ar mheasúnú ar na himthosca go léir a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta, gurb ann do na coimirce sin sa tríú tír sin agus ar choinníoll go bhfuair an tríú tír na sonraí i gcomhthéacs imscrúdú coiriúil i gcomhréir leis na ceanglais níos imeachta agus na coimirce is infheidhme faoin dlí náisiúnta coiriúil. I gcás ina ndéanann tríú tír sonraí imscrúdaitheacha a sholáthar do Europol, ba cheart do Europol a dheimhniú nach follasach go bhfuil líon na sonraí pearsanta díreireach ó thaobh imscrúdú coiriúil sonracha lena dtacaíonn Europol sa Bhallstát lena mbaineann i mBallstát lena dtacaíonn Europol, agus, a mhéid is féidir, nach bhfuil aon chomharthaí oibiachtúla ann gur bailíodh sonraí imscrúdaitheacha sa tríú tír de sháru follasach ar chearta bunúsacha. I gcás ina gcinneann Europol nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, níor cheart dó na sonraí a phróiseáil agus bac heart dó iad a scriosadh. I gcás ina soláthraíonn tríú tír sonraí imscrúdaitheacha do Europol, ba cheart d'Oifigeach Cosanta Sonraí Europol a bheith in ann fógra a thabhairt do MECS i gcás inarb iomchuí.
- (25) Chun a áirithiú gur féidir le Ballstát tuarascálacha Europol a úsáid i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha tar éis imscrúdú coiriúil, ba cheart do Europol a bheith in ann na sonraí imscrúdaitheacha lena mbaineann a stóráil arna iarraidh sin don Bhallstát sin, ag OIPE nó ag Eurojust chun críche fírinneacht, iontaofacht agus inrianaitheacht phróiseas na faisnéise coiriúla a áirithiú. Ba cheart do Europol sonraí den sórt sin a choimeád deighilte go feidhmiúil ó shonraí eile ach amháin fad is a bhíonn na himeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis an imscrúdú coiriúil sin ar siúl sa Bhallstát. Thairis sin, is gá rochtain údarás inniúil breithiúnach a áirithiú chomh maith leis na cearta chun cosanta, go háirithe ceart daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine cúisithe nó a ndlíodóirí rochtain a fháil ar ábhair an cháis. Chun na críche sin, ba cheart do Europol taifead a choinneáil ar an bhfianaise ar fad agus ar na modhanna trína ndearna Europol an fhianaise sin a sholáthar nó a fháil chun go mbeidh an chosaint in ann grinnscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar an bhfianaise.
- (26) Ba cheart Europol a bheith in ann sonraí pearsanta atá faighte aige roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar sonraí iad nach mbaineann le catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, i gcomhréir leis an Rialachán seo, a phróiseáil in dhá staid. Sa chéad staid, ba cheart Europol a bheith in ann na sonraí pearsanta sin a phróiseáil mar thaca le himscrúdú coiriúil nó chun fírinneacht, iontaofacht agus inrianaitheacht phróiseas na faisnéise coiriúla a áirithiú, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sna socruithe idirthréimhseacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta a fhaightear mar thaca le himscrúdú coiriúil. Sa dara staid, ba cheart Europol a bheith in ann a fhíorú freisin an mbaineann na sonraí pearsanta den sórt sin le ceann de na chatagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II trí réamhanailís a dhéanamh ar na sonraí pearsanta ar feadh tréimhse nach faide ná 18 mí ón dáta a bhfuarthas na sonraí den chéad uair, nó i gcásanna a bhfuil údar leo agus ina bhfuil réamhúdarú ó MECS, ar feadh tréimhse is faide. Níor cheart an uastréimhse ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche réamhanailís den sórt sin a bheith níos faide ná 3 bliana ón dáta a bhfuair Europol na sonraí den chéad uair.
- (27) Éilítear dlúthchomhar idir údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcásanna trasteorann a bhfuil an choireacht thromchúiseach nó an sceimhlitheoireacht i gceist leo. Soláthraíonn Europol uirlisí chun tacú le comhar den sórt sin in imscrúduithe, go háirithe tríd an malartú faisnéise. Chun an comhar sin a fheabhsú a thuilleadh in imscrúduithe coiriúla sonracha trí anailís oibríochtúil chomhpháirteach, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann Ballstáit eile a cheadú an fhaisnéis a chuir siad faoi bhráid Europol a rochtain go díreach, gan dochar d'aon srianta ginearálta nó sonracha a chuireann siad ar rochtain na faisnéise sin. Ba cheart aon phróiseáil a dhéanamh na Ballstáit ar shonraí pearsanta in anailís oibríochtúil chomhpháirteach a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir (AE) 2016/680.

⁽¹¹⁾ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

- (28) Ba cheart do Europol agus do OIPE socrú oibre a thabhairt i gcrích lena leagtar amach modúlachtaí a gcomhair, agus aird chuí á tabhairt ar a gcuid inniúlachtaí faoi seach. Ba cheart do Europol oibriú i ndlúthchomhar le OIPE agus tacú go gníomhach le himscrúduithe OIPE arna iarraidh sin dó, lena n-áirítear trí thacaíocht anailiseach agus faisnéis ábhartha a sholáthar. Ba cheart do Europol dul i gcomhar le OIPE, ón nóiméad a thuairiscítear cion amhrasta do OIPE go dtí an nóiméad a chinneann OIPE cibé acu ba cheart an cás a ionchúiseamh nó a dhiúscairt. Ba cheart do Europol, gan moill mhíchúí, aon iompar coiriúil a chur in iúl do OIPE a mbeadh OIPE in ann a inniúlacht a fheidhmiú ina leith. Chun comhar oibríochtúil idir Europol agus OIPE a fheabhsú, ba cheart do Europol é a chur ar chumas OIPE, ar bhonn córas “amas a fháil/gan amas a fháil”, rochtain a fháil ar shonraí atá ag Europol nach dtugann fógra ach do Europol amháin i gcás amais, i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear aon srianta arna sonrú ag an soláthraí a sholáthair an fhaisnéis do Europol. Má chumhdaítear an fhaisnéis sin le srian a shonraigh Ballstát, ba cheart do Europol an t-ábhar a tharchur chuig an mBallstát sin, chun a chuid oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2017/1939 a chomhlíonadh. Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann OIPE a chur ar an eolas ina dhiaidh sin i gcomhréir lena nós imeachta náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le tarchur sonraí pearsanta chuig comhlachtaí an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le comhar Europol le OIPE. Ina theannta sin, ba cheart Europol a bheith in ann tacú le himscrúduithe OIPE trí anailís a dhéanamh ar thacair mhóra agus chasta sonraí, i gcomhréir leis na coimircí agus na ráthaíochtaí cosanta dlí dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
- (29) Ba cheart do Europol oibriú i ndlúthchomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a bhrath. Chuige sin, ba cheart do Europol aon fhaisnéis a bhféadfadh OLAF a inniúlacht a fheidhmiú ina leith a tharchur chuig OLAF gan moill mhíchúí. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le tarchur sonraí pearsanta chuig comhlachtaí an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le comhar Europol le OLAF.
- (30) Is minic a bhíonn naisc lasmuigh den Aontas ag an gcoireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht. Is féidir le Europol sonraí pearsanta a mhalartú le tríú tíortha ach cosaint príobháideachais agus cearta agus saoirsí bunúsacha na n-ábhar sonraí a chosaint. I gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach chun coir shonrach a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a imscrúdú, ba cheart a cheadú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar bhonn cás ar chás, catagóir aistriithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha a údarú, i gcás ina mbaineann an chatagóir aistriithe den sórt sin leis an gcás sonrach céanna, inarb iad na catagóirí céanna sonraí pearsanta agus na catagóirí céanna d’ábhair sonraí atá i gceist, agus go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach chun críoch imscrúdú a dhéanamh ar choir shonrach, agus ina gcomhlíonann sé ceanglais uile an Rialacháin seo. Maidir le haistriithe aonair a chumhdaítear le catagóir aistriithe, ba cheart é a bheith indéanta gan a áireamh ach cuid de na catagóirí sin de sonraí pearsanta agus na catagóirí sin d’ábhair sonraí a bhfuil aistriú ina leith údaraithe ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ba cheart é a bheith indéanta freisin catagóir aistriithe sonraí pearsanta a údarú sna cásanna sonracha seo a leanas: i gcás ina bhfuil gá le haistriú sonraí pearsanta chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint, nó i gcás ina bhfuil aistriú sonraí pearsanta fíor-riachtanach chun bagairt láithreach thromchúiseach ar shlándáil phoiblí Ballstáit nó tríú tír a chosc; i gcás inar críoch an aistriithe sonraí pearsanta leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú, nó, i gcásanna aonair, chun críocha cionta coiriúla a chosc, a fhiosrú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun smachtbhannaí coiriúla a fhorghníomhú; nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint, ar éilimh iad a bhaineann le cion coiriúil sonrach a fhiosrú nó a ionchúiseamh.
- (31) Níor cheart aistriithe nach bhfuil bunaithe ar údarú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, cinneadh leordhóthanachta, comhaontú idirnáisiúnta ná comhaontú comhair a cheadú ach amháin i gcás ina bhfuil coimircí iomchuí ann maidir le sonraí pearsanta a chosaint dá bhforáiltear in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí nó i gcás ina gcinneann Europol, ar bhonn measúnaithe ar na himthosca ar fad a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta go bhfuil coimircí den sórt sin ann. Chun críocha an mheasúnaithe sin, ba cheart Europol a bheith in ann comhaontuithe déthaobhacha arna dtabhairt i gcrích idir Ballstáit agus tríú tíortha a chur san áireamh lena gceadaítear malartú sonraí pearsanta, agus cibé acu a bheidh nó nach mbeidh aistriú sonraí pearsanta faoi réir oibleagáidí rúndachta agus phrionsabal na sonraíochta, lena n-áirítear nach ndéanfar na sonraí a phróiseáil chun críocha eile seachas críocha an aistriithe. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go gcuirfidh Europol san áireamh cibé acu a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí úsáid a bhaint as na sonraí pearsanta chun pionós an bháis nó aon chineál íde cruálaí nó mídhaonna a iarraidh, a ghearradh nó a chur i gcrích. Ba cheart do Europol a bheith in ann coimircí breise a éileamh.

- (32) Chun tacú leis na Ballstáit dul i gcomhar le páirtithe príobháideacha i gcás ina bhfuil faisnéis is ábhartha chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ag na páirtithe príobháideacha sin, ba cheart Europol a bheith in ann sonraí pearsanta ó pháirtithe príobháideacha a fháil agus, i gcásanna sonracha inar gá agus inar comhréireach, sonraí pearsanta a mhalartú le páirtithe príobháideacha.
- (33) Baineann coirpigh úsáid níos mó agus níos mó as seirbhísí a thairgeann páirtithe príobháideacha chun cumarsáid agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéanamh. Déanann ciontóirí gnéis dúshaothrú ar leanaí agus roinneann siad pictiúir agus físeáin ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iad ar fud an domhain ar ardáin ar líne nó le piaraí trí sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhir. Baineann sceimhlitheoirí úsáid as na seirbhísí a thairgeann soláthraithe seirbhíse ar líne chun saorálaithe a earcú, ionsaithe a phleanáil agus a chomhordú, agus bolscaireacht a scaipeadh. Déanann cibearchoirpigh brabús as digitiú na sochaithe agus as easpa litearthachta digití agus scileanna digiteacha eile an phobail i gcoitinne ach úsáid a bhaint as an bhfioscaireacht agus as an innealtóireacht shóisialta chun cineálacha eile cibearchoireachta a dhéanamh, mar shampla camscéimeanna ar líne, ionsaithe bogearraí éirice nó calaois íocaíochta. Mar thoradh ar an úsáid mhéadaithe a bhaineann coirpigh as seirbhísí ar líne, tá líon na sonraí pearsanta atá ag páirtithe príobháideacha, lena n-áirítear sonraí síntiúisóirí, sonraí tráchta agus sonraí ábhair, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'imscrúduithe coiriúla ag dul i méid.
- (34) I bhfianaise go bhfeidhmíonn an t-idirlíon gan beann ar theorainneacha, is féidir go mbeidh an soláthraí seirbhíse ar líne agus an bonneagar digiteach ina stóráiltear na sonraí pearsanta ar leithligh faoi réir dlínsí náisiúnta éagsúla, laistigh den Aontas nó lasmuigh de. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacair sonraí ag páirtithe príobháideacha is ábhartha maidir le forfheidhmiú an dlí agus ina bhfuil sonraí pearsanta a thagann faoi inniúlacht roinnt dlínsí chomh maith le sonraí pearsanta nach féidir a chur i leith aon dlínse ar leith go héasca. Is féidir é a bheith deacair d'údaráis inniúla na mBallstát anailís éifeachtach a dhéanamh ar thacair idlínse nó neamh-inchurtha sonraí den sórt sin trí réitigh náisiúnta. Thairis sin, níl aon phointe teagmhála aonair faoi láthair do pháirtithe príobháideacha a chinneann tacair shonraí a chomhroinnt go dleathach agus go deonach le húdaráis inniúla na mBallstát. Dá réir sin, ba cheart bearta a bheith i bhfeidhm ag Europol chun comhar le páirtithe príobháideacha a éascú, lena n-áirítear maidir le malartú faisnéise.
- (35) Chun a áirithiú go bhfuil pointe teagmhála ag páirtithe príobháideacha ar leibhéal an Aontais chun tacair sonraí nó tacair sonraí idlínse a sholáthar go dleathach agus go deonach ar tacair sonraí nó tacair sonraí, idlínse iad nach bhféadfaí a chur go héasca i leith dlínse sonracha amháin nó roinnt dlínsí sonracha a chomhroinnt go dleathach, ba cheart do Europol a bheith in ann sonraí pearsanta a fháil go díreach ó pháirtithe príobháideacha chun críche na Ballstáit a sholáthar leis an bhfaisnéis is gá chun a ndlínse a bhunú agus chun coireanna a fhiosrú faoina ndlínse faoi seach, i gcomhréir leis an Rialachán seo. D'fhéadfaí a áireamh san fhaisnéis sin tuarascálacha a bhaineann le hábhar a ndéantar modhnú air, ar féidir glacadh leis go réasúnach go bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí coiriúla a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol.
- (36) Chun a áirithiú go bhfaigheann na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun imscrúduithe a thionscnamh lena ndéantar an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac gan moill mhíchúí, ba cheart Europol a bheith in ann sonraí pearsanta a phróiseáil agus a anailísiú chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint agus na sonraí pearsanta agus aon torthaí ar a chuid anailíse agus a fhíoraithe ar shonraí den sórt sin atá ábhartha chun críocha dlínse a shuí, a chur ar aghaidh chuig na haonaid náisiúnta sin agus chun na coireanna sin lena mbaineann a imscrúdú faoina ndlínse faoi seach. Ba cheart Europol a bheith in ann na sonraí pearsanta agus torthaí a anailíse agus a fhíoraithe ar shonraí den sórt sin is ábhartha chun críocha dlínse a shuí, a chur ar aghaidh chuig pointí teagmhála nó údaráis de chuid na tríú tíortha lena mbaineann, nuair is ábhar iad na sonraí sin do chinneadh leordhóthanachta, nó a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta nó comhaontú comhair tugtha i gcrích leo, nó i gcás ina bhforáiltear do choimircí iomchuí maidir le sonraí pearsanta a chosc in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de, nó i gcás ina gcinneann Europol, bunaithe ar mheasúnú ar na himthosca go léir a bhaineann le haistriú na sonraí pearsanta, gurb ann do na coimircí sin sna tríú tíortha sin. I gcás nach bhfuil an tríú tír lena mbaineann ina hábhar do chinneadh leordhóthanachta den sórt sin, nó ina páirtí i gcomhaontú idirnáisiúnta ná i gcomhaontú comhair den sórt sin, nó in éagmais ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de, nó i gcás nach gcinneann Europol gurb ann do choimircí iomchuí, ba cheart Europol a bheith in ann toradh a anailíse agus a fhíoraithe ar shonraí den sórt sin a aistriú chuig an tríú tír lena mbaineann i gcomhréir leis an Rialachán seo.
- (37) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, i gcásanna áirithe agus faoi réir coinníollacha, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach agus comhréireach go n-aistreadh Europol sonraí pearsanta chuig páirtithe príobháideacha nach bhfuil bunaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír is ábhar do chinneadh leordhóthanachta nó a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta nó comhaontú comhair tugtha i gcrích leo, nó i gcás nach bhforáiltear do choimircí iomchuí maidir le sonraí pearsanta a chosaint, in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de, nó i gcás nár chinn Europol gurb ann do choimircí iomchuí. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an t-aistriú a bheith faoi réir údarú roimh ré ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

- (38) Chun a áirithiú gur féidir le Europol na haonaid náisiúnta ábhartha uile lena mbaineann a shainaithint, ba cheart dó a bheith in ann páirtithe príobháideacha a chur ar an eolas nuair nach leor an fhaisnéis a thug siad chun a chur ar chumas Europol na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas do na páirtithe príobháideacha sin a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil sé chun a leasa féin faisnéis bhreise a chomhroinnt le Europol agus cibé acu is féidir nó nach féidir leo déanamh amhlaidh go dleathach. Chuige sin, ba cheart do Europol a bheith in ann páirtithe príobháideacha a chur ar an eolas faoi fhaisnéis atá in easnamh, a mhéid is gá sin chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint, agus chun na críche sin amháin. Ba cheart feidhm a bheith ag coimircí speisialta maidir le haistriú faisnéise ó Europol chuig páirtithe príobháideacha i gcás nach bhfuil an páirtí príobháideach lena mbaineann bunaithe laistigh den Aontas ná i dtríú tír is ábhar do chinneadh leordhóthanachta nó a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta nó comhaontú comhair tugtha i gcrích leo, nó i gcás nach bhforáiltear do choimircí iomchuí maidir le sonraí pearsanta a chosaint, in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de, nó i gcás nár chin Europol gurb ann do choimircí iomchuí.
- (39) I gcás ina gcomhroinneann Ballstáit, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó páirtithe príobháideacha tacair sonraí ildlínse nó tacair sonraí nach féidir a chur i leith dlínse sonracha amháin nó roinnt dlínsí sonracha le Europol, d'fhéadfadh sé go bhfuil na tacair sonraí sin nasctha le sonraí pearsanta atá ag páirtithe príobháideacha. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do Europol a bheith in ann iarraidh a chur chuig na Ballstáit, trína n-aonaid náisiúnta, chun na sonraí pearsanta atá i seilbh páirtithe príobháideacha atá bunaithe nó a bhfuil ionadaí dlíthiúil acu ar chríoch na mBallstát sin a fháil. Níor cheart iarraidh den sórt sin a dhéanamh ach amháin i gcás inar gá faisnéis bhreise a fháil ó pháirtithe príobháideacha den sórt sin chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint. Ba cheart an iarraidh a bheith réasúnaithe agus chomh beacht agus is féidir. Ba cheart na sonraí pearsanta ábhartha, ar cheart dóibh a bheith ar na cinn is lú íogaireacht agus a bheith teoranta go docht don mhéid atá riachtanach agus comhréireach chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint, a sholáthar do Europol i gcomhréir le dlí is infheidhme na mBallstát sin. Ba cheart d'údarás inniúla na mBallstát lena mbaineann measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ó Europol agus cinneadh a dhéanamh i gcomhréir lena ndlí náisiúnta féin géilleadh dó. Aon phróiseáil sonraí arna déanamh ag páirtithe príobháideacha agus iarrataí den sórt sin ó údarás inniúla na mBallstát á bpróiseáil acu, ba cheart an phróiseáil sonraí sin leanúint de bheith faoi réir na rialacha is infheidhme, go háirithe maidir le cosaint sonraí. Ba cheart do na páirtithe príobháideacha na sonraí iarrtha a sholáthar d'údarás inniúla na mBallstát lena dtarchur breise chuig Europol. In go leor cásanna, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit lena mbaineann in ann nasc a bhunú lena ndlínse seachas de bhua go bhfuil an páirtí príobháideach ag a bhfuil na sonraí ábhartha bunaithe ina ndlínse nó go bhfuil ionadaí dlíthiúil aige ina ndlínse. D'ainneoin cibé atá nó nach bhfuil dlínse acu maidir leis an gcoir shonrach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, ar aon chor, gur féidir leis na húdaráis inniúla sonraí pearsanta a fháil ó pháirtithe príobháideacha chun críche an fhaisnéis is gá a sholáthar do Europol atá riachtanach chun a chuid cuspóirí a bhaint amach, i gcomhréir iomlán le ráthaíochtaí nós imeachta faoin dlí náisiúnta.
- (40) Chun a áirithiú nach gcoimeádann Europol na sonraí pearsanta a fhaightear go díreach ó pháirtithe príobháideacha níos faide ná mar is gá chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint, ba cheart feidhm a bheith ag teorainneacha ama maidir leis an stóráil a dhéanann Europol ar sonraí pearsanta. A luaithe a bheidh gach bealach atá ar fáil do Europol chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint úsáidte aige, agus nach féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go n-aithneofar aonaid náisiúnta eile lena mbaineann, ní gá agus ní comhréireach a thuilleadh na sonraí pearsanta sin a stóráil chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint. Ba cheart do Europol na sonraí pearsanta a scríosadh laistigh de 4 mhí tar éis a dtarchur deireanach, a n-aistriú deireanach chuig aonad náisiúnta nó a n-aistriú deireanach a dhéanamh chuig an bpointe teagmhála de chuid tríú tír nó chuig údarás tríú tír, mura rud é, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, go ndéanann aonad náisiúnta, pointe teagmhála nó údarás lena mbaineann na sonraí pearsanta a chur faoi bhráid Europol arís laistigh den tréimhse sin mar shonraí dá chuid. Má bhí na sonraí pearsanta a chuireadh isteach arís mar chuid de thacar níos mó sonraí pearsanta, níor cheart do Europol ach na sonraí pearsanta sin a chuir aonad náisiúnta, pointe teagmhála nó údarás lena mbaineann isteach arís a choimeád.
- (41) Níor cheart go ndéanfadh comhar idir Europol agus páirtithe príobháideacha gníomhaíochtaí na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) arna bunú de bhun Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ a dhúbailt ná cur isteach orthu, agus níor cheart go mbainfeadh sé ach le faisnéis nach bhfuil le soláthar cheana do AFAnna i gcomhréir leis an Treoir sin.. Ba cheart do Europol leanúint den chomhar le AFAnna, go háirithe trí na haonaid náisiúnta.

⁽¹²⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

- (42) Ba cheart do Europol a bheith in ann an tacaíocht is gá a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát chun idirghníomhú le páirtithe príobháideacha, go háirithe tríd an mbonneagar is gá a sholáthar le haghaidh idirghníomhaíocht den sórt sin, mar shampla, nuair a tharchuireann údaráis inniúla na mBallstát ábhar sceimhlitheoireachta ar líne nó nuair a sheolann siad orduithe baint anuas a bhaineann le hábhar den sórt sin chuig soláthraithe seirbhíse ar líne de bhun Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ nó nuair a mhalartaíonn siad faisnéis le páirtithe príobháideacha i gcomhthéacs cibirionsaithe. Mar a n-úsáideann na Ballstáit bonneagar Europol le malartú a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann le coireanna nach dtagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol, níor cheart rochtain a bheith ag Europol ar na sonraí sin. Ba cheart do Europol a áirithiú, trí mheáin theicniúla, go bhfuil a bhonneagar teoranta go docht do chainéal a chur ar fáil d'idirghníomhaíochtaí den sórt sin idir údaráis inniúla na mBallstát agus páirtí príobháideach, agus go ndéanfaidh Europol foráil maidir leis na coimircí uile is gá i gcoinne rochtain ag páirtí príobháideach ar fhaisnéis ar bith eile i gcórais Europol, ar fhaisnéis í nach bhfuil baint aici leis an malartú leis an bpáirtí príobháideach sin.
- (43) Tionscnaítear le hionsaithe sceimhlitheoireachta scaipeadh mórsála trí ardáin ar líne d'ábhar sceimhlitheoireachta ina dtaispeántar díobháil á déanamh don bheatha nó do shláine choirp, nó ina n-iarrrat go ndéanfaí díobháil don bheatha nó do shláine choirp go luath, rud a éascaíonn glóiriú na sceimhlitheoireachta agus soláthar oiliúna sceimhlitheoireachta, mar aon le radacú agus earcú daoine aonair eile i ndeireadh thiar. Thairis sin, is minice anois a úsáidtear an t-idirlíon chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a thaifeadadh nó a chomhroinnt, rud a bhunaíonn an díobháil do na híospartaigh toisc gur féidir an t-ábhar a iolrú agus a scaipeadh go héasca. Chun na coireanna a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chosc agus a chomhrac, ba cheart do Europol a bheith in ann tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta i gcomhthéacs géarchéimeanna ar líne a eascraíonn as fíortheagmhais atá fós sa siúl nó a tharla le déanaí, agus ar scaipeadh ar líne ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, agus chun tacú le gníomhaíochtaí soláthraithe seirbhíse ar líne i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus ina ngníomhaíochtaí deonacha. Chuige sin, ba cheart do Europol a bheith in ann sonraí pearsanta ábhartha a mhalartú, lena n-áirítear sínithe digiteacha uathúla neamh-athiontaithe ("haiseanna"), seoltaí IP nó URLanna a bhaineann le hábhar den sórt sin, le páirtithe príobháideacha atá bunaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír is ábhar do chinneadh leordhóthanachta, nó, a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta nó comhaontú comhair tugtha i gcrích leo, nó i gcás ina bhforáiltear do choimircí iomchuí maidir le sonraí pearsanta a chosc in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dhlí de, nó i gcás in gcinnfidh Europol, ar bhonn measúnaithe ar na himthosca go léir a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta, gurb ann do na coimircí sin sa tríú tír sin. Níor cheart malartuithe sonraí pearsanta den sórt sin a dhéanamh chun críocha ábhar sceimhlitheoireachta agus ábhar ar líne a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhaint, go háirithe nuair atáthar ag súil le hiolrú easpóntúil agus mearscaipeadh an inneachair agus an ábhair sin ar fud roinnt soláthraithe seirbhíse ar líne. Níor cheart a thuiscint ó aon ní dá bhfuil sa Rialachán seo go gcuirfead bac ar Bhallstát orduithe baint anuas a úsáid dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/784 mar ionstraim chun aghaidh a thabhairt ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne.
- (44) Chun dúbláil iarrachtaí agus cur isteach féideartha ar imscrúduithe a sheachaint agus chun an t-ualach ar na soláthraithe seirbhíse óstála a ndearnadh difear dóibh a íoslághdú, ba cheart do Europol cúnaimh a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát, faisnéis a mhalartú leo agus dul i gcomhar leo maidir le sonraí pearsanta a tharchur chuig páirtithe príobháideacha agus a aistriú chucu chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ar líne agus ar scaipeadh ar líne ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne.
- (45) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725 rialacha maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Cé go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta riaracháin ag Europol nach mbaineann le himscrúduithe coiriúla, amháil sonraí foirne, níl feidhm ag Airteagal 3, pointe (2), ná ag Caibidil IX den Rialachán sin, lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta, maidir le Europol faoi láthair. Chun cosaint aonfhoirmeach chomhsheasmhach daoine nádúrtha a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart feidhm a bheith ag Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le Europol i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Rialachán sin, agus ba cheart é a chomhlánú le forálacha sonracha maidir leis na hoibríochtaí sonracha próiseála ba cheart do Europol a dhéanamh chun a chúraimí a chur i gcrích. Dá bhrí sin, ba cheart cumhachtaí maoirseachta MECS maidir le hoibríochtaí próiseála Europol a threisiú, i gcomhréir leis na cumhachtaí ábhartha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta riaracháin a bhfuil feidhm acu maidir le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais faoi Chaibidil VI de Rialachán (AE) 2018/1725. Chuige sin, i gcás ina ndéanann Europol sonraí pearsanta

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (IO L 172, 17.5.2021, lch. 79).

a phróiseáil chun críoch oibríochtúla, ba cheart do MECS a bheith in ann a cheangal ar Europol a áirithiú go bhfuil a oibríochtaí próiseála i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus a cheangal go ndéanfar sreabha sonraí chuig faighteoir i mBallstát, i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta a chur ar fionraí, agus ba cheart do MECS a bheith in ann fineáil riaracháin a ghearradh i gcás neamhchomhlíontadh ag Europol.

- (46) D'fhéadfadh próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ a bheith i gceist le próiseáil sonraí chun críocha an Rialacháin seo. Níor cheart a mheas go córasach gur próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta atá i bpróiseáil grianghraif ós rud é nach gcumhdaítear grianghraif leis an sainmhíniú ar shonraí bithmhéadracha faoi Airteagal 3, pointe (18), de Rialachán (AE) 2018/1725 ach amháin nuair a dhéantar iad a phróiseáil trí mhodh sonracha teicniúil lena gceadaítear sainaitheint uathúil nó fiordheimhniú uathúil duine nádúrtha.
- (47) Coimirce thábhachtach atá i sásra an réamhchomhairliúcháin ina dtéitear i gcomhairle le MECS dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2018/1725 do chineálacha nua oibríochtaí próiseála. Níor cheart feidhm a bheith ag an sásra sin maidir le gníomhaíochtaí sonracha oibríochtúla aonair, amhail na tionscadail anailíse oibríochtúla, áfach, ach maidir le húsáid córas nua teicneolaíochta faisnéise chun sonraí pearsanta agus aon athruithe suntasacha ar na córais sin a phróiseáil, ar sonraí nó athruithe iad lena mbainfeadh ardriosca do chearta agus saoirsí ábhar sonraí. Níor cheart a bheith in ann an tréimhse atá ann do MECS chun comhairle i scríbhinn maidir leis na comhairliúcháin sin a sholáthar a chur ar fionraí. I gcás gníomhaíochtaí próiseála a bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leo ó thaobh fheidhmiú chúraimí Europol, ar gníomhaíochtaí iad atá fíorphráinneach, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag Europol, ar bhonn eisceachtúil, an phróiseáil a thionscnamh tar éis an réamhchomhairliúcháin a sheoladh, fiú mura bhfuil an teorainn ama chun comhairle i scríbhinn a sholáthar ó MECS imithe in éag fós. D'fhéadfadh práinn teacht chun cinn i gcásanna a bhfuil tábhacht shuntasach leo i ndáil le feidhmiú chúraimí Europol, nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun bagairt láithreach ciona a thagann faoi chuimsiú Europol a chosc agus a chomhrac agus chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint. Ba cheart do Oifigeach Cosanta Sonraí Europol a bheith rannpháirteach i measúnú a dhéanamh ar phráinn na próiseála sin agus ar an ngá atá léi sula rachaidh in éag an teorainn ama atá ann do MECS chun freagairt ar réamhchomhairliúcháin. Ba cheart do Oifigeach Cosanta Sonraí Europol formhaoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil den sórt sin. Ba cheart MECS a bheith in ann a chumhachtaí a fheidhmiú i ndáil leis an bpróiseáil sin.
- (48) I bhfianaise na ndúshlán atá ann do shlándáil an Aontais de dheasca mearfhorbairt theicneolaíoch agus saothrú teicneolaíochtaí nua ag sceimhlitheoirí agus coirpigh eile, is gá d'údarais inniúla na mBallstát a gcumais teicneolaíochta a neartú chun na sonraí is gá chun imscrúdú a dhéanamh ar choireanna coiriúla a shainaitheint, a dhaingniú agus anailísiú. Ba cheart a cheadú do Europol tacú leis na Ballstáit maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid, le bealaí cur chuige nua a fhiosrú agus le réitigh theicneolaíochta choiteanna a fhorbairt do na Ballstáit chun na coireanna a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos fearr. Ag an am céanna, ba cheart do Europol a áirithiú go bhfuil forbairt, úsáid agus imscaradh teicneolaíochtaí nua á dtreorú ag prionsabail na trédhearcachta agus na hinmhínteachta, na cothroime agus na cuntasachta, agus nach mabineann said sin an bonn de chearta agus saoirsí bunúsacha agus go bhfuil siad i gcomhréir le dlí an Aontais. Chuige sin, ba cheart do Europol a bheith in ann tionscadail taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo laistigh de raon feidhme ginearálta na dtionscadal taighde agus nuálaíochta arna mbunú ag an mBord Bainistíochta i ndoiciméad ceangailteach. Ba cheart an doiciméad sin a nuashonrú i gcás inarb iomchuí agus a chur ar fáil do MECS. Níor cheart é a bheith indéanta do na tionscadail sin próiseáil sonraí pearsanta a áireamh ach amháin ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe, eadhon go bhfuil géarghá le sonraí pearsanta a phróiseáil, nach féidir cuspóir an tionscadail ábhartha a bhaint amach trí shonraí neamhphearsanta a úsáid, amhail sonraí sintéiseacha nó anaithnide, agus go bhfuil lánurraim do chearta bunúsacha á háirithiú ag an am céanna, go háirithe neamh-idirdhealú.

Níor cheart próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta chun críocha taighde agus nuálaíochta a cheadú ach amháin i gcás ina bhfuil fíorghá leis sin. I bhfianaise a íogaire atá próiseáil den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith ag coimirce breise iomchuí, lena n-áirítear bréagaimniú. Chun claonadh sa chinnteoireacht algartamach a chosc, ba cheart cead a bheith ag Europol sonraí pearsanta a phróiseáil nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II. Níor cheart do Europol logaí den phróiseáil sonraí pearsanta go léir arna déanamh a choinneáil i gcomhthéacs a chuid tionscadal taighde agus nuálaíochta chun críche cruinneas thoradh na próiseála sonraí a fhíorú agus chun na críche sin amháin agus níor cheart dó na logaí sin a choinneáil ach a fhad is gá chun an cruinneas a fhíorú. Níor cheart go nglacfaí leis na forálacha le haghaidh uirlisí nua a fhorbairt ag Europol mar bhunús dlí chun iad a imscaradh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. Chun nuálaíocht a spreagadh agus sineirgí sna tionscadail taighde agus nuálaíochta a threisiú, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh Europol dlús lena chomhar le líonra ábhartha chleachtóirí na mBallstát agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach sa réimse sin, agus tacú le cineálacha gaolmhara comhair eile amhail tacaíocht rúnaíochta do Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Inmheánach mar líonra comhoibríoch de shaotharlanna nuálaíochta.

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (49) Ba cheart príomhról a bheith ag Europol maidir le cuidiú leis na Ballstáit chun réitigh theicneolaíochta nua a fhorbairt bunaithe ar intleacht shaorga is ábhartha maidir le cuspóirí Europol a bhaint amach, agus a théann chun tairbhe d'údaráis inniúla na mBallstát ar fud an Aontais. Ba cheart an chabhair sin a sholáthar agus lánurraim á tabhairt do chearta agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear neamh-idirdhealú. Ba cheart príomhról a bheith ag Europol maidir le forbairt agus imscaradh intleachta saorga a chur chun cinn atá eiticiúil, iontaofa agus dírithe ar an duine agus atá faoi réir ag cosaintí i dtéarmaí slándála, sábháilteachta, trédhearcachta, inmhintheachta agus ceart bunúsach.
- (50) Ba cheart do Europol MECS a chur ar an eolas sula seolann sé na tionscadail taighde agus nuálaíochta dá chuid lena mbaineann próiseáil sonraí pearsanta. Ba cheart do Europol a Bhord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi, nó dul i gcomhairle leis, i gcomhréir le critéir áirithe ar cheart iad a leagan amach sna treoirlínte ábhartha. Níor cheart do Europol sonraí chun críche tionscadail taighde agus nuálaíochta a phróiseáil gan toiliú ón mBallstát, ón gcomhlacht Aontais, ón tríú tír nó ón eagraíocht idirnáisiúnta a chuir na sonraí faoi bhráid Europol, ach amháin má tá údarú roimh ré tugtha ag an mBallstát, an comhlacht Aontais, an tríú tír nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta sin i dtaca leis an bpróiseáil sin chun na críche sin. Maidir le gach tionscadal agus roimh an bpróiseáil, ba cheart do Europol measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an ceart chun cosaint sonraí agus cearta agus saoirsí bunúsacha uile ábhar sonraí a urramú go hiomlán. Ba cheart a áireamh leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí measúnú ar oiriúnacht, riachtanas agus comhréireacht na sonraí pearsanta atá le próiseáil chun cuspóir sonrath an tionscadail, lena n-áirítear an ceanglas maidir le híoslachdú sonraí agus measúnú ar aon chlaonadh a d'fhéadfadh a bheith sa toradh agus sna sonraí pearsanta atá le próiseáil chun cuspóir sonrath an tionscadail chomh maith leis na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Ba cheart forbairt uirlisí nua ag Europol a bheith gan dochar don bhunús dlí, lena n-áirítear an bonn le haghaidh na sonraí pearsanta atá i gceist a phróiseáil, a bheadh de dhíth ina dhiaidh sin chun iad a imscaradh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.
- (51) Chun uirlisí breise agus cumais bhreise a sholáthar do Europol, ní mór maoirseacht dhaonlathach agus cuntasacht Europol a threisiú. Is ionann grinnscrúdú comhpháirteach parlaiminteach agus gné thábhachtach den fhaireachán polaitiúil ar ghníomhaíochtaí Europol. Chun faireachán polaitiúil éifeachtach a chumasú ar an mbealach a bhaineann Europol úsáid as uirlisí breise agus cumais bhreise, arna soláthar dó faoin Rialachán seo, ba cheart do Europol faisnéis mhionsonraithe bhliantúil a sholáthar don Ghrúpa um Ghrinnscrúdú Parlaiminteach Comhpháirteach (GGPC) agus do na Ballstáit maidir le forbairt, úsáid agus éifeachtacht na n-uirlisí agus na gcumas sin agus na torthaí ar iad a úsáid, go háirithe faoi thionscadail taighde agus nuálaíochta mar aon le gníomhaíochtaí nua nó bunú aon lárionad nua speisialaithe laistigh de Europol. Thairis sin, ba cheart cuireadh a thabhairt do bheirt ionadaithe ó GGPC, duine acu do Pharlaimint na hEorpa agus duine eile do na parlaimintí náisiúnta chun dhá thoghcheantar GGPC a léiriú, freastal ar dhá ghnáthchruinniú ar a laghad de chuid an Bhoird Bainistíochta in aghaidh na bliana chun labhairt leis an mBord Bainistíochta thar ceann GGPC agus chun plé a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, ar an doiciméad clársceidealaithe aonair agus ar an mbuiséad bliantúil, ar cheisteanna agus freagraí i scríbhinn ó GGPC, chomh maith le caidreamh seachtarach agus comhpháirtíochtaí seachtreacha, agus ról agus freagrachtaí éagsúla an Bhoird Bainistíochta agus GGPC á n-urramú ag an am céanna i gcomhréir leis an Rialachán seo. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, in éineacht le hionadaithe GGPC, a chinneadh cad iad na hábhair eile ar díol spéise polaitiúla iad a bheidh le plé. I gcomhréir leis an ról maoirseachta atá ag GGPC, níor cheart cearta vótála a bheith ag an dá ionadaí de chuid GGPC ar an mBord Bainistíochta. Ba cheart gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta pleanáilte a leagan amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair ina bhfuil clársceidealú ilbhliantúil agus clár oibre bliantúil Europol agus iad a tharchur chuig GGPC.
- (52) Tar éis togra a fháil ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ba cheart don Bhord Bainistíochta Oifigeach um Chearta Bunúsacha a ainmniú a bheadh freagrach as tacú le Europol urraim do chearta bunúsacha a choimirciú ina ghníomhaíochtaí agus ina chúraimí uile, go háirithe tionscadail taighde agus nuálaíochta Europol agus an malartú sonraí pearsanta le páirtithe príobháideacha. Ba cheart é a bheith indéanta ball d'fhoireann Europol atá ann cheana agus ar cuireadh oiliúint speisialta ar an mball foirne sin maidir le dlí agus cleachtas na gceart bunúsach a ainmniú mar Oifigeach um Chearta Bunúsacha. Ba cheart don Oifigeach um Chearta Bunúsacha oibriú i ndlíthchomhar leis an Oifigeach Cosanta Sonraí laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach. A mhéid a bhaineann le gnóthaí cosanta sonraí, ba cheart freagracht iomlán a bheith ar an Oifigeach Cosanta Sonraí.
- (53) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin tacú agus treisiú le húdaráis inniúla na mBallstát agus a gcomhar frithpháirteach maidir le coireacht thromchúiseach a théann i bhfeidhm ar dhá Bhallstát nó níos mó a chosc agus a chomhrac, mar aon le sceimhlitheoireacht agus saghasanna coireachta a dhochraíonn leas coiteann atá ina ábhar do bheartas de chuid an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach mar gheall ar ghné thrasteorann na coireachta tromchúisí agus na sceimhlitheoireachta agus an gá le freagairt chomhordaithe do bhagairtí slándála gaolmhara, agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- (54) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (55) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (56) Chuathas i gcomhairle le MECS i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 8 Márta 2021 ⁽¹⁵⁾.
- (57) Leis an Rialachán seo, urramaítear go hiomlán na cearta agus coimircí bunúsacha, agus cloítear leis na prionsabail atá aitheanta go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”), go háirithe an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint dá bhforáiltear in Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt, chomh maith le hAirteagal 16 CFAE. I bhfianaise a thábhachtaí atá sonraí pearsanta a phróiseáil in obair an fhorfheidhmithe dlí go ginearálta, agus sa tacaíocht a sholáthraíonn Europol go háirithe, ba cheart coimircí, sásraí maoirseachta daonlathaí agus cuntasachta feabhsaithe a bheith san áireamh leis an Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíontar go hiomlán cearta bunúsacha de réir mar atá cumhdaithe sa Chairt, go háirithe na cearta chun combhionannais os comhair an dlí, chun neamhidirdhealú, agus chun leigheas éifeachtach os comhair na cúirte náisiúnta inniúla i gcoinne aon cheann de na bearta a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, agus gníomhaíochtaí agus cúraimí Europol á gcur i gcrích. Tá aon phróiseáil ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo teoranta don mhéid sin atá riachtanach agus comhréireach go docht, agus faoi réir coinníollacha soiléire, ceanglais dhochta agus maoirseacht éifeachtach ag MECS.
- (58) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/794 a leasú dá réir sin.
- (59) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) scriostar pointí (h) go (k) agus pointe (m), pointe (n) agus pointe (o);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (p):

“(p) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta riaracháin’ na sonraí pearsanta a phróiseálann Europol seachas sonraí pearsanta oibríochtúla;”

(c) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

“(q) ciallaíonn ‘sonraí imscrúdaitheacha’ sonraí a bhfuil Ballstát, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle (*), Eurojust nó tríú tír údaraithe a phróiseáil in imscrúdú coiriúil atá ar siúl a bhaineann le Ballstát amháin nó níos mó, i gcomhréir le ceanglais nós imeachta agus coimircí is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, a chuir Ballstát, OIPE, Eurojust nó tríú tír faoi bhráid Europol chun tacú le himscrúdú coiriúil den sórt sin a leanann go fóill agus ina bhfuil sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d’ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(r) ciallaíonn ‘ábhar sceimhlitheoireachta’ ábhar sceimhlitheoireachta mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

(s) ciallaíonn ‘ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne’ ábhar ar líne ar pornagrafaíocht leanaí é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (c) de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) nó léiriú pornagrafach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (e), den Treoir sin;

⁽¹⁵⁾ IO C 143, 23.4.2021, I ch. 6.

- (t) ciallaíonn ‘géarchéim ar líne’ scaipeadh ábhair ar líne a eascraíonn as fíortheamhais atá fós sa siúl nó a tharla le déanaí, ina dtaispeántar díobháil á déanamh don bheatha nó do shláine choirp, nó ina n-iarrtar go ndéanfaí díobháil don bheatha nó do shláine choirp go luath, agus darb aidhm, nó darb éifeacht, pobal a imeaglú go tromchúiseach, ar choinníoll go bhfuil nasc leis an sceimhlitheoireacht nó leis an antoisceachas foréigneach nó ina bhfuil amhras réasúnach ann faoin nasc sin agus go bhfuiltear ag siúl le féidearthacht iolrú easpóntúil agus mearscaipeadh an ábhair sin ar fud roinnt soláthraithe seirbhíse ar líne;
- (u) ciallaíonn ‘catagóir aistrithe sonraí pearsanta’ grúpa aistrithe sonraí pearsanta i gcás ina mbaineann na sonraí leis an gcás sonrath céanna, agus ina inarb éard atá sna haistrithe na catagóirí céanna sonraí pearsanta agus na catagóirí céanna d’ábhair sonraí;
- (v) ciallaíonn ‘tionscadail taighde agus nuálaíochta’ tionscadail a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo le haghaidh algartaim a fhorbairt, a oiliúint, a thástáil agus a bhailíochtú chun uirlisí sonracha agus tionscadail taighde agus nuálaíochta shonracha eile a cheapadh is ábhartha chun cuspoirí Europol a bhaint amach.

(*) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIFE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (IO L 172, 17.5.2021, lch. 79).

(***) Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus lena n-íonadaítear Cinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).;

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an pointe seo a leanas isteach

“(ha) tacaíocht riaracháin agus airgeadais a sholáthar d’aonaid speisialta idirghabhála na mBallstát dá dtagraítear i gCinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle (*);

(*) Cinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir aonaid idirghabhála speisialta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcásanna géarchéime (IO L 210, 6.8.2008, lch. 73).;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

“(j) comhoibriú le comhlachtaí de chuid an Aontais a bunaíodh ar bhonn Theideal V CFAE, le OLAF agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), go háirithe trí fhaisnéis a mhalartú agus trí thacaíocht anailíseach i réimsí a thagann laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach a sholáthar dóibh;

(*) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándaíl theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándaíl) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

“(m) tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun na cineálacha coireachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a chosc agus a chomhrac, ar cineálacha iad a éascaítear, a chuirtear chun cinn nó a dhéantar trí úsáid a bhaint as an idirlíon, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:

(i) cúnaimh a thabhairt d’údaráis inniúla na mBallstát, arna iarraidh sin dóibh, freagairt do chibirionsaithe de bhunús coiriúil amhrasta;

(ii) comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát maidir le horduithe baint anuas i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/784; agus

- (iii) ábhar ar líne a atreorú chuig na soláthraithe seirbhísí ar líne lena mbaineann chun go ndéanfaidh siad é a mheas, go deonach, maidir le comhoiriúnacht an ábhair sin lena dtéarmaí agus lena gcoinníollacha féin;”;
- (iv) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:
- “(r) tacú leis na Ballstáit daoine a shainnithint arb ionann a ngníomhaíochtaí coiriúla agus na cineálacha coireachta a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus is ardriosca slándála iad;
- (s) imscrúduithe comhpháirteacha, comhordaithe agus tosaíochta a éascú i ndáil le daoine dá dtagraítear i bpointe (r);
- (t) tacú leis na Ballstáit próiseáil a dhéanamh ar shonraí arna soláthar ag tríú tíortha nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta do Europol maidir le daoine atá rannpháirteach i sceimhlitheoireacht nó i gcoireacht thromchúiseach agus moladh a dhéanamh go bhféadfadh na Ballstáit, dá rogha féin agus faoi réir fíoraithe agus anailíse na sonraí sin, foláirimh faisnéise ar náisiúnaigh thríú tíortha a iontráil chun leas an Aontais (‘foláirimh faisnéise’) i gCóras Faisnéise Schengen (CFS), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);
- (u) tacaíocht a sholáthar do chur i bhfeidhm an tsásra measúnaithe agus faireacháin chun chur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, faoi chuimsiú chuspóirí Europol, trí shaineolas agus anailísí a sholáthar, i gcás inarb ábhartha;
- (v) faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta is ábhartha chun cuspóirí Europol a bhaint amach agus rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí sin trí thacú le gníomhaíochtaí gaolmhara na mBallstát agus trí na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta dá chuid a chur chun feidhme, lena n-áirítear tionscadail le haghaidh forbairt, oiliúint, tástáil agus bailíochtú algartam chun uirlisí sonracha a fhorbairt lena n-úsáid ag údarásí forfheidhmithe dlí, agus torthaí na gníomhaíochtaí a scaipeadh ar na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 67;
- (w) rannchuidiú le sineirgí a chruthú idir gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chomhlachtaí an Aontais, is ábhartha do chuspóirí Europol a bhaint amach, lena n-áirítear trí Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Inmheánach, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit;
- (x) tacaíocht a thabhairt, arna iarraidh sin dóibh, do ghníomhaíochtaí na mBallstát agus aghaidh á tabhairt acu ar ghéarchéimeanna ar líne, go háirithe tríd an bhfaisnéis is gá a sholáthar do pháirtithe príobháideacha chun ábhar ábhartha ar líne a shainnithint;
- (y) tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ar líne ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne;
- (z) comhoibriú, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) arna mbunú de bhun Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***), trí aonad náisiúnta ábhartha Europol nó, má cheadaíonn an Ballstát ábhartha é, trí theagmháil dhíreach leis na AFAnna, go háirithe trí mhalartú faisnéise agus trí anailísí a sholáthar do na Ballstáit chun tacú le himscrúduithe trasteorann ar ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid na n-eagraíochtaí coiriúla trasnáisiúnta agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta;

(*) Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

(**) Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle (IO L 186, 11.7.2019, lch. 122).

(***) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).”;

(v) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“Ionas go bhféadfaidh Ballstát na Ballstáit eile agus Europol a chur ar an eolas, laistigh de thréimhse 12 mhí ón uair a mhol Europol go bhféadfar foláirimh faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (t) a iontráil, maidir le toradh fhíorú agus anailís na sonraí agus maidir le cibé acu a iontráladh nó nár iontráladh foláireamh isteach in CFS nó nár, cuirfear sásraí tuairiscithe tréimhsiúil i bhfeidhm;

Cuirfidh na Ballstáit Europol ar an eolas maidir le haon fholáirimh faisnéise a cuireadh isteach in CFS agus maidir le haon amas ar na foláirimh faisnéise sin, agus féadfaidh siad, trí Europol, an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta a sholáthair na sonraí as a dtagann an foláireamh faisnéise a chur ar an eolas, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1862.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

“Cuideoidh Europol freisin leis na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme go hoibríochtúil, go háirithe ar an t-Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (Empact), lena n-áirítear trí thacaíocht riaracháin, lóistíochtúil, airgeadais agus oibríochtúil a éascú agus a sholáthar do ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus straitéiseacha a stiúran na Ballstáit.”;

(c) i mír 3, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

“Soláthróidh Europol anailísí um measúnú a bh-agairtí freisin bunaithe ar an bhfaisnéis atá aige maidir le feiniméin agus treochtaí coireachta chun tacú leis an gCoimisiún agus na Ballstáit agus measúnuithe riosca á ndéanamh acu.”;

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“4a. Tabharfaidh Europol cúnaimh do na Ballstáit agus don Choimisiún agus mórthéamaí taighde á sainaitheint acu.

Cuideoidh Europol leis an gCoimisiún chun cláir réime an Aontais um ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta is ábhartha chun cuspóirí Europol a bhaint amach a tharraingt suas agus a chur chun feidhme.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Europol torthaí a chuid gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a scaipeadh mar chuid dá rannchuidiú le sineirgí a chruthú idir gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta comhlachtaí ábhartha an Aontais i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (w).

Déanfaidh Europol na bearta uile is gá chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Ní bhfaighidh Europol maoiniú ó chlár réime ar leith de chuid an Aontais i gcás ina gcuidíonn sé leis an gCoimisiún i ndáil le príomhthéamaí taighde a shainaithint agus i ndáil leis an gclár sin a tharraingt suas agus a chur chun feidhme.

Agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta á gceadh agus á gcoincheapú aige maidir le gnóthaí a chumhdáitear leis an Rialachán seo, féadfaidh Europol, i gcás inarb iomchuí, dul i gcomhairle leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde de chuid an Choimisiúin.

4b. Tacóidh Europol leis na Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na himpleachtaí a mbeifear ag súil leo don tslandáil, chun cásanna sainiúla d'infheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontais a scagadh faoi Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a bhaineann le gnóthais a sholáthraíonn teicneolaíochtaí, lena n-áirítear bogearraí, arna n-úsáid ag Europol chun coireanna a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chosc agus a imscrúdú.

(*) Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1).”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní chuirfidh Europol bearta comhéigneacha i bhfeidhm agus a chuid cúraimí á gcur i gcrích aige.

Féadfaidh baill foirne Europol tacaíocht oibríochtúil a sholáthar d'údarais inniúla na mBallstát le linn dóibh bearta imscrúdaitheacha a fhorghníomhú, arna iarraidh sin dóibh agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, go háirithe trí mhalartú faisnéise trasteorann a éascú, trí thacaíocht fhóiréinseach agus theicniúil a sholáthar agus trí bheith i láthair nuair a dhéantar na bearta sin a fhorghníomhú. Ní bheidh sé de chumhacht ag foireann Europol féin bearta imscrúdaitheacha a fhorghníomhú.”;

(f) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5a. Urramóidh Europol na cearta agus na saoirsí bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘An Chairt’) i gcomhlíonadh a chúraimí.”;

(3) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Gan dochar do mhír 1, i gcás ina measfaidh an Stiúrtóir Feidhmiúcháin gur cheart imscrúdú coiriúil a thionscnamh ar choir shonrach nach mbaineann ach le Ballstát amháin ach lena ndéantar difear do leas coiteann atá ina ábhar do bheartas de chuid an Aontais, is féidir leis an Stiúrtóir a mholadh d’údarais inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, trína aonad náisiúnta, imscrúdú coiriúil den sórt sin a thionscnamh, a dhéanamh nó a chomhordú.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Cuirfidh na haonaid náisiúnta Europol, maidir le haon iarraidh arna déanamh de bhun mhír 1, nó an Stiúrtóir Feidhmiúcháin, maidir le haon togra arna dhéanamh de bhun mhír 1a, ar an eolas maidir le cinneadh údarais inniúla na mBallstát, gan moill mhíchuí.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Cuirfidh Europol Eurojust, agus i gcás inarb ábhartha, OIPE, ar an eolas láithreach faoi aon iarraidh arna déanamh de bhun mhír 1, faoin aon thogra arna dhéanamh de bhun mhír 1a agus faoi aon chinneadh arna dhéanamh ag údarás inniúil de chuid Ballstáit de bhun mhír 2.”;

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh a gcuid AFAnna, laistigh de theorainneacha a shainordaithe agus a zinniúlachta agus faoi réir a choimircí nós imeachta náisiúnta, i dteideal freagra a thabhairt ar iarrataí a bhfuil údar cuí leo a dhéanann Europol i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir (AE) 2019/1153 maidir le faisnéis airgeadais agus anailísí airgeadais, trí aonaid náisiúnta Europol nó má cheadaíonn an Ballstát dó sin, trí theagmháil dhíreach idir FIU agus Europol.”

(5) leasaítear Airteagal 11(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) doiciméad clársceidealaithe aonair amháin, dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún (*), a ghlacadh gach bliain, trí thromlach dhá thrian dá chuid comhaltaí agus i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do chomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).”;

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(v) an tOifigeach um Chearta Bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 41c a ainmniú;

(w) na critéir ar ar a mbonn a bhféadfaidh Europol tograí a eisiúint maidir leis an bhféidearthacht foláirimh a iontráil in CFS.”;

(6) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, faoin 30 Samhain gach bliain, doiciméad clársceidealaithe aonair ina mbeidh clársceidealú ilbhliantúil agus clár oibre bliantúil Europol, ar bhonn dréacht arna chur ar aghaidh ag an Stiúrtóir Feidhmiúcháin, ag cur san áireamh dó tuairim an Choimisiúin agus, a mhéid a bhaineann leis an gclársceidealú ilbhliantúil, déanfaidh sé é sin tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa um Ghrinnscrúdú Parlaiminteach Comhpháirteach (GGPC).

I gcás ina gcinnfidh an Bord Bainistíochta gan an tuairim ón gCoimisiún dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a chur san áireamh, go hiomlán nó go páirteach, tabharfaidh Europol údar críochnúil leis sin.

I gcás ina gcinneadh an Bord Bainistíochta gan na nithe a d'ardaigh GGPC i gcomhréir le hAirteagal 51(2), pointe (c), a chur san áireamh, tabharfaidh Europol údar críochnúil leis sin.

Nuair a bheidh an doiciméad clársceidealaithe aonair glactha ag an mBord Bainistíochta, cuirfidh sé an doiciméad ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig GGPC.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, an chéad fhomhír:

“Leagfar amach sa chlársceidealú ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán, lena n-áirítear na cuspóirí, na torthaí lena bhfuiltear ag súil agus na táscairí feidhmíochta. Leagfar amach ann freisin an phleanáil acmhainní, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil agus an plean bunaíochta. Aireofar ann an straitéis le haghaidh caidreamh le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta atá beartaithe ag Europol.”;

(7) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Féadfaidh an Bord Bainistíochta cuireadh a thabhairt d'aon duine a bhféadfadh go mbeadh a thuairim ábhartha don phlé freastal ar chruinnithe mar bhreathnóir gan ceart vótála.

Tabharfar cuireadh do bheirt ionadaithe ó GGPC chuig dhá ghnáthchruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta in aghaidh na bliana mar bhreathnóirí gan cearta vótála chun na hábhair seo a leanas ar díol spéise polaitiúla iad a phlé:

- (a) an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil chomhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (c), don bhliain roimhe sin;
- (b) an doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 12 don bhliain ina dhiaidh agus an buiséad bliantúil;
- (c) ceistanna agus freagraí i scríbhinn ó GGPC;
- (d) cúrsaí a bhaineann leis an gcaidreamh seachtrach agus le comhpháirtíochtaí.

Féadfaidh an Bord Bainistíochta, in éineacht le hionadaithe GGPC, a chinneadh cad iad na hábhair eile ar díol spéise polaitiúla iad a bheidh le plé ag na cruinnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír.”;

(8) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Féadfaidh an Chomhairle nó GGPC cuireadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt maidir le feidhmiú a chuid dualgas nó a cuid dualgas.”;

(b) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) an dréacht-doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 12 a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le GGPC.”;

(ii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(oa) an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas maidir leis na meabhráin tuisceana arna síniú le páirtithe príobháideacha.”;

(9) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) malartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit, Europol, comhlachtaí eile de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus páirtithe príobháideacha.”;

(ii) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(e) tionscadaíl taighde agus nuálaíochta;

(f) tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun an pobal a chur ar an eolas maidir le daoine atá faoi amhras nó daoine ciontaíthe a bhfuiltear sa tóir orthu bunaithe ar chinneadh breithiúnach a bhaineann le coir a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol, agus é a éascú don phobal faisnéis maidir leis na daoine sin a sholáthar do na Ballstáit agus do Europol.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“3a. Más gá chun cuspóirí thionscadail taighde agus nuálaíochta Europol a bhaint amach, ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críche sin ach i gcomhthéacs thionscadail taighde agus nuálaíochta Europol a mbeidh cuspóirí agus cuspóirí arna sainiú go soiléir acu, agus trína mbíthin sin amháin, agus beidh an phróiseáil sin i gcomhréir le hAirteagal 33a.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Gan dochar d’Airteagal 8(4), Airteagal 18(2), pointe (e), Airteagal 18a, agus próiseáil sonraí de bhun Airteagal 26(6c) i gcás ina n-úsáidtear bonneagar Europol le haghaidh malartuithe déthaobhacha sonraí pearsanta agus nach bhfuil rochtain ag Europol ar inneachar na sonraí, liostaítear in Iarscríbhinn II catagóirí de shonraí pearsanta agus catagóirí d’ábhair sonraí ar féidir a gcuid sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun críocha mhír 2 den Airteagal seo.”;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“5a. I gcomhréir le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), déanfaidh Europol, i gcás inarb infheidhme agus a mhéid is féidir, idirdhealú soiléir idir na sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí éagsúla d’ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II.

(*) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Féadfaidh Europol sonraí a phróiseáil ar bhonn sealadach chun a chinneadh an bhfuil sonraí den sórt sin ábhartha dá chúraimí agus, má tá, chun na críocha dá dtagraítear i mír 2 dá bhfuil siad ábhartha a chinneadh. Ní rachaidh an teorainn ama chun sonraí den sórt sin a phróiseáil thar 6 mhí ón uair a gheofar na sonraí sin.”;

(f) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“6a. Sula ndéanfar sonraí a phróiseáil de bhun mhír 2 den Airteagal seo, i gcás inar fíorghá sin chun a chinneadh an gcomhlíontar mír 5 den Airteagal seo le sonraí pearsanta, agus chun na críche sin amháin, féadfaidh Europol próiseáil shealadach a dhéanamh ar shonraí pearsanta a sholáthrófar dó de bhun Airteagal 17(1) agus (2), lena n-áirítear trí na sonraí sin a sheiceáil i gcoinne na sonraí uile a phróiseálann Europol cheana i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

Déanfaidh Europol sonraí a phróiseáil de bhun na chéad fhomhíre le haghaidh tréimhse nach faide ná 18 mí ón uair a chinneann Europol go dtagann na sonraí sin faoi chuimsiú a chuspóirí, nó i gcásanna lena mbaineann bonn cirt, le haghaidh tréimhse is faide, i gcás inar gá chun críoch an Airteagail seo. Cuirfidh Europol MECS ar an eolas faoi aon fhadú ar an tréimhse próiseála. Ní rachaidh uastréimhse na próiseála de bhun na chéad fhomhíre thar 3 bliana. Déanfar sonraí pearsanta den sórt sin a choimeád deighilte go feidhmiúil ó shonraí eile.

I gcás ina gcinneadh Europol nach gcomhlíontar mír 5 leis na sonraí pearsanta sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, scriosfaidh Europol na sonraí sin, agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé soláthraí na sonraí sin a scriosadh ar an eolas dá réir sin.

6b. Ag gníomhú dó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, tar éis dul i gcomhairle le MECS agus aird chuí á tabhairt ar na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1725, sonródh an Bord Bainistíochta na coinníollacha a bhaineann le próiseáil na sonraí sin dá dtagraítear i mír 6 agus mír 6a den Airteagal seo, go háirithe a mhéid a bhaineann le soláthar, rochtain agus úsáid na sonraí sin, chomh maith leis na teorainneacha ama a bheidh ann maidir le sonraí den sórt sin a stóráil agus a scriosadh, ar teorainneacha ama iad nach rachaidh thar na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 6 agus mír 6a den Airteagal seo.”;

(10) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 18a

Sonraí pearsanta a phróiseáil chun tacú le himscrúdú coiriúil

1. I gcás inar gá é chun tacú le himscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol, féadfaidh Europol sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d’ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a phróiseáil sna cásanna a leanas:

(a) má sholáthraíonn Ballstát, OIPE nó Eurojust sonraí imscrúdaitheacha do Europol de bhun Airteagal 17(1), pointe (a) nó pointe (b), agus má iarrann sé ar Europol tacú leis an imscrúdú sin:

(i) trí bhíthin anailís oibríochtúil de bhun Airteagal 18(2), pointe (c); nó

(ii) i gcásanna eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe, trí chros-seiceáil de bhun Airteagal 18(2), pointe (a);

(b) má mheasann Europol nach féidir an anailís oibríochtúil a dhéanamh de bhun Airteagal 18(2), pointe (c) nó nach féidir an chros-seiceáil a dhéanamh de bhun Airteagal 18(2), pointe (a), chun tacú leis an imscrúdú sin gan sonraí pearsanta nach gcomhlíontar riachtanais Airteagal 18(5) leo a phróiseáil.

Déanfar torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), a thaifeadadh agus a sheoladh chuig MECS mar eolas nuair a scoireann Europol de bheith ag tacú leis an imscrúdú dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Nuair nach bhfuil an Ballstát dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), údaraithe a thuilleadh na sonraí a phróiseáil san imscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill, dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir leis na ceanglais agus coimircí nós imeachta faoina dhlí náisiúnta is infheidhme, cuirfidh sé Europol ar an eolas faoi.

I gcás ina sholáthróidh OIPE nó Eurojust sonraí imscrúdaitheacha do Europol, agus i gcás nach bhfuil siad údaraithe a thuilleadh na sonraí sin a phróiseáil san imscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill, dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir le ceanglais agus coimircí nós imeachta is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta, cuirfidh siad Europol ar an eolas faoi.

3. Chomh fada agus a thacaíonn Europol leis an imscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill dár soláthraíodh na sonraí imscrúdaitheacha i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), den Airteagal seo, is féidir le Europol, chun tacú leis an imscrúdú sin agus chun na críche sin amháin, sonraí imscrúdaitheacha a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18(2).

4. Féadfaidh Europol na sonraí imscrúdaitheacha dár soláthraíodh i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), agus torthaí a chuid próiseála arna déanamh ar na sonraí sin a stóráil tar éis na tréimhse próiseála a leagtar amach i mír 3, arna iarraidh sin do sholáthraí na sonraí imscrúdaitheacha sin, chun fírinneacht, iontaofacht agus inrianaitheacht phróiseas na faisnéise coiriúla a áirithiú agus chun na críche sin amháin, agus gan ach chomh fada agus a bheidh na himeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis an imscrúdú coiriúil sonracha sin dár soláthraíodh na sonraí ar siúl.

Féadfaidh soláthraithe na sonraí imscrúdaitheacha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), nó, lena dtoil, Ballstát ina bhfuil imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le himscrúdú coiriúil gaolmhar a leanann go fóill, a iarraidh ar Europol na sonraí imscrúdaitheacha agus torthaí a chuid anailíse oibríochtúla ar na sonraí sin a stóráil tar éis na tréimhse próiseála a leagtar amach i mír 3, chun fírinneacht, iontaofacht agus inrianaitheacht phróiseas na faisnéise coiriúla a áirithiú, agus gan ach chomh fada agus a bheidh na himeachtaí breithiúnacha a bhaineann le himscrúdú coiriúil gaolmhar ar siúl sa Bhallstát eile sin.

5. Gan dochar do phróiseáil sonraí pearsanta faoi Airteagal 18(6a), déanfar sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d’ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a choimeád deighilte go feidhmiúil ó shonraí eile agus ní cheadófar iad a phróiseáil ach i gcás inar comhréireach agus inar gá sin chun críocha mhír 3, mhír 4 agus mhír 6 den Airteagal seo.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar mholadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus tar éis dul i gcomhairle le MECS, na coinníollacha a bhaineann le soláthar agus próiseáil sonraí pearsanta i gcomhréir le mír 3 agus mír 4 a shonrú.

6. Beidh feidhm freisin ag míreanna 1 go 4 den Airteagal seo i gcás ina soláthraíonn tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), (b), nó (c), nó in Airteagal 25(4a), sonraí pearsanta do Europol agus ina soláthraíonn an tríú tír sonraí imscrúdaitheacha do Europol le haghaidh anailís oibríochtúil lena rannchuidítear le himscrúdú coiriúil sonracha i mBallstát amháin nó níos mó lena dtacaíonn Europol, ar choinníoll go bhfuair an tríú tír na sonraí i gcomhthéacs imscrúdú coiriúil i gcomhréir leis na ceanglais agus na coimircí nós imeachta is infheidhme faoina dlí náisiúnta coiriúil.

I gcás ina soláthróidh tríú tír sonraí imscrúdaitheacha do Europol i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, féadfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí, i gcás inarb iomchuí, fógra a thabhairt do MECS ina leith.

Fíoróidh Europol nach bhfuil an méid sonraí pearsanta dá dtagraítear sa chéad fhomhír díréireach go follasach i ndáil leis an imscrúdú coiriúil sonracha sa Bhallstát lena mbaineann. I gcás ina gcinnfidh Europol go bhfuil comhartha ann go bhfuil na sonraí díréireach go follasach nó go bhfuarthas iad agus cearta bunúsacha á sárú go follasach, ní dhéanfaidh Europol na sonraí a phróiseáil agus scriosfaidh sé iad.

Ní dhéanfaidh Europol sonraí pearsanta a phróiseáiltear de bhun na míre seo a rochtain ach amháin i gcás inar gá sin chun tacú leis an imscrúdú coiriúil sonracha dár soláthraíodh iad. Ní dhéanfar na sonraí pearsanta sin a chomhroinnt ach amháin laistigh den Aontas.”;

(11) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

“1. Is Ballstát, comhlacht de chuid an Aontais, tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta a sholáthraíonn faisnéis do Europol a chinnfidh an chríoch nó na críocha dá ndéanfar próiseáil ar an bhfaisnéis sin, i gcomhréir le hAirteagal 18.

I gcás nach gcomhlíonann soláthraí faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír an fhomhír sin, déanfaidh Europol, i gcomhaontú le soláthraí na faisnéise lena mbaineann, an fhaisnéis a phróiseáil chun ábharthacht na faisnéise sin a chinneadh, agus chun an chríoch nó na críocha dá ndéanfar tuilleadh próiseála uirthi a chinneadh freisin.

Ní dhéanfaidh Europol próiseáil ar fhaisnéis le haghaidh cuspóir atá difriúil ón gcuspóir ar cuireadh an fhaisnéis ar fáil ach amháin i gcás ina dtabharfaidh soláthraí na faisnéise údarás dó déanamh amhlaidh.

Faisnéis a sholáthraítear chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointí (a) go (d), féadfaidh Europol iad a phróiseáil freisin chun críoch Airteagal 18(2), pointe (e), i gcomhréir le hAirteagal 33a.

2. Féadfaidh na Ballstáit, comhlachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, tráth a sholáthrófar faisnéis do Europol, aon srian ar rochtain uirthi nó ar an úsáid atá le baint aisti a chur in iúl, i dtéarmaí ginearálta nó i dtéarmaí sonracha, lena n-áirítear maidir le haistriú, tarchur, léiscríosadh nó díothú na faisnéise sin. I gcás ina mbeidh sé soiléir go bhfuil gá le srianta den sórt sin tar éis an fhaisnéis a sholáthar, cuirfidh siad Europol ar an eolas dá réir. Cloífidh Europol leis na srianta sin.”;

(12) leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“2a. Faoi chuimsiú tionscadail anailíse oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 18(3) agus faoi réir na rialacha agus na gcoimircí maidir le próiseáil sonraí pearsanta a leagtar amach sa Rialachán seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an fhaisnéis a dhéanfaidh Europol inrochtana go díreach ag Ballstáit roghnaithe eile le haghaidh anailíse oibríochtúla chomhpháirteach in imscrúduithe sonracha a leanann go fóill, gan dochar d’aon srianta a shonraítear de bhun Airteagal 19(2), agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sna treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 18(7) á leanúint.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

“3. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ní dhéanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 2a a rochtain ná a phróiseáil a thuilleadh ach chun an méid seo a leanas a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.”;

(13) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 20a

Caidreamh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Eorpaigh

1. Déanfaidh Europol caidreamh dlúth a bhunú agus a choimeád le OIPE. Faoi chuimsiú an chaidrimh sin, gníomhóidh Europol agus OIPE laistigh dá sainorduithe agus dá n-inniúlachtaí féin faoi seach. Chun na críche sin, tabharfaidh siad socrú oibre chun críche lena leagtar amach módúlachtaí an chomhair dá gcuid.

2. Arna iarraidh sin do OIPE i gcomhréir le hAirteagal 102 de Rialachán (AE) 2017/1939, tacóidh Europol le himscrúduithe OIPE agus comhoibreoidh sé leis, trí fhaisnéis agus tacaíocht anailíseach a sholáthar, go dtí go gcinnfidh OIPE an ndéanfar an cás a ionchúiseamh nó a dhiúscairt.

3. Chun faisnéis a sholáthar do OIPE faoi mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh Europol gach beart iomchuí chun a chur ar chumas OIPE rochtain indíreach a bheith aige ar bhonn córais ‘amas a fháil/gan amas a fháil’ ar shonraí a bhaineann le cionta a thagann faoi inniúlacht OIPE, dá bhforáiltear chun críocha Airteagal 18(2), pointe (a), pointe (b) agus pointe (c). Ní thabharfaidh an córas ‘amas a fháil/gan amas a fháil’ fógra ach amháin do Europol i gcás amais agus gan dochar d’aon srianta arna sonrú de bhun Airteagal 19(2) ag na soláthraithe faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 19(1).

I gcás amais, tionscnóidh Eurojust an nós imeachta trína bhféadfadh an fhaisnéis ba chúis leis an mbrath a chomhroinnt, i gcomhréir leis an gcinneadh ó sholáthraí na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 19(1), agus sa mhéid gurb ábhartha na sonraí is cúis leis an amas don iarraidh a rinneadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo.

4. Tuairisceoidh Europol, gan moill mhíchúí, do OIPE aon iompar coiriúil a bhféadfadh OIPE a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 25(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/1939 agus gan dochar d’aon srianta arna sonrú de bhun Airteagal 19(2) den Rialachán seo ag soláthraí na faisnéise.

I gcás ina dtuairisceoidh Europol do OIPE faoin gcéad fhomhír, tabharfaidh Europol fógra gan mhoill do na Ballstáit lena mbaineann.

I gcás inar sholáthair Ballstát faisnéis a bhaineann le hiompar coiriúil a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith do Europol a léirigh srianta le húsáid na faisnéise sin de bhun Airteagal 19(2) den Rialachán seo, tabharfaidh Europol fógra do OIPE gurb ann do na srianta sin agus cuirfidh sé an t-ábhar faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann. Rachaidh an Ballstát lena mbaineann i dteagmháil go díreach le OIPE chun Airteagal 24(1) agus (4) de Rialachán (AE) 2017/1939 a chomhlíonadh.”;

(14) in Airteagal 21, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. Má aithníonn Europol, le linn dó faisnéis a phróiseáil i ndáil le himscrúdú sonrath coiriúil nó tionscadal taighde agus nuálaíochta, faisnéis is ábhartha do ghníomhaíocht neamhdhleathach fhéideartha a dhéanann difear do leas airgeadais an Aontais, soláthróidh Europol an fhaisnéis sin gan mhoill do OLAF gan dochar d’aon srianta arna sonrú de bhun Airteagal 19(2) ag an mBallstát a sholáthair an fhaisnéis.

Nuair a soláthróidh Europol faisnéis do OLAF faoin gcéad fhomhír, tabharfaidh Europol fógra gan mhoill do na Ballstáit lena mbaineann.”;

(15) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Beidh cosc ar Bhallstáit, ar chomhlachtaí de chuid an Aontais, ar thríú tíortha, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ar pháirtithe príobháideacha sonraí pearsanta atá i seilbh Europol a aistriú ar aghaidh mura mbeidh údarú tugtha go sainráite ag Europol roimh ré.”;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 2:

“Sonraí pearsanta a aistriú agus a mhalartú”;

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

“Airteagal 24

Tarchur sonraí pearsanta chuig comhlachtaíde chuid an Aontais

1. Ní dhéanfaidh Europol sonraí pearsanta a tharchur chuig comhlacht de chuid an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 faoi réir aon srianta breise de bhun an Rialacháin seo, agus gan dochar d’Airteagal 67 den Rialachán seo, ach amháin má tá na sonraí sin comhréireach agus riachtanach i gcomhair fheidhmiú dlisteanach chúraimí an chomhlachta de chuid an Aontais a fhaigheann na sonraí pearsanta sin.

2. Tar éis iarraidh ar tharchur sonraí pearsanta ó chomhlacht eile de chuid an Aontais, fforóidh Europol inniúlacht an chomhlachta eile sin de chuid an Aontais. I gcás nach mbeidh Europol in ann a dheimhniú go bhfuil tarchur na sonraí pearsanta riachtanach i gcomhréir le mír 1, lorgóidh Europol tuilleadh faisnéise ón gcomhlacht iarrthach sin de chuid an Aontais.

Áiritheoidh an comhlacht iarrthach de chuid an Aontais gur féidir a fhíorú gur ghá na sonraí pearsanta a tharchur.

3. Ní dhéanfaidh an comhlacht de chuid an Aontais a fhaigheann na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch dá ndearnadh iad a tharchur.”;

(18) leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear an fhoclaíocht tosaigh mar a leanas:

“1. Faoi réir srianta ar bith a shonraítear de bhun Airteagal 19(2) nó (3) agus gan dochar d’Airteagal 67, féadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarais inniúla de chuid tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, ar choinníoll go bhfuil an t-aistriú sin riachtanach chun go bhfeidhmeodh Europol a chúraimí, ar bhonn ceann amháin de na nithe seo a leanas:”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) cinneadh ón gCoimisiún a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680, ar cinneadh é lena gcinntear go n-áirithíonn an tríú tír, críoch nó earnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh den tríú tír sin, nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht leibhéal leordhóthanach cosanta (‘cinneadh leordhóthanachta’);”;

(b) scriostar mír 3;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“4a. In éagmais cinneadh leordhóthanachta, féadfaidh an Bord Bainistíochta údarú a thabhairt do Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás inniúil de chuid tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta sna cásanna seo a leanas:

(a) foráiltear do choimircí iomchuí i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de, nó

(b) tá measúnú déanta ag Europol ar na cúinsí ar fad a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta agus chinn sé gurb ann do na coimircí iomchuí i ndáil leis na sonraí pearsanta a chosaint.”;

(d) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

“De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, aistriú sonraí pearsanta nó catagóirí d’aistrithe sonraí pearsanta chuig údarás inniúil de chuid tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a údarú de réir an cháis más rud é gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an aistriú, nó leis an gcatagóir d’aistrithe:”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) tá sé riachtanach leasanna dlisteanacha ábhair sonraí a chosaint.”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Cuirfidh Europol MECS ar an eolas faoi chatagóirí d’aistrithe faoi mhír 4a, pointe (b). I gcás ina ndéantar aistriú i gcomhréir le mír 4a nó 5, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil do MECS arna iarraidh sin. Áireofar sna doiciméid taifead ar dháta agus ar am an aistrithe, agus faisnéis faoin údarás inniúil dá dtagraítear san Airteagal seo, faoin mbonn cirt leis an aistriú agus faoi na sonraí pearsanta a aistríodh.”;

(19) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) údarás de chuid tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 25(4a).”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás ina bhfaighidh Europol sonraí pearsanta go díreach ó thrú páirtithe, féadfaidh sé na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na haonaid náisiúnta uile lena mbaineann a shainaitheint, dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo. Déanfaidh Europol na sonraí pearsanta agus torthaí ábhartha ar bith ar phróiseáil riachtanach na sonraí sin chun críche dlínse a shocrú a chur ar aghaidh chuig na haonaid náisiúnta lena mbaineann láithreach bonn. Féadfaidh Europol na sonraí pearsanta agus torthaí ábhartha ar phróiseáil riachtanach na sonraí sin chun críche dlínse a shocrú a chur ar aghaidh, i gcomhréir le hAirteagal 25 chuig pointí teagmhála agus chuig údaráis lena mbaineann, dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) agus pointe (c), den Airteagal seo. Mura féidir le Europol aon aonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaitheint, nó más rud é go bhfuil na sonraí pearsanta ábhartha sainaitheanta curtha ar aghaidh aige cheana chuig na haonaid náisiúnta uile lena mbaineann faoi seach a sainaitheint, agus mura bhfuil sé indéanta aonaid náisiúnta bhreise lena mbaineann a shainaitheint, scríofaídh sé na sonraí, mura gcuireann an t-aonaid náisiúnta, pointe teagmhála nó údarás lena mbaineann na sonraí isteach arís chuig Europol i gcomhréir le hAirteagal 19(1) laistigh de 4 mhí tar éis an tarchuir nó an aistrithe.

Leagfar amach sna treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 18(7) critéir maidir le cibé an ionann nó nach ionann aonaid náisiúnta Bhallstát bunáochta an pháirtí príobháidigh ábhartha agus aonaid náisiúnta lena mbaineann.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. Ní dhéanfaidh aon chomhoibriú a dhéanfaidh Europol le páirtithe príobháideacha dúbláil ar ghníomhaíochtaí AFAnna na mBallstát ná ní chuirfidh sé isteach ar na gníomhaíochtaí sin, ná ní bhainfidh sé le faisnéis atá le soláthar do AFAnna chun críocha Threoir (AE) 2015/849.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. I gcás ina bhfaigheann Europol sonraí pearsanta ó pháirtí príobháideach atá bunaithe i dtríú tír, ní chuirfidh Europol na sonraí sin agus torthaí a anailíse agus a fhíoraithe ar na sonraí sin ar aghaidh ach chuig Ballstát, nó chuig tríú tír lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), (b) nó (c) nó in Airteagal 25(4a).

Gan dochar don chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh Europol na torthaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a aistriú chuig an tríú tír lena mbaineann de bhun Airteagal 25(5) nó (6).”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mír 6:

“5. Ní dhéanfaidh Europol sonraí pearsanta a tharchur ná a aistriú chuig páirtithe príobháideacha, seachas sna cásanna seo a leanas agus ar choinníoll go bhfuil fíorghá leis an tarchur nó an aistriú den sórt sin is agus go bhfuil sé comhréireach déanamh amhlaidh, a bheidh le cinneadh ar bhonn cás ar chás:

(a) tá an tarchur nó an t-aistriú gan amhras chun leasa an ábhair sonraí;

(b) tá géarghá leis an tarchur nó leis an aistriú ar mhaithe le coir atá ar tí a tharlú a chosc, agus sceimhlitheoireacht san áireamh, ar coir í a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol;

- (c) tá géarghá le tarchur nó aistriú sonraí pearsanta atá ar fáil go poiblí chun an cúram dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (m), a chomhlíonadh agus comhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
- (i) baineann an tarchur agus an t-aistriú le cás sonrach aonair;
 - (ii) níl cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha na n-ábhar sonraí lena mbaineann níos tábhachtaí ná leas an phobail a d'éileodh go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a tharchur nó a aistriú sa chás lena mbaineann; nó
- (d) tá géarghá leis an tarchur nó leis an aistriú ionas gur féidir le Europol fógra a thabhairt don pháirtí príobháideach sin nach bhfuil an fhaisnéis a fuarthas imleor chun a chur ar chumas Europol na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint, agus comhlíontar na coinníollacha a leanas:
- (i) déantar an tarchur nó an t-aistriú tar éis sonraí pearsanta a fháil go díreach ó pháirtí príobháideach i gcomhréir le mír 2;
 - (ii) tá nasc soiléir idir an fhaisnéis atá in easnamh, dá bhféadfadh Europol tagairt a dhéanamh ina fhógra uaidh, agus an fhaisnéis a roinn an páirtí príobháideach sin roimhe seo;
 - (iii) tá an fhaisnéis atá in easnamh, dá bhféadfadh Europol tagairt a dhéanamh ina fhógra uaidh, teoranta go docht don mhéid atá riachtanach do Europol chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint.

Tá an tarchur nó an t-aistriú dá dtagraítear sa chéad fohmhir den mhír seo faoi réir aon srianta a shonraítear de bhun Airteagal 19(2) nó (3) agus tá sé gan dochar d'Airteagal 67.

6. Maidir le mír 5, pointe (a), pointe (b) agus pointe (d), den Airteagal seo, mura bhfuil an páirtí príobháideach lena mbaineann bunaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), pointe (b) nó pointe (c), nó in Airteagal 25(4a), ní dhéanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an t-aistriú a údarú ach amháin má bhaineann na nithe a leanas leis an aistriú:

- (a) tá sé riachtanach chun leasanna bunúsacha an ábhair sonraí lena mbaineann nó duine eile a chosaint;
- (b) tá sé riachtanach chun leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí lena mbaineann a chosaint;
- (c) tá sé fíor-riachtanach chun bagairt thromchúiseach láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit nó tríú tír a chosc;
- (d) tá sé riachtanach i gcásanna aonair chun cion coiriúil ar leith a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh; nó
- (e) tá sé riachtanach i gcásanna aonair chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint, ar éilimh iad a bhaineann le cion coiriúil sonrach a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh.

Ní dhéanfar sonraí pearsanta a aistriú má chinneann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin go bhfuil cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí lena mbaineann níos tábhachtaí ná leas an phobail lena n-éilítear an aistriú dá dtagraítear sa chéad fohmhir, pointe (d) agus pointe (e), den mhír seo.”;

- (f) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“6a. Gan dochar do mhír 5, pointe (a), pointe (c) agus pointe (d), den Airteagal seo agus do ghníomhartha eile dlí de chuid an Aontais, ní bheidh aistrithe ná tarchuir sonraí pearsanta faoi mhír 5 agus mír 6 córasach, ollmhór ná struchtúrach.

6b. Féadfadh Europol a iarraidh ar Bhallstáit, trína n-aonaid náisiúnta, sonraí pearsanta a fháil i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ó pháirtithe príobháideacha atá bunaithe nó a bhfuil ionadaí dlíthiúil acu ina gcríoch, chun críche na sonraí sin a chomhroinnt le Europol. Beidh iarrataí den sórt sin réasúnaithe agus beidh siad chomh beacht agus is féidir. Beidh sonraí pearsanta den sórt sin ar an leibhéal íogaireachta is lú dár féidir agus teoranta go docht don mhéid atá riachtanach agus comhréireach chun críche Europol a chumasú chun na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint.

D'anneoin dhlínse na mBallstát ar an gcoir shonrach, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir lena n-údarais inniúla na hiarrataí dá dtagraítear sa chéad fohmhir a phríoiseáil i gcomhréir lena ndlí náisiúnta chun críche an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do Europol ionas gur féidir leis na haonaid náisiúnta lena mbaineann a shainaithint.

6c. Féadfar bonneagar Europol a úsáid le haghaidh malartuithe idir údaráis inniúla na mBallstát agus páirtithe príobháideacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta faoi seach. Leis na malartuithe sin, féadfar coireanna nach dtagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chumhdach freisin.

I gcás ina n-úsáideann na Ballstáit bonneagar Europol le haghaidh malartú sonraí pearsanta a bhaineann le coireanna a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol, féadfaidh siad rochtain a thabhairt do Europol ar na sonraí sin.

I gcás ina n-úsáideann na Ballstáit an bonneagar sin chun sonraí pearsanta a mhalartú maidir le coireanna nach dtagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol, ní bheidh rochtain ag Europol ar na sonraí sin agus measfar gur próiseálaí é i gcomhréir le hAirteagal 87 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Déanfaidh Europol measúnú ar na rioscaí slándála a bhaineann le páirtithe príobháideacha a cheadú a bhonneagar a úsáid, agus, i gcás inar gá, déanfaidh sé bearta coisctheacha agus maolaitheacha iomchuí a chur chun feidhme.”;

(g) scriostar mír 9 agus mír 10;

(h) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“11. Ullmhóidh Europol tuarascáil bhliantúil don Bhord Bainistíochta maidir leis na sonraí pearsanta a malartaíodh le páirtithe príobháideacha de bhun Airteagal 26, Airteagal 26a agus Airteagal 26b ar bhonn critéar meastóireachta cainníochtúil agus cáilíochtúil arna mbunú ag an mBord Bainistíochta.

Sa tuarascáil bhliantúil, áireofar samplaí sonracha de chásanna lena léirítear cén fáth a raibh na hiarrataí a rinne Europol i gcomhréir le mír 6b den Airteagal seo riachtanach chun a chuid cuspóirí a bhaint amach agus chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.

Cuirfear san áireamh sa tuarascáil bhliantúil oibleagáidí discréide agus rúndachta agus déanfar na samplaí a anaithnídiú a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta.

Chuirfear an tuarascáil bhliantúil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na gComhairle, an Choimisiúin agus na bparlaimintí náisiúnta.”;

(20) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 26a

Malartú sonraí pearsanta le páirtithe príobháideacha i gcásanna géarchéime ar líne

1. I gcásanna géarchéime ar líne, féadfaidh Europol sonraí pearsanta a fháil go díreach ó pháirtithe príobháideacha agus féadfaidh sé na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18.

2. I gcás ina bhfaigheann Europol sonraí pearsanta ó pháirtí príobháideach atá bunaithe i dtríú tír, ní chuirfidh Europol na sonraí sin ná torthaí a chuid anailíse agus a fhíoraithe ar na sonraí sin ar aghaidh ach amháin chuig Ballstát, nó chuig tríú tír lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 25(4a).

Féadfaidh Europol torthaí a anailíse agus a fhíoraithe ar na sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a aistriú chuig an tríú tír lena mbaineann de bhun Airteagal 25(5) nó (6).

3. Féadfaidh Europol sonraí pearsanta a tharchur nó a aistriú chuig páirtithe príobháideacha, ar bhonn cás ar chás, faoi réir aon srianta a shonraítear de bhun Airteagal 19(2) nó (3) agus gan dochar d’Airteagal 67, i gcás ina bhfuil géarghá le tarchur nó aistriú a leithéidí de shonraí chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ar líne, agus i gcás nach sáróidh cearta bunúsacha nó saoirsí na n-ábhar sonraí lena mbaineann leas an phobail lena n-éilítear go ndéanfar na sonraí pearsanta sin a tharchur nó a aistriú.

4. I gcás nach bhfuil an páirtí príobháideach lena mbaineann bunaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 25(4a), éileofar údarú ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin don aistriú.

5. Cuideoidh Europol leis na húdaráis inniúla, malartóidh sé faisnéis agus comhoibreoidh sé le húdaráis inniúla na mBallstát maidir le tarchur nó aistriú sonraí pearsanta chuig páirtithe príobháideacha faoi mhír 3 nó 4, go háirithe chun dúbláil iarrachta a sheachaint, chun comhordú a fheabhsú agus chun a sheachaint go gcuirfí isteach ar imscrúduithe sna Ballstáit éagsúla.

6. Féadfaidh Europol a iarraidh ar Bhallstáit, trína n-aonaid náisiúnta i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, sonraí pearsanta a fháil ó pháirtithe príobháideacha atá bunaithe nó a bhfuil ionadaí dlíthiúil acu ina gcóir, chun críche na sonraí sin a chomhroinnt le Europol. Beidh iarrataí den sórt sin réasúnaithe agus beidh sí chomh beacht agus is féidir. Beidh na sonraí pearsanta sin ar an leibhéal íogaireachta is lú dár féidir agus beidh siad teoranta go docht don mhéid atá riachtanach agus comhréireach chun críche Europol a chumasú chun tacú leis na Ballstáit maidir le haghaidh a thabhairt ar chásanna géarchéime ar líne.

D'ainneoin dhlínse na mBallstát maidir le scaipeadh an ábhair a n-iarrann Europol na sonraí pearsanta ina leith, áiríteoidh Ballstáit go bhféadfaidh a n-údarais inniúla na hiarrataí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a phróiseáil i gcomhréir lena ndlí náisiúnta chun críche an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do Europol ionas gur féidir leis a chuspóirí a bhaint amach.

7. Áiríteoidh Europol go ndéanfar taifid mhionsonraithe de gach aistriú de shonraí pearsanta mar aon leis na forais a bhí le haistriú den sórt sin a choimeád i gcomhréir leis an Rialachán seo. Arna iarraidh sin do MECS, cuirfidh Europol na taifid sin ar fáil do MECS de bhun Airteagal 39a.

8. Má dhéantar difear, leis na sonraí pearsanta a fhaightear nó a bheidh le haistriú, do leasanna Ballstáit, cuirfidh Europol aonad náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann ar an eolas láithreach.

Airteagal 26b

Malartú sonraí pearsanta le páirtithe príobháideacha chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ar líne ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne

1. Féadfaidh Europol sonraí pearsanta a fháil go díreach ó pháirtithe príobháideacha agus féadfaidh sé na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18 chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ar líne ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (y).

2. I gcás ina bhfaigheann Europol sonraí pearsanta ó pháirtí príobháideach atá bunaithe i dtríú tír, ní cuirfidh Europol na sonraí sin agus torthaí a anailíse agus a fhóraithe ar na sonraí sin ar aghaidh ach amháin chuig Ballstát, nó chuig tríú tír lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), pointe (b) nó pointe (c), nó in Airteagal 25(4a).

Féadfaidh Europol torthaí a anailíse agus a fhóruithe ar na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a aistriú chuig an tríú tír lena mbaineann de bhun Airteagal 25(5) nó (6).

3. Féadfaidh Europol sonraí pearsanta a tharchur nó a aistriú chuig páirtithe príobháideacha, ar bhonn cás ar chás, faoi réir aon srianta a shonraítear de bhun Airteagal 19(2) nó (3) agus gan dochar d'Airteagal 67, i gcás ina bhfuil géarghá le tarchur nó aistriú a leithéidí de shonraí chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ar líne ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (y), agus nach bhfuil cearta bunúsacha nó saoirsí na n-ábhar sonraí lena mbaineann níos tábhachtaí ná leas an phobail lena n-éilítear go ndéanfar na sonraí pearsanta sin a tharchur nó a aistriú.

4. I gcás nach bhfuil an páirtí príobháideach lena mbaineann bunaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 25(4a), éileofar údarú ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin don aistriú.

5. Cuideoidh Europol leis na húdarais inniúla, malartóidh sé faisnéis agus comhoibreoidh sé le húdarais inniúla na mBallstát maidir le tarchur nó aistriú sonraí pearsanta chuig páirtithe príobháideacha faoi mhír 3 nó mír 4, go háirithe chun dúbláil iarrachta a sheachaint, chun comhordú a fheabhsú agus chun a sheachaint go gcuirfí isteach ar imscrúduithe sna Ballstáit éagsúla.

6. Féadfaidh Europol a iarraidh ar Bhallstáit, trína n-aonaid náisiúnta, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, sonraí pearsanta a fháil ó pháirtithe príobháideacha, atá bunaithe nó a bhfuil ionadaí dlíthiúil acu ina gcóir, chun críche na sonraí sin a chomhroinnt le Europol. Beidh iarrataí den sórt sin réasúnaithe agus beidh sé chomh beacht agus is féidir. Beidh sonraí pearsanta den sort sin ar an leibhéal íogaireachta is lú agus is féidir agus beidh siad teoranta go docht don mhéid atá comhréireach agus riachtanach chun críche Europol a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (y).

D'ainneoin dhlínse na mBallstát maidir le scaipeadh an ábhair a n-iarrann Europol na sonraí pearsanta ina leith, áiríteoidh na Ballstáit gur féidir le-húdarais inniúla na mBallstát na hiarrataí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a phróiseáil i gcomhréir lena ndlí náisiúnta chun críche an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do Europol ionas gur féidir leis a chuspóirí a bhaint amach.

7. Áiritheoidh Europol go ndéanfar taifid mhionsonraithe de gach aistriú de shonraí pearsanta mar aon leis na forais a bhí le haistriú den sórt sin a choimeád i gcomhréir leis an Rialachán seo. Arna iarraidh sin do MECS, cuirfidh Europol na taifid sin ar fáil do MECS de bhun Airteagal 39a.

8. Má dhéantar dochar leis na sonraí pearsanta a fhaightear nó a bheidh le haistriú do leasanna Ballstáit, cuirfidh Europol aonad náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann ar an eolas láithreach bonn.”;

(21) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

“1. A mhéid atá sé riachtanach do Europol a chuid cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh Europol faisnéis de thionscnamh daoine príobháideacha a fháil agus a phróiseáil.

Ní dhéanfaidh Europol sonraí pearsanta de thionscnamh daoine príobháideacha a phróiseáil ach amháin ar choinníoll go bhfaightear iad trí na nithe seo a leanas:

(a) aonad náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(b) pointe teagmhála tríú tír nó eagraíochta idirnáisiúnta de bhun Airteagal 25(1), pointe (c); nó

(c) údarás de chuid tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a) nó (b) nó in Airteagal 25(4a).

2. I gcás ina bhfaigheann Europol faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, ó dhuine príobháideach a chónaíonn i dtírú tír nach tríú tír í dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (a) nó pointe (b), nó in Airteagal 25(4a), ní dhéanfaidh Europol an fhaisnéis sin a chur a aghaidh ach amháin chuig Ballstát nó chuig tríú tír den sórt sin.”;

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil VI:

“COSAINTE SONRAÍ”;

(23) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 27a

Próiseáil sonraí pearsanta ag Europol

1. Gan dochar don Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 agus ag Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Europol.

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725, gan Caibidil IX san áireamh, maidir le próiseáil sonraí pearsanta riaracháin ag Europol.

2. Tuigfear gurb ionann tagairtí do ‘shonraí pearsanta’ sa Rialachán seo agus tagairtí do ‘shonraí pearsanta oibríochtúla’ mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (2), de Rialachán (AE) 2018/1725, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo.

3. Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha lena gcinneann na teorainneacha ama do stóráil sonraí pearsanta riaracháin.”;

(24) scriostar Airteagal 28;

(25) leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

“2. Ní cheadófar próiseáil sonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibríocha nó trí mheáin eile, lena nochtfar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnachta, nó ballraíocht i gceardchumann, ná próiseáil sonraí géiniteacha, agus sonraí bithmhéadracha, chun críche duine nádúrtha a shainaithint go sainiúil, ná próiseáil sonraí a bhaineann le sláinte nó saol gnéis nó claonadh gnéis duine nádúrtha, ach amháin i gcás ina bhfuil sé comhréireach agus riachtanach go docht chun críocha tionscadal taighde agus nuálaíochta de bhun Airteagal 33a agus chun críocha oibríochtúla, faoi chuimsiú chuspóirí Europol, agus ach chun coireacht a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chosc nó a chomhrac. Beidh an phróiseáil sin freisin faoi réir coimirce iomchuí a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí agus, cé is moite de shonraí bithmhéadracha arna bpróiseáil chun duine nádúrtha a shainaithint go sainiúil, ní cheadófar í ach má fhorlíonann na sonraí sin sonraí pearsanta eile arna bpróiseáil ag Europol.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. Cuirfean an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas gan moill mhíchúí i gcás próiseáil sonraí pearsanta de bhun an Airteagail seo.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Is ag Europol amháin a bheidh rochtain dhíreach ar shonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2. Tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údarás mar is cuí do líon teoranta ball foirne de chuid Europol a mbeidh rochtain den sórt sin acu, má tá gá leis sin chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh.

D’anneoin na chéad fhomhíre, i gcás inar gá rochtain dhíreach ar shonraí pearsanta a thabhairt do bhaill foirne de chuid údaráis inniúla na mBallstát nó de chuid ghníomhaireachtaí an Aontais ar bhonn Theideal V CFAE chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh, sna gcásanna dá bhforáiltear in Airteagal 20(1) agus (2a) den Rialachán seo nó le haghaidh tionscadail taighde agus nuálaíochta i gcomhréir le hAirteagal 33a(2), pointe (d), den Rialachán seo, tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údarás mar is cuí do líon teoranta ball foirne den sórt sin rochtain den sórt sin a bheith acu.”;

(d) scriostar mír 4;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní tharchuirfean sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 chuig na Ballstáit ná chuig comhlachtaí de chuid an Aontais, chuig tríú tíortha ná chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, ach amháin má cheanglaítear sin faoi dhlí an Aontais nó má tá a leithéid de tharchur nó d’aistriú riachtanach i ndáiríre agus comhréireach i gcásanna aonair a bhaineann le coireacht a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol agus i gcomhréir le Caibidil V.”;

(26) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32:

“Airteagal 32

Slándáil na próiseála

Maidir le sásraí chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar bhearta slándála ar fud theorainneacha na gcóras faisnéise, bunóidh an tAontas iad i gcomhréir le hAirteagal 91 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus bunóidh na Ballstáit iad i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir (AE) 2016/680.”;

(27) scriostar Airteagal 33;

(28) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 33a

Próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta

1. Féadfaidh Europol sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha a thionscadal taighde agus nuálaíochta ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas i leith phróiseáil na sonraí pearsanta sin:

(a) go bhfuil fíorghá léi, agus go bhfuil bonn cirt cuí léi chun cuspóirí an tionscadail lena mbaineann a bhaint amach;

(b) maidir le catagóirí speisialta de shonraí pearsanta, go bhfuil fíorghá léi agus go bhfuil sí faoi réir coimircí iomchuí, lena bhféadfaí bréagaimniú a áireamh.

Beidh prionsabal na trédhearcachta, prionsabal na hinmhítheachta, prionsabal na cothroime agus prionsabal na cuntasachta ina mbonn leis an bpróiseáil a dhéanfaidh Europol ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs tionscadal taighde agus nuálaíochta.

2. Gan dochar do mhír 1, maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs tionscadail taighde agus nuálaíochta Europol, beidh feidhm ag na coimircí seo a leanas:

(a) maidir le haon tionscadal taighde agus nuálaíochta, éilítear údarú roimh ré ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i gcomhairliúchán leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha, bunaithe ar an méid seo a leanas:

(i) tuairisc ar chuspóirí an tionscadail agus míniú ar an gcaoi a dtugann an tionscadal cúnaimh do Europol nó d’údaráis inniúla na mBallstát agus iad ag gabháil dá gcúraimí;

- (ii) tuairisc ar an ngníomhaíocht phróiseála atá beartaithe, ina leagtar amach cuspóirí, raon feidhme agus fad na próiseála agus a mhéid is gá agus is comhréireach na sonraí pearsanta a phróiseáil, amhail réitigh nuálacha theicneolaíochta a fhiosrú agus a thástáil agus cruinneas thorthaí an tionscadail a áirithiú;
 - (iii) tuairisc ar chatagóirí na sonraí pearsanta a bheidh le próiseáil;
 - (iv) measúnú ar a mhéid a chomhlíontar na prionsabail cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1725, ar na teorainneacha ama chun na sonraí pearsanta a stóráil agus ar na coinníollacha le haghaidh na sonraí pearsanta a rochtain, agus
 - (v) measúnú tionchair um chosaint sonraí, lena n-áirítear na rioscaí do chearta agus saoirsí uile na n-ábhar sonraí, an baol go mbeidh aon chlaontacht ann sna sonraí pearsanta a bheidh le húsáid i gcomhair oiliúint na n-argartam agus i dtoradh na próiseála, agus na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus sárúithe ar chearta bunúsacha a sheachaint freisin;
- (b) cuirfear MECS ar an eolas roimh sheoladh an tionscadail;
- (c) rachfar i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta nó cuirfear ar an eolas é sula seolfar an tionscadal, i gcomhréir leis na treoirínte dá dtagraítear in Airteagal 18(7);
- (d) aon sonraí pearsanta atá le próiseáil i gcomhthéacs an tionscadail:
- (i) déanfar iad a chóipeáil go sealadach chuig timpeallacht próiseála sonraí ar leithligh, scoite amach agus cosanta laistigh de Europol chun an tionscadal sin a chur i gcrích;
 - (ii) ní bheidh rochtain orthu ach ag baill foirne atá údaraithe go sonrach ag Europol i gcomhréir le hAirteagal 30(3) den Rialachán seo agus, faoi réir bearta slándála teicniúla, ag baill foirne, atá údaraithe go sonrach, de chuid údaráis inniúla na mBallstát agus de chuid ghníomhaireachtaí an Aontais arna mbunú ar bhonn Theideal V CFAE;
 - (iii) ní dhéanfar iad a tharchur ná a aistriú;
 - (iv) ní thiofadh bearta ná cinntí a dhéanann difear do na hábhair sonraí mar thoradh ar a bpróiseáil;
 - (v) déanfar iad a scriosadh a luaithe agus a bheidh an tionscadal críochnaithe nó nuair a bheidh an teorainn ama chun na sonraí pearsanta a stóráil dulta in éag i gcomhréir le hAirteagal 31;
- (e) ní choimeádfar logaí ar phróiseáil na sonraí pearsanta i gcomhthéacs an tionscadail ar feadh 2 bhliain tar éis an tionscadal a thabhairt chun críche, ach amháin chun cruinneas thoradh na próiseála sonraí a dheimhniú agus le haghaidh trátha nach faide ná mar atá riachtanach chun na críche sin.
3. Bunóidh an Bord Bainistíochta i ndoiciméad a bheidh ceangailteach raon feidhme ginearálta ceangailteach do thionscadail taighde agus nuálaíochta. Déanfar doiciméad den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí agus cuirfear ar fáil é do MECS i dtreo is go bhféadfaidh sé maoirseacht a dhéanamh.
4. Coinneoidh Europol doiciméad ina mbeidh tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas agus ar an réasúnaíocht atá le hoiliúint, tástáil agus bailíochtú na n-argartam chun trédhearcacht an phróisis agus na n-argartam a áirithiú, lena n-áirítear a mhéid a chomhlíonann siad na coimircí dá bhforáiltear san Airteagal seo, agus ionas go bhféadfaid gur féidir cruinneas na dtorthaí a fhíorú bunaithe ar úsáid argartam den sórt sin. Arna iarraidh sin, cuirfidh Europol an doiciméad sin ar fáil do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Ballstáit agus GGPC.
5. Más Ballstát, comhlacht de chuid an Aontais, tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta a sholáthraí na sonraí pearsanta atá le próiseáil i gcomhair tionscadal taighde agus nuálaíochta, iarrfaidh Europol toiliú ó sholáthraí na sonraí sin i gcomhréir le hAirteagal 19(2), ach amháin má tá údarú roimh ré tugtha ag soláthraí na sonraí sin do phróiseáil den sórt sin chun críche tionscadail taighde agus nuálaíochta, i dtéarmaí ginearálta nó faoi réir coinníollacha sonracha.

Ní dhéanfaidh Europol sonraí i gcomhair tionscadail taighde agus nuálaíochta a phróiseáil gan toiliú ó sholáthraí na sonraí. Féadfar an toiliú sin a tharraing siar tráth ar bith.”;

(29) leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Gan dochar d’Airteagal 92 de Rialachán (AE) 2018/1725, i gcás sárú ar shonraí pearsanta, tabharfaidh Europol fógra maidir leis an sárú sin gan moill mhíchúí d’údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Rialachán seo, agus do sholáthraí na sonraí lena mbaineann chomh maith mura rud é go bhfuil drochsheans ann go mbeidh riosca ann do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha mar gheall ar an sárú ar shonraí pearsanta”;

(b) scriostar mír 3;

(30) leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1 agus mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“Gan dochar d’Airteagal 93 de Rialachán (AE) 2018/1725, mura bhfuil sonraí teagmhála an ábhair sonraí lena mbaineann ag Europol, iarraidh sé ar sholáthraí na sonraí an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí lena mbaineann agus Europol a chur ar an eolas faoin gcinneadh a glacadh. Na Ballstáit a sholáthraíonn na sonraí, cuirfidh siad an sárú ar shonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.”;

(c) scriostar mír 4 agus mír 5;

(31) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1 agus mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Féadfaidh aon ábhar sonraí ar mian leis nó léi an ceart chun rochtana a fheidhmiú dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2018/1725 ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí sin iarraidh a dhéanamh chuige sin chuig an údarás a ceapadh don chuspóir sin sa Bhallstát dá rogha féin, nó chuig Europol. I gcás ina ndéantar an iarraidh chuig an údarás sin, déanfaidh sé an iarraidh sin a chur faoi bhráid Europol gan moill mhíchúí agus laistigh de mhí amháin óna fháil.”;

(c) scriostar mír 6 agus mír 7;

(32) leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Féadfaidh aon ábhar sonraí ar mian leis nó léi an ceart chun sonraí pearsanta a cheartú nó a léirsciosadh nó chun próiseáil a shrianadh maidir le sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi, dá dtagraítear in Airteagal 82 de Rialachán (AE) 2018/1725, iarraidh a dhéanamh chuige sin, tríd an údarás a ceapadh don chuspóir sin sa Bhallstát dá rogha féin, nó chuig Europol. Nuair a dhéantar an iarraidh chuig an t-údarás sin, déanfaidh sé an iarraidh sin a chur faoi bhráid Europol gan moill mhíchúí, agus laistigh de mhí amháin óna fáil.”;

(b) scriostar mír 2;

(c) cuirtear an méid a leanas seo in ionad mhír 3, mhír 4 agus mhír 5:

“3. Gan dochar d’Airteagal 82(3) de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfaidh Europol próiseáil na sonraí pearsanta a shrianadh seachas iad a scriosadh má bhíonn forais ann lena chreidiúint go bhféadfadh scriosadh difear a dhéanamh do leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí.

Ní dhéanfar sonraí srianta a phróiseáil ach amháin chun cearta an ábhair sonraí a chosaint, i gcás inar gá sin chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint, nó chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 82(3) de Rialachán (AE) 2018/1725.

4. I gcás inar sholáthair tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó comhlachtaí de chuid an Aontais sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 atá i seilbh Europol dó nó inar sholáthair páirtithe príobháideacha iad go díreach dó nó inar aisghabh Europol iad ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí nó má tháinig na sonraí chun cinn mar thoradh ar anailísí Europol féin, déanfaidh Europol sonraí den sórt sin a cheartú, nó a scriosadh nó a bpróiseáil a shrianadh agus, i gcás inarb iomchúí, cuirfidh sé an méid sin in iúl do sholáthraithe na sonraí.

5. I gcás inar sholáthair na Ballstáit sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 atá i seilbh Europol go díreach dó, is iad na Ballstáit atá i gceist a dhéanfaidh sonraí den sórt sin a cheartú nó a scriosadh nó a bpróiseáil a bpróiseáil a shrianadh i gcomhar le Europol faoi chuimsiú a gcuid inniúlachtaí faoi seach.”;

(d) scriostar mír 8 agus mír 9;

(33) leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Próiseálfaidh Europol sonraí pearsanta ar bhealach a áiritheoidh gur féidir a bhfoinse, i gcomhréir le hAirteagal 17, a shuí.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

“2. Beidh an fhreagracht as cruinneas na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 71(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/1725 orthu seo a leanas.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Beidh Europol freagrach as Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh maidir le sonraí pearsanta riaracháin agus as an Rialachán seo agus Airteagal 3 agus Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh maidir le sonraí pearsanta.”;

(d) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt:

“Áiritheofar slándáil malartuithe den chineál sin i gcomhréir le hAirteagal 91 de Rialachán (AE) 2018/1725.”;

(34) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 39:

“Airteagal 39

Réamhchomhairliúchán

1. Gan dochar d’Airteagal 90 de Rialachán (AE) 2018/1725, ní bheidh feidhm ag réamhchomhairliúchán le MECS maidir le gníomhaíochtaí sonracha oibríochta nua nach n-áirítear leo aon chineál nua próiseála lena mbainfeadh ardíosca do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí.

2. Féadfaidh Europol oibríochtaí próiseála atá faoi réir réamhchomhairliúchán le MECS de bhun Airteagal 90(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 a thionscnamh mura rud é go bhfuil comhairle i scríbhinn tugtha ag MECS de bhun Airteagal 90(4) den Rialachán sin laistigh de na tréimhsí dá bhforáiltear san fhoráil sin, ar tréimhsí iad a thosaíonn ar dháta faighte na hiarrata tosaigh ar chomhairliúchán agus nach bhfuil le cur ar fionraí.

3. I gcás ina bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leis na hoibríochtaí próiseála dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo d’fheidhmiú chúraimí Europol agus má tá siad thar a bheith práinneach agus riachtanach chun bagairt láithreach coire a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Europol a chosc agus a chomhrac nó leasanna rithábachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint, féadfaidh Europol próiseáil a thionscnamh go heisceachtúil tar éis don réamhchomhairliúchán le MECS dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 tosú agus sula mbeidh an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 90(4) den Rialachán sin dulta in éag. Sa chás sin, cuirfidh Europol MECS ar an eolas sula gcuirfeadh tús le hoibríochtaí próiseála.

Cuirfeadh san áireamh go cúlghabhálach comhairle i scríbhinn ó MECS de bhun Airteagal 90(4) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus déanfar slí dhéanta na próiseála a choigeartú dá réir.

Beidh an tOifigeach Cosanta Sonraí rannpháirteach i measúnú a dhéanamh ar phráinn na n-oibríochtaí próiseála sin sula rachaidh in éag an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 90(4) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus déanfaidh sé nó sí formhaoirseacht ar an bpróiseáil i dtrácht.

4. Coimeádfaidh MECS clár de gach oibríocht próiseála ar tugadh fógra dó nó di fúthu de bhun mhír 1. Ní bheidh an clár ar fáil go poiblí.”;

(35) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 39a

Taifid de chatagóirí na ngníomhaíochtaí próiseála

1. Coimeádfaidh Europol taifead de chatagóirí uile na ngníomhaíochtaí próiseála a thagann faoina fhreagracht. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas sa taifead sin:

- (a) sonraí teagmhála Europol agus ainm agus sonraí teagmhála a Oifigigh Cosanta Sonraí;
- (b) cuspóirí na próiseála;
- (c) tuairisc ar na catagóirí d’abhair sonraí agus ar chatagóirí na sonraí pearsanta;
- (d) catagóirí na bhfaighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, lena n-áirítear faighteoirí i dtrú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (e) i gcás inarb infheidhme, aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír, chuig eagraíocht idirnáisiúnta nó chuig páirtí príobháideach, lena n-áirítear sainaitheint an fhaighteora sin;
- (f) i gcás inar féidir, na teorainneacha ama atá réamh-mheasta chun catagóirí éagsúla sonraí a léirsciosadh;
- (g) i gcás inar féidir, cur síos ginearálta ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 91 de Rialachán (AE) 2018/1725;
- (h) i gcás inarb infheidhme, úsáid próifílithe.

2. Is i scríbhinn, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a bheidh an taifead dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh Europol an taifead dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do MECS arna iarraidh sin.”;

(36) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

“Airteagal 40

Logáil

1. I gcomhréir le hAirteagal 88 de Rialachán (AE) 2018/1725, coimeádfaidh Europol logaí dá chuid oibríochtaí próiseála. Ní bheifear in ann na logaí a mhodhnú.

2. Gan dochar d’Airteagal 88 de Rialachán (AE) 2018/1725, má éilíonn aonad náisiúnta amhlaidh i gcás imscrúdú sonracha a bhaineann le rialacha um chosaint sonraí a chomhlíonadh, cuirtear na logaí dá dtagraítear i mír 1 ar fáil don aonad náisiúnta sin.”;

(37) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 41:

“Airteagal 41

An tOifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú

1. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta Oifigeach Cosanta Sonraí, a bheidh ina bhall foirne nó ina ball foirne de chuid Europol a ainmneofar go sainiúil don phost sin amháin.

2. Roghnófar an tOifigeach Cosanta Sonraí ar bhonn cháilíochtaí gairmiúla an duine agus, go háirithe, ar bhonn an saineolais atá ag an duine ar an dlí um chosaint sonraí agus ar chleachtais um chosaint sonraí agus ar bhonn an chumais atá aige nó aici na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 41b den Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2018/1725 a chur i gcrích.

3. Ní bheidh mar thoradh ar roghnú an Oifigigh Cosanta Sonraí go gcruthófaí coinbhleacht leasa idir dualgais an Oifigigh mar Oifigeach Cosanta Sonraí agus dualgais oifigiúla eile ar bith, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4. Ní bhrisfidh an Bord Bainistíochta an tOifigeach Cosanta Sonraí as a phost nó as a post ná ní ghearrfar pionós air nó uirthi mar gheall ar a chúraimí nó a chúraimí a chur i gcrích.

5. Foilseoidh Europol sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus cuirfidh sé iad sin in iúl do MECS.”;

(38) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 41a

Post an Oifigh Cosanta Sonraí

1. Áiritheoidh Europol go bhfuil baint ag an Oifigeach Cosanta Sonraí, go hiomchuí agus go tráthúil, le gach saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

2. Tacóidh Europol leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 41b á bhfeidhmiú aige nó aici trí na hacmhainní agus an fhoireann is gá a chur ar fáil chun na cúraimí sin a fheidhmiú agus trí rochtain ar shonraí pearsanta agus ar oibríochtaí próiseála a chur ar fáil, agus chun a shaineolas nó a saineolas a choimeád.

Chun tacú leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus na cúraimí á bhfeidhmiú aige nó aici, féadfar ball foirne de chuid Europol a ainmniú ina Oifigeach Cosanta Sonraí cúnta.

3. Áiritheoidh Europol go ngníomhóidh an tOifigeach Cosanta Sonraí go neamhspleách agus nach bhfaighidh sé nó sí aon treoir maidir le feidhmiú a chúraimí nó a cúraimí.

Tuairisceoidh an tOifigeach Cosanta Sonraí go díreach don Bhord Bainistíochta.

4. Féadfaidh ábhair sonraí dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le haon saincheist a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta agus maidir le feidhmiú a gceart faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

Ní fhulaingeoidh aon duine dochar mar gheall ar ábhar ar a ndírítear aird an Oifigh Cosanta Sonraí lena líomhnaítear gur tharla sárú ar fhorálacha an Rialacháin seo nó Rialachán (AE) 2018/1725.

5. Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme maidir leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Bainfidh na rialacha cur chun feidhme sin go háirithe leis an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh phost an Oifigh Cosanta Sonraí, lena dhífhostú nó a dífhostú, lena chúraimí nó a cúraimí, lena dhualgais nó lena dualgais agus le cumhachtaí, agus le coimircí maidir lena neamhspleáchas.

6. Beidh an tOifigeach Cosanta Sonraí agus a chuid nó a cuid foirne faoi cheangal na hoibleagáide maidir le rúndacht i gcomhréir le hAirteagal 67(1).

7. Ceapfar an tOifigeach Cosanta Sonraí le haghaidh téarma 4 bliana agus beidh sé nó sí incháilithe le ceapadh arís.

8. Mura gcomhlíonann an tOifigeach Cosanta Sonraí a thuilleadh na coinníollacha is gá chun dualgais an phoist a fheidhmiú, ní chuirfidh an Bord Bainistíochta an tOifigeach Cosanta Sonraí a chur as a phost nó as a post ach le cead ó MECS.

9. Cláróidh an Bord Bainistíochta an tOifigeach Cosanta Sonraí agus an tOifigeach Cosanta Sonraí cúnta le MECS.

10. Na forálacha is infheidhme maidir leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, beidh feidhm acu *mutatis mutandis* maidir leis an Oifigeach Cosanta Sonraí cúnta.

Airteagal 41b

Cúraimí an Oifigh Cosanta Sonraí

1. Beidh na cúraimí seo a leanas go háirithe ag an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil:

(a) a áirithiú ar bhealach neamhspleách go gcomhlíonann Europol forálacha cosanta sonraí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2018/1725 agus na forálacha ábhartha um chosaint sonraí i rialacha inmheánacha Europol, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2018/1725, forálacha de chuid an Aontais nó forálacha náisiúnta eile a bhaineann le cosaint sonraí, agus bheartais Europol, maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear freagrachtaí a shannadh, ardú feasachta agus oiliúint a chur ar bhaill foirne a bhfuil baint acu le hoibríochtaí próiseála, agus iniúchtaí gaolmhara;

(b) faisnéis agus comhairle a thabhairt do Europol agus do na baill foirne a phróiseálann sonraí pearsanta faoi na hoibleagáidí dá gcuid de bhun an Rialacháin seo, de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 agus de bhun forálacha eile de chuid an Aontais nó forálacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí;

- (c) comhairle a thabhairt nuair a iarrtar sin maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí de bhun Airteagal 89 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an measúnaithe tionchair ar chosaint sonraí;
- (d) taifead a choinneáil de shárúithe um chosaint sonraí agus comhairle a chur ar fáil nuair a iarrtar sin i ndáil leis an ngá atá le fógra a thabhairt nó é a chur in iúl gur tharla sárú i ndáil le sonraí pearsanta de bhun Airteagal 92 agus Airteagal 93 de Rialachán (AE) 2018/1725;
- (e) a áirithiú go gcoinnítear taifead faoi aistriú agus faoi fháil sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- (f) arna iarraidh sin dóibh, a áirithiú go gcuirfead na hábhair sonraí ar an eolas faoina gcuid ceart faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725;
- (g) comhoibriú le baill foirne Europol atá freagrach as nósanna imeachta, oiliúint agus comhairle faoi phróiseáil sonraí;
- (h) freagra a thabhairt ar iarrataí ó MECS, laistigh de réimse a inniúlachta nó a hinniúlachta, comhoibriú agus dul i gcomhairle le MECS, arna iarraidh sin do MECS nó ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin;
- (i) comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát, go háirithe le hOifigigh Cosanta Sonraí de chuid údaráis inniúla na mBallstát agus le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta maidir le gnóthaí cosanta sonraí i réimse fhorfheidhmiú an dlí;
- (j) gníomhú mar phointe teagmhála do MECS maidir le saincheistanna a bhaineann le próiseáil, lena n-áirítear an réamhchomhairliúchán faoi Airteagal 40 agus Airteagal 90 de Rialachán (AE) 2018/1725, agus comhairliúchán a dhéanamh, nuair is iomchú, maidir le haon ábhar eile laistigh de réimse a inniúlachta nó a hinniúlachta;
- (k) tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus an tuarascáil sin a chur in iúl don Bhord Bainistíochta agus do MECS;
- (l) a áirithiú nach ndéanfaidh na hoibríochtaí próiseála difear do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí.

2. Féadfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí moltaí a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta maidir le feabhas praiticiúil a chur ar an gcosaint sonraí agus comhairle a chur ar an Oifigeach maidir le forálacha i ndáil le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm.

Féadfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí, ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Bhord Bainistíochta, imscrúdú a dhéanamh ar ábhair agus ar tharluithe a bhaineann go díreach lena chúram nó lena cúram agus a thagann chun a aire nó a haire, agus torthaí an imscrúduithe sin a thuairisciú ar ais don duine a d'iarr an t-imscrúdú nó don Bhord Bainistíochta.

3. Comhlíonfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí na feidhmeanna dá bhforáiltear ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta riaracháin.

4. I bhfeidhmiú a chuid nó a cuid dualgas, beidh rochtain ag an Oifigeach Cosanta Sonraí agus ag baill foirne Europol a chuidíonn leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ar na sonraí go léir a phróiseálann Europol agus ar áitribh uile Europol.

5. Má mheasann an tOifigeach Cosanta Sonraí nár comhlíonadh forálacha an Rialacháin seo nó forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta riaracháin nó forálacha an Rialacháin seo nó Airteagal 3 agus Chaibidil IX den Rialachán (AE) 2018/1725 a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, cuirfidh sé nó sí an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an eolas faoi sin, agus iarfaidh sé nó sí air nó uirthi an neamhchomhlíonadh a réiteach laistigh de thréimhse shonraithe.

Mura ndéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhchomhlíonadh na próiseála a réiteach laistigh den tréimhse shonraithe, cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí an Bord Bainistíochta ar an eolas. Freagróidh an Bord Bainistíochta laistigh de theorainn ama shonraithe arna comhaontú leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Mura gcuireann an Bord Bainistíochta an neamhchomhlíonadh i gceart laistigh den tréimhse shonraithe, cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí an t-ábhar faoi bhráid MECS.

Airteagal 41c

Oifigeach um Chearta Bunúsacha

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta, ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Oifigeach um Chearta Bunúsacha a ainmniú. Féadfaidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha sin a bheith ina bhall nó ina ball d'fhoireann Europol atá ann cheana agus ar cuireadh oiliúint speisialta orthu maidir le dlí agus cleachtas na gcearta bunúsach.

2. Déanfaidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha na cúraimí seo a leanas:
 - (a) comhairle a chur ar Europol i gcás ina measfaidh sé nó sí gur gá déanamh amhlaidh nó arna iarraidh sin maidir le haon ghníomhaíocht de chuid Europol gan bac ná moill a chur ar na gníomhaíochtaí sin;
 - (b) faireachán a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann Europol cearta bunúsacha;
 - (c) tuairimí neamhcheangailteacha a chur ar fáil maidir le socrúithe oibre;
 - (d) an Stiúirthóir Feidhmiúcháin a chur ar an eolas faoi shárúithe féideartha ar chearta bunúsacha le linn ghníomhaíochtaí Europol;
 - (e) urraim Europol do chearta bunúsacha i gcomhlíonadh a chúraimí agus a ghníomhaíochtaí a chur chun cinn;
 - (f) aon chúraimí eile, i gcás ina bhforáiltear dóibh sa Rialachán seo.
3. Áiritheoidh Europol nach bhfaighidh an tOifigeach Cosanta Sonraí aon treoir maidir le cur i gcrích a chúraimí nó a cúraimí.
4. Ullmhóidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha go díreach don Stiúirthóir Feidhmiúcháin agus foilseoidh sé nó sí tuarascálacha bliantúla ar a chuid gníomhaíochtaí nó ar a cuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a mhéid a urramaítear cearta bunúsacha le gníomhaíochtaí Europol. Cuirfear na tuarascálacha sin ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 41d

Oiliúint um Chearta Bunúsacha

Baill foirne uile Europol a bhfuil baint acu le cúraimí oibríochtúla a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, cuirfear oiliúint éigeantach orthu maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Déanfar an oiliúint sin a fhorbairt i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle (*), agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2015/2219 ón Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 319, 4.12.2015, lch. 1).;

(39) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

“1. Chun críoch an fheidhm maoirseachta dá chuid a fheidhmiú, beidh rochtain ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680, ag áitreabh an aonaid náisiúnta nó na n-oifigeach idirchaidrimh, ar shonraí a chuireann a mBallstát faoi bhráid Europol i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha agus ar na logaí dá dtagraítear in Airteagal 40 den Rialachán seo.

2. Beidh rochtain ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta ar oifigí agus ar dhoiciméid a gcuid oifigeach idirchaidrimh féin faoi seach ag Europol.”;

(40) leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

“1. Beidh MECS freagrach as faireachán a dhéanamh ar fhorálacha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2018/1725 agus as a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm iad i ndáil le cearta bunúsacha agus saoirsí daoine nádúrtha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Europol, agus as comhairle a chur ar Europol agus ar ábhair sonraí maidir le gach ábhar a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.”;

(b) i mír 3, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

- “(j) ordú a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí, ar bhealach sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe;
- (k) ordú a thabhairt sreabha sonraí chuig faighteoir i mBallstát, i dtrú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a fhionraí;
- (l) fíneáil riaracháin a ghearradh i gcás nach gcomhlíonann Europol ceann de na bearta dá dtagraítear i bpointí (c), (e), (f), (j) agus (k) den mhír seo, ag brath ar imthosca gach cáis aonair.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ullmhóidh MECS tuarascáil bhliantúil a maidir lena gníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí maoirseachta i ndáil le Europol. Beidh an tuarascáil sin ina cuid de thuarascáil bhliantúil MECS dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Iarrfaidh MECS ar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta barúlacha a chur in iúl faoin chuid sin den tuarascáil bhliantúil sula ndéanfar an tuarascáil bhliantúil a ghlacadh. Cuirfidh MECS na barúlacha sin san áireamh go hiomlán agus déanfaidh sé tagairt dóibh sa tuarascáil bhliantúil.

Áireofar sa chuid sin den tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear sa dara fómhír faisnéis staidrimh maidir le gearáin, fiosrúcháin agus imscrúduithe, agus maidir le haistriúcháin sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, cásanna réamhchomhairliúcháin le MECS, agus úsáid na gcumhachtaí a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo.”;

(41) leasaítear Airteagal 44 mar a leanas,

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, déanfar maoirseacht chomhordaithe a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725. Bainfidh MECS úsáid as saineolas agus taithe na n-údarás maoirseachta náisiúnta agus a chuid nó a cuid dualgas, mar a leagtar amach in Airteagal 43(2) den Rialachán seo iad, á gcur i gcrích aige nó aici.

Agus cigireachtaí comhpháirteacha á ndéanamh acu i dteannta MECS, agus aird chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta agus comhréireachta, beidh cumhachtaí ag comhaltaí agus foireann na n-údarás maoirseachta náisiúnta atá coibhéiseach leis na cumhachtaí a leagtar síos in Airteagal 43(4) den Rialachán seo agus beidh siad faoi cheangal oibleagáid atá coibhéiseach leis an gceann a leagtar síos in Airteagal 43(6) den Rialachán seo.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. I gcásanna a bhaineann le sonraí de thionscnamh Ballstáit amháin nó níos mó, lena n-áirítear cásanna dá dtagraítear in Airteagal 47(2), rachaidh MECS i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta lena mbaineann. Ní dhéanfaidh MECS beart breise sula gcuireann na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta sin a mbarúlacha in iúl do MECS, laistigh den sprioc ama a shonraíonn sé nó sí nach mbeidh níos giorra ná mí amháin agus níos faide ná 3 mhí ón uair a rachaidh MECS i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta lena mbaineann. Cuirfidh MECS seasamh na n-údarás maoirseachta náisiúnta lena mbaineann san áireamh go hiomlán. Igcás nach bhfuil sé ar intinn ag MECS seasamh de chuid údarás mhaoirseachta náisiúnta a leanúint, cuirfidh sé nó sí an t-údarás sin ar an eolas agus tabharfaidh sé nó sí údar cuí leis agus cuirfidh sé nó sí an t-ábhar faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí.”;

(42) scriostar Airteagal 45 agus Airteagal 46;

(43) leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Beidh sé de cheart ag aon ábhar sonraí gearán a thaisceadh le MECS má mheasann sé nó sí nach bhfuil an Rialachán seo nó Rialachán (AE) 2018/1725 á gcomhlíonadh ag Europol agus iad ag próiseáil a chuid nó a cuid sonraí pearsanta.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

“2. I gcás ina mbaineann gearán le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 36 nó 37 den Rialachán seo nó in Airteagal 81 nó 82 de Rialachán (AE) 2018/1725, rachaidh MECS i gcomhairle le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta an Bhallstáit a sholáthair na sonraí nó leis an mBallstát lena mbaineann go díreach.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Cuirfidh MECS an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéantar maidir leis an ngearán agus faoi thoradh an ghearáin, mar aon leis an bhféidearthacht leigheas breithiúnach a fháil de bhun Airteagal 48.”;

(44) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 50:

“Airteagal 50

An ceart chun cúitimh

1. Beidh sé de cheart ag aon duine a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó nó di mar thoradh ar shárú ar an Rialachán seo cúiteamh a fháil i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 56 de Threoir (AE) 2016/680.

2. Maidir le haon díospóid idir Europol agus na Ballstáit i dtaca leis an bhfreagracht deiridh as cúiteamh arna dhámhachtain do dhuine dá ndearnadh díobháil ábhartha nó neamhábhartha i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, déanfar í a atreorú chuig an mBord Bainistíochta. Déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh i dtaobh na freagrachta sin trí thiomlath dhá thrian dá chomhaltá, gan dochar don cheart chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE.”;

(45) leasaítear Airteagal 51 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí Europol, dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (c), lena n-áirítear faisnéis ábhartha faoi ghníomhaíochtaí Europol agus na torthaí a fhaightear agus tacair mhóra sonraí á bpróiseáil, gan aon sonraí oibríochtúla a nochtadh agus gan dochar d'aon imscrúduithe a leanann go fóill.”;

(ii) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

“(f) faisnéis bhliantúil de bhun Airteagal 26(11) maidir leis na sonraí pearsanta a mhalartaítear le páirtithe príobháideacha de bhun Airteagal 26, Airteagal 26a agus Airteagal 26b, lena n-áirítear measúnú ar éifeachtacht an chomhair, samplaí sonracha de chásanna lena léirítear an fáth go raibh na hiarrataí sin riachtanach agus comhréireach chun Europol a chumasú chun a chuid cuspóirí agus cúraimí a chomhlíonadh, agus, maidir le malartuithe sonraí pearsanta de bhun Airteagal 26b, líon na leanaí a sainaitníodh mar thoradh ar na malartuithe sin a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil do Europol;

(g) faisnéis bhliantúil maidir le líon na gcásanna ina raibh sé riachtanach do Europol sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a phróiseáil chun tacú leis na Ballstáit in imscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill i gcomhréir le hAirteagal 18a, maille le faisnéis faoi fhad agus torthaí na próiseála, lena n-áirítear samplaí de na cásanna sin a léiríonn cén fáth a raibh an phróiseáil sonraí sin riachtanach agus comhréireach;

(h) faisnéis bhliantúil faoi aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta de bhun Airteagal 25(1) nó Airteagal 25(4a) arna miondealú de réir an bhunús dlí, agus faoi líon na gcásanna inar údaraigh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, de bhun Airteagal 25(5), aistriú nó catagóirí aistrithe sonraí pearsanta i dtaca le himscrúdú coiriúil sonracha a leanann go fóill chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear faisnéis faoi na tíortha lena mbaineann agus faoi fhad an údaraithe;

(i) faisnéis bhliantúil faoi líon na gcásanna inar mhol Europol go bhféadfaí foláirimh faisnéise a iontráil i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (t), lena n-áirítear samplaí sonracha de chásanna lena léirítear cén fáth ar moladh iontráil na bhfoláireamh sin;

(j) faisnéis bhliantúil faoi líon na dtionscadal taighde agus nuálaíochta arna ndéanamh, lena n-áirítear faisnéis faoi chuspóirí na dtionscadal sin, catagóirí na sonraí pearsanta a próiseáladh, na coimircí breise a úsáideadh, lena n-áirítear íoslaghú sonraí, na riachtanais forfheidhmithe dlí a bhféachtar leis na tionscadail sin le haghaidh a thabhairt orthu agus toradh na dtionscadal sin;

(k) faisnéis bhliantúil maidir le líon na gcásanna inar bhain Europol úsáid as próiseáil shealadach i gcomhréir le hAirteagal 18(6a) agus, i gcás inarb infheidhme, líon na gcásanna inar cuireadh síneadh leis an tréimhse próiseála;

(l) faisnéis bhliantúil maidir le líon agus cineálacha na gcásanna inar próiseáladh catagóirí speisialta sonraí pearsanta, de bhun Airteagal 30(2).

Déanfar na samplaí dá dtagraítear i bpointe (f) agus pointe (i) a anaithnídiú a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta.

Déanfar na samplaí dá dtagraítear i bpointe (g) a anaithnídiú a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, gan aon sonraí oibríochtúla a nochtadh agus gan dochar d'aon imscrúduithe a leanann go fóill.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Féadfaidh GGPC conclúidí achoimre a dhréachtú maidir leis an bhfaireachán polaitiúil ar ghníomhaíochtaí Europol, lena n-áirítear moltaí sonracha neamhcheangailteacha a dhíriú chuig Europol, agus na conclúidí sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na bparlaimintí náisiúnta. Cuirfidh Parlaimint na hEorpa na conclúidí sin ar aghaidh, chun críocha faisnéise, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Europol.”;

(46) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 52a

Fóram Comhchomhairleach

1. Déanfaidh GGPC fóram comhchomhairleach a bhunú chun cúnaimh a thabhairt dó, arna iarraidh sin dó, trí chomhairle neamhspleácha a sholáthar dó maidir le hábhair cheart bunúsach.

Féadfaidh GGPC agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dul i gcomhairle leis an bhfóram comhchomhairleach maidir le haon ábhar a bhaineann le cearta bunúsacha.

2. Cinnfidh GGPC comhdhéanamh an fhórait comhchomhairligh, a mhodhanna oibre agus an bealach ina ndéanfar faisnéis a tharchur chuig an bhfóram comhchomhairleach.”;

(47) in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

“9. Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 maidir le haon tionscadail tógála ar cosúil go mbeidh impleachtaí móra acu do bhuiséad Europol.”;

(48) leasaítear Airteagal 60 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ar bharúlacha na Cúirte Iniúcháirí a fháil maidir le cuntais shealadacha Europol do bhliain N, de bhun Airteagal 246 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), déanfaidh oifigeach cuntasáíochta Europol cuntais chríochnaitheacha Europol don bhliain sin a tharraingt suas. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cuntais chríochnaitheacha faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta chun tuairim a fháil.

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

“9. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin aon fhaisnéis is gá chun nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil do bhliain N, i gcomhréir le hAirteagal 106(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.”;

(49) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 61:

“Airteagal 61

Rialacha Airgeadais

1. Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Europol. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/715 mura rud é go mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach le haghaidh oibriú Europol agus mura mbeidh toiliú tugtha ag an gCoimisiún roimh ré.

2. Féadfaidh Europol deontais a bhaineann le comhlíonadh a chuid cuspóirí agus cúraimí a chur i gcrích a dhámhachtain.

3. Féadfaidh Europol deontais a dhámhachtain ar Bhallstáit, gan glao ar thograí, maidir le gníomhaíochtaí a dhéanamh a thagann faoi chuimsiú chuspóirí agus chúraimí Europol.

4. I gcás ina mbeidh údar cuí leis chun críocha oibríochtúla, i ndiaidh údarú ón mBord Bainistíochta, féadfar na costais infheistíochta iomlána a bhaineann le trealamh agus bonneagar a chumhdach le tacaíocht airgeadais.

Leis na rialacha airgeadais dá dtagraítear i mír 1, féadfar na critéir a shonrú faoina bhféadfar tacaíocht airgeadais na costais infheistíochta iomlána dá dtagraítear sa chéad fómhír den mhír seo a chumhdach.

5. I dtaca leis an tacaíocht airgeadais atá le tabhairt do ghníomhaíochtaí na bhfoirne comhphárteacha um imscrúdú, bunóidh Eurojust agus Europol i gcomhpháirt na rialacha agus na coinníollacha faoina ndéanfar iarratais ar thacaíocht den sórt sin a phróiseáil.”;

(50) leasaítear Airteagal 68 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Faoin 29 Meitheamh 2027 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, go háirithe ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht Europol agus ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chleachtas oibre. Féadfaidh an mheastóireacht díriú go háirithe ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann struchtúr, oibríocht, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol a mhodhnú, agus ar na himpleachtaí airgeadais a ghabhfadh le haon mhodhnú den sórt sin.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. Faoin 29 Meitheamh 2025, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina mbeidh meastóireacht agus measúnú ar thionchar oibríochtúil chur chun feidhme na gcúraimí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, go háirithe in Airteagal 4(1), pointe (t), Airteagal 18(2), pointe (e), Airteagal 18(6a), agus Airteagail 18a, 26, 26a agus 26b, maidir le cuspóirí Europol. Sa tuarascáil, déanfar measúnú ar thionchar na gcúraimí sin ar shaoirsí agus cearta bunúsacha dá bhforáiltear sa Chairt. Sa tuarascáil freisin, beidh anailís costais is tairbhe ar leathnú chúraimí Europol.”;

(51) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 74a

Socrúithe idirthréimhseacha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil mar thaca le himscrúdú coiriúil sonrach a leanann go fóill

1. I gcás inar sholáthair Ballstát, OIPE nó Eurojust sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II do Europol roimh an 28 Meitheamh 2022, féadfaidh Europol na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18a sna cásanna seo a leanas:

(a) cuireann an Ballstát lena mbaineann, OIPE nó Eurojust ar an eolas, faoin 29 Meán Fómhair 2022, go bhfuil sé údaraithe na sonraí pearsanta sin a phróiseáil, i gcomhréir le ceanglais agus coimircí nós imeachta is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, san imscrúdú coiriúil a leanann go fóill ar iarr sé tacaíocht Europol ina leith nuair a sholáthair sé na sonraí ar dtús;

(b) iarrann an Ballstát lena mbaineann, OIPE nó Eurojust ar Europol, faoin 29 Meán Fómhair 2022, tacú leis an imscrúdú coiriúil a leanann go fóill dá dtagraítear i bpointe (a); agus

(c) measann Europol, i gcomhréir le hAirteagal 18a(1), pointe (b), nach féidir tacú leis an imscrúdú coiriúil a leanann go fóill dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo gan sonraí pearsanta nach gcomhlíontar Airteagal 18(5) leo a phróiseáil.

Déanfar an measúnú dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo a thaifeadh agus a sheoladh chuig MECS mar eolas nuair a scoireann Europol de bheith ag tacú leis an imscrúdú coiriúil sonrath gaolmhar.

2. I gcás nach gcomhlíonann Ballstát, OIPE nó Eurojust ceann amháin nó níos mo de na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointe (a) agus pointe (b) den Airteagal seo, maidir le sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a sholáthair sé do Europol roimh an 28 Meitheamh 2022, nó i gcás nach gcomhlíonann Ballstát, OIPE, nó Eurojust mír 1, pointe (c) den Airteagal seo, ní dhéanfaidh Europol na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18a, ach gan dochar d'Airteagal 18(5) agus d'Airteagal 74b, déanfaidh Europol na sonraí pearsanta sin a scriosadh faoin 29 Deireadh Fómhair 2022.

3. I gcás inar sholáthair tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 18a(6) sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II do Europol roimh an 28 Meitheamh 2022, féadfaidh Europol na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18a(6) sna cásanna seo a leanas:

- (a) sholáthair an tríú tír na sonraí pearsanta chun tacú le himscrúdú coiriúil sonrath i mBallstát amháin nó níos mó a dtacaíonn Europol leis;
- (b) fuair an tríú tír na sonraí i gcomhthéacs imscrúdú coiriúil i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta agus coimircí is infheidhme faoina dlí coiriúil náisiúnta;
- (c) cuireann an tríú tír in iúl do Europol, faoin 29 Meán Fómhair 2022, go bhfuil údarás aici na sonraí pearsanta sin a phróiseáil san imscrúdú coiriúil ar mar chuid de a fuair sí na sonraí;
- (d) measann Europol, i gcomhréir le hAirteagal 18a(1), pointe (b), nach féidir tacú leis an imscrúdú coiriúil sonrath dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo gan sonraí pearsanta nach gcomhlíontar Airteagal 18(5) leo a phróiseáil agus déantar an measúnú sin a thaifeadh agus a sheoladh chuig MECS mar eolas nuair a scoireann Europol de bheith ag tacú leis an imscrúdú coiriúil sonrath gaolmhar; agus
- (e) fóraíonn Europol, i gcomhréir le hAirteagal 18a(6), nach bhfuil an méid sonraí pearsanta díréireach go follasach i ndáil leis an imscrúdú coiriúil sonrath dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo i mBallstát amháin nó níos mó a dtacaíonn Europol leis.

4. I gcás nach gcomhlíonann tríú tír an ceanglas a leagtar amach i mír 3, pointe (c) den Airteagal seo, maidir le sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, a sholáthair sí do Europol roimh an 28 Meitheamh 2022, nó i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na ceanglais eile a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo, ní dhéanfaidh Europol na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 18a(6), ach gan dochar d'Airteagal 18(5) agus d'Airteagal 74b, déanfaidh Europol na sonraí pearsanta sin a scriosadh faoin 29 Deireadh Fómhair 2022.

5. I gcás inar sholáthair Ballstát, OIPE nó Eurojust sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II do Europol roimh an 28 Meitheamh 2022, féadfaidh sé a iarraidh ar Europol, faoin 29 Meán Fómhair 2022, na sonraí sin a stóráil mar aon le toradh próiseáil Europol ar na sonraí sin i gcás inar gá sin chun fírinneacht, iontaofacht agus inrianaitheacht an phróisis faisnéise coiriúla a áirithiú. Coimeádfaidh Europol sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II deighilte go feidhmiúil ó shonraí eile agus ní phróiseálfaidh sé na sonraí sin ach amháin chun fírinneacht, iontaofacht agus inrianaitheacht an phróisis faisnéise coiriúla a áirithiú, agus ní dhéanfaidh sé iad a phróiseáil ach fad a bheidh na himeachtaí breithiúnacha ar siúl a bhaineann leis an imscrúdú coiriúil ar soláthraíodh na sonraí sin ina leith.

6. I gcás ina bhfuair Europol sonraí pearsanta nach mbaineann leis na catagóirí d'ábhair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn II roimh an 28 Meitheamh 2022, ní dhéanfaidh Europol na sonraí sin a stóráil chun fírinneacht, iontaofacht agus inrianaitheacht an phróisis faisnéise coiriúla a áirithiú mura n-iarrtar sin i gcomhréir le mír 5. In éagmais iarraidh den sórt sin, déanfaidh Europol na sonraí pearsanta sin a scriosadh faoin 29 Deireadh Fómhair 2022.

Airteagal 74b

Socrúithe idirthréimhseacha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta atá i seilbh Europol

Gan dochar d’Airteagal 74a, i gcás sonraí pearsanta a fuair Europol roimh an 28 Meitheamh 2022, beidh Europol in ann a fhíorú an mbaineann na sonraí pearsanta sin le ceann de na catagóirí d’ábhair sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Chuige sin, féadfaidh Europol réamhanailís a dhéanamh ar na sonraí pearsanta sin ar feadh tréimhse nach faide ná 18 mí ón dáta a fuarthas na sonraí den chéad uair nó, i gcásanna a bhfuil údar leo agus le húdarú roimh ré ó MECS, ar feadh tréimhse is faide.

Ní rachaidh uastréimhse próiseála na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír thar 3 bliana ón lá a fhaigheann Europol na sonraí.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 8 Meitheamh 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. BEAUNE

**RIALACHÁN (AE) 2022/992 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 8 Meitheamh 2022**

Iena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1628 a mhéid a bhaineann le leathnú chumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, leagtar síos forálacha fíorriachtanacha maidir le hastaíochtaí ó thruailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus maidir le cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, agus tugtar cumhacht don Choimisiún leis an Rialachán seo sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe áirithe a leagan síos i ngníomhartha tarmligthe. Le hAirteagal 55(2) den Rialachán sin, tugadh an chumhacht sin don Choimisiún ar feadh tréimhse theoranta 5 bliana. Chuaigh an tréimhse sin in éag an 6 Deireadh Fómhair 2021. Is gá cuid de na gníomhartha tarmligthe a thabhairt cothrom le dáta chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh agus chun gnéithe eile a thabhairt isteach i gcomhréir leis an gcumhachtú, lena n-áirítear i ndáil le gníomh tarmligthe lena leagtar síos ceanglais a bhaineann le faireachán inseirbhíse ar innill dócháin inmheánaigh a shuiteáiltear in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Ba cheart é a bheith indéanta freisin gníomhartha tarmligthe nua a ghlacadh i gcomhréir leis an gcumhachtú. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis an gcumhachtú a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le féideartacht síntí breise a chur leis sin.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/1628 a leasú dá réir sin.
- (3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2016/1628, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(2), in Airteagal 24(11), in Airteagal 25(4), in Airteagal 26(6), in Airteagal 34(9), in Airteagal 42(4), in Airteagal 43(5) agus in Airteagal 48 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 10 mbliana ón 6 Deireadh Fómhair 2016. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 6 Eanáir 2026 agus 9 mí roimh dheireadh gach tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligéan na cumhachta. Déanfar síneadh a chur le tarmligéan na cumhachta go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle in aghaidh síneadh den sórt sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.”

⁽¹⁾ Tuairim an 18 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 2 Meitheamh 2022.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailléain ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 8 Meitheamh 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. BEAUNE

TREORACHA

TREOIR (AE) 2022/993 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Meitheamh 2022

maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe

(códú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ a leasú go substaitiúil roinnt uaireanta ⁽⁴⁾. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Treoir sin a chódú.
- (2) Chun ardleibhéal sábháilteachta muirí agus coiscithe truaillithe ar muir a chothabháil agus chun féachaint lena fheabhsú, tá sé bunriachtanach leibhéal eolais agus scileanna mharaithe an Aontais a chothabháil agus, b'fhéidir, a fheabhsú trí oiliúint agus deimhniú muirí a fhorbairt i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta agus leis an dul chun cinn teicneolaíoch, agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun bonn scileanna muirí na hEorpa a fheabhsú.
- (3) Déantar oiliúint agus deimhniú na maraithe a rialáil ar leibhéal idirnáisiúnta le Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (Coinbhinsiún STCW) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), a ndearnadh athbhreithniú mór air ag Comhdháil Páirtithe i gCoinbhinsiún STCW a tionóladh in Manila in 2010 (leasuithe Manila). Glacadh tuilleadh leasuithe ar Choinbhinsiún STCW in 2015 agus in 2016.
- (4) Leis an Treoir seo, déantar Coinbhinsiún STCW a ionchorprú i ndlí an Aontais. Is sínitheoirí le Coinbhinsiún STCW na Ballstáit uile agus dá bhrí sin déanfar cur chun feidhme comhchuibhithe a ngealltanais idirnáisiúnta a bhaint amach trí rialacha an Aontais maidir leis an oiliúint agus leis an deimhniú maraithe a ailíniú le Coinbhinsiún STCW.
- (5) Tá saineolas muirí d'ardcháilíocht in earnáil loingseoireachta an Aontais, saineolas atá ina bhonn dá iomaíochas. Tá cáilíocht na hoiliúna do mharaithe tábhachtach le hiomaíochas na hearnála sin agus le saoránaigh an Aontais, go háirithe daoine óga, a mhealladh chuig gairmeacha muirí.
- (6) Féadfaidh na Ballstáit caighdeán níos airde ná na caighdeán íosta a leagtar síos i gCoinbhinsiún STCW agus sa Treoir seo a bhunú.
- (7) Ba cheart Rialacháin Choinbhinsiún STCW a ghabhann leis an Treoir seo a fhorlíonadh leis na forálacha éigeantacha atá i gCuid A den Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (Cód STCW). Tá treoraíocht mholta i gCuid B de Chód STCW atá beartaithe chun cúnaimh a thabhairt do Pháirtithe i gCoinbhinsiún STCW, agus dóibh siúd a bhfuil baint acu le bearta an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm nó a fhorfheidhmiú, chun éifeacht iomlán chríochnaithe a thabhairt don Choinbhinsiún ar bhealach aonfhoirmeach.

⁽¹⁾ IO C 123, 9.4.2021, lch. 80.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022.

⁽³⁾ Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (IO L 323, 3.12.2008, lch. 33).

⁽⁴⁾ Féach Iarscríbhinn IV, Cuid A.

- (8) Tá sé ar cheann de chuspóirí an chomhbheartais iompair i réimse an mhuiriompair gluaiseacht maraithe laistigh den Aontas a éascú. Cuidíonn an ghluaiseacht sin, i measc rudaí eile, le hearnáil muiriompair an Aontais a dhéanamh tarraingteach do na glúine atá le teacht, agus ar an gcaoi sin seachnaítear staid ina mbeidh easpa foireann inniúil a mbeadh an meascán ceart de scileanna agus inniúlachtaí acu ar an mbraisle mhuirí Eorpach. Tá sé fíor-riachtanach aitheantas frithpháirteach na ndeimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit chun saorghluaiseacht na maraithe a éascú. I bhfianaise an chirt chun dea-riaracháin, ba cheart gur bunaithe ar chúiseanna a bheadh infhionnta ag an maraí lena mbaineann a bheadh cinntí na mBallstáit i ndáil leis an nglacadh le deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint chuig maraithe ag Ballstáit eile chun críche deimhnithe náisiúnta inniúlachta a eisiúint.
- (9) Le hoiliúint do mharaithe, ba cheart oiliúint theoriciúil cheart agus oiliúint phraiticiúil a chumhdach chun a áirithiú go bhfuil maraithe cáilithe chun caighdeán slándála agus sábháilteachta a chomhlíonadh agus go bhfuil siad in ann gníomhú i gcás guaiseacha agus éigeandála.
- (10) Ba cheart do Bhallstáit bearta sonracha a ghlacadh agus na bearta sin a fhorfheidhmiú chun cleachtais chalaioiseacha a bhaineann le deimhnithe inniúlachta agus le deimhnithe oilteachta a chosc agus chun pionós a ghearradh ina leith, mar aon le leanúint lena n-iarreachtaí laistigh de IMO chun comhaontuithe díonghbáilte infhorfheidhmithe a bhaint amach maidir leis an gcomhrac i gcoinne cleachtais den sórt sin ar fud an domhain.
- (11) Ba cheart caighdeán cháilíochta agus córais caighdeán cáilíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus, i gcás inarb infheidhme, an Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 ⁽⁵⁾ agus bearta gaolmhara arna nglacadh ag na Ballstáit á gcur san áireamh.
- (12) Chun sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus chun truailliú ar muir a chosc, ba cheart forálacha maidir le tréimhsí íosta scíthe do phearsanra faire a leagan síos sa Treoir seo i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW. Ba cheart na forálacha sin a chur i bhfeidhm gan dochar d'fhorálacha Threoir 1999/63/CE ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (13) Rinne na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha comhaontú ar líon íosta na n-uaireanta sosa is infheidhme maidir le maraithe agus glacadh Treoir 1999/63/CE d'fhonn an comhaontú sin a chur chun feidhme. Faoin Treoir sin, is ann don fhéidearthacht eisceachtaí ó líon íosta na n-uaireanta sosa le haghaidh maraithe a údarú. Ba cheart, áfach, an fhéidearthacht maidir le heisceachtaí a údarú a bheith teoranta ó thaobh tréimhse uasta, minicíochta agus réime de. Bhí sé d'aidhm ag leasuithe Manila, i measc rudaí eile, teorainneacha oibiachtúla a shocrú maidir leis na heisceachtaí ar líon íosta na n-uaireanta sosa le haghaidh pearsanra faire agus maraithe a bhfuil cúraimí sannta dóibh a bhaineann le sábháilteacht, slándáil, agus an cosc ar thruailliú d'fhonn tuirse a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart don Treoir seo leasuithe Manila a léiriú ar bhealach lena n-áiríthítear comhleanúnachas le Treoir 1999/63/CE.
- (14) D'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí agus d'fhonn cosc a chur ar bhás daoine agus ar thruailliú muirí, ba cheart cumarsáid a áirithiú i measc baill den chriú ar bord longa atá ag seoladh in uiscí an Aontais.
- (15) Ba cheart do phearsanra ar bord longa paisinéirí a ainmnítear chun cúnaimh a thabhairt do phaisinéirí i gcás éigeandála a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh leis na paisinéirí.
- (16) Ba cheart do chriúnna ar bord tancaer a bhfuil lastas díobhálach nó lastas truailliúcháin á iompar acu a bheith in ann dul i ngleic go héifeachtach le timpistí a chosc agus le cásanna éigeandála. Tá sé fíorthábhachtach nasc ceart cumarsáide a bhunú idir an máistir, na hoifigigh agus na haicmigh chabhlaigh, lena gcomhdaítear na ceanglais dá bhforáiltear sa Treoir seo.
- (17) Tá sé bunriachtanach a áirithiú go bhfuil leibhéal inniúlachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Coinbhinsiún STCW ag maraithe a bhfuil deimhnithe ina seilbh acu arna n-eisiúint ag tríú tíortha agus atá ag fónamh ar bord longa de chuid an Aontais. Leis an Treoir seo, ba cheart nósanna imeachta agus critéir chomhchoiteanna a leagan síos chun go n-aithneoidh na Ballstáit deimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha, ar bhonn na gceanglas oiliúna agus deimhnithe arna gcomhaontú faoi chuimsiú Choinbhinsiún STCW.
- (18) Ar mhaithe le sábháilteacht ar muir, níor cheart do na Ballstáit cáilíochtaí lena gcruthaítear an leibhéal oiliúna a éilítear a aithint ach amháin i gcás ina n-eisíonn Páirtithe i gCoinbhinsiún STCW iad, nó i gcás inar eisíodh thar ceann na bPáirtithe sin iad, agus go bhfuil sé aitheanta ag Coiste Muir-Shábháilteachta IMO gur léiríodh go bhfuil éifeacht iomlán tugtha ag na Páirtithe sin, agus go dtugann siad éifeacht iomlán fós, do na caighdeáin a leagtar amach sa Choinbhinsiún sin. Chun an bhearna ama a líonadh go dtí go mbeidh an Coiste Muir-Shábháilteachta in ann aitheantas den sórt sin a thabhairt, tá gá le nós imeachta chun réamhaitheantas a thabhairt do dheimhnithe.

⁽⁵⁾ Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus i nGairmoiliúint a bhunú (IO C 155, 8.7.2009, lch. 1).

⁽⁶⁾ Treoir 1999/63/CE ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú i ndáil le heagrú ama oibre do mharaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhlachais Úinéirí Long an Chomhphobail Eorpaigh (ECSA) agus ag Cónaidhm na gCeardchumann Oibríthe Iompair san Aontas Eorpach (FST) (IO L 167, 2.7.1999, lch. 33).

- (19) Sa Treoir seo tá córas láraithe chun aitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha. D'fhonn na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil a úsáid ar bhealach éifeachtúil, ba cheart an nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a bheith bunaithe ar anailís ar an ngá atá leis an aitheantas sin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do léiriú ar líon measta na máistrí, na n-oifigeach agus na n-oibreoirí raidió de thionscnamh an tríú tír sin is dóigh a bheidh ag fónamh ar bord longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu. Ba cheart an anailís sin a thíolacadh lena scrúdú ag an gCoiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS).
- (20) D'fhonn a áirithiú go mbeidh an ceart ag gach maraí fostaíocht chuibhiúil a fháil agus d'fhonn saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a theorannú, maidir le haitheantas na dtríú tíortha amach anseo, ba cheart a mheas ar dhaingnigh na tríú tíortha sin an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006.
- (21) D'fhonn éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha a áirithiú, ba cheart athmheasúnú ar na tríú tíortha a sholáthraíonn líon beag maraithe do longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu a dhéanamh ag eatrainmh de 10 mbliana. Ba cheart an tréimhse fhada athmheasúnaithe sin ar chóras na dtríú tíortha sin a chomhcheangal le critéir thosaíochta lena gcuirfí san áireamh ceisteanna sábháilteachta, agus cothromú a dhéanamh idir an gá le héifeachtúlacht agus sásra coimisce éifeachtach i gcás go dtiocfadh meath ar chaighdeán na hoiliúna do mharaithe arna cur ar fáil sna tríú tíortha ábhartha.
- (22) Ba cheart, i gcás inarb iomchuí, cigireacht a dhéanamh ar institiúidí muirí, ar chláir oiliúna agus ar chúrsaí oiliúna. Ba cheart, dá bhrí sin, critéir le haghaidh cigireacht den sórt sin a bhunú.
- (23) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (?) cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun a fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo.
- (24) Tá faisnéis faoi na maraithe atá fostaithe agus arb as tríú tíortha dóibh ar fáil anois ar leibhéal an Aontais mar go gcuireann na Ballstáit in iúl an fhaisnéis ábhartha atá ina gclár náisiúnta maidir leis na deimhnithe agus na formhuinithe atá eistithe acu. Ba cheart an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha staidrimh agus ceapadh beartais, go háirithe chun éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha a fheabhsú. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit, ba cheart athscrúdú a dhéanamh ar aitheantas na dtríú tíortha nach bhfuil maraithe soláthartha acu do longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu le 8 mbliana anuas ar a laghad. Ba cheart a chumhdach le próiseas an athscrúdaithe an fhéidearthacht go gcoinneofaí nó go dtarraingeofaí siar aitheantas an tríú tír ábhartha. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhaisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit a úsáid freisin d'fhonn tús áite a thabhairt d'athmheasúnú ar na tríú tíortha aitheanta.
- (25) Ceanglaítear ar na Ballstáit, ina gcáil mar údarais chalafoirt, feabhas a chur ar an tsábháilteacht agus ar an gcosc ar thruailliú in uiscí an Aontais trí chigireacht tosaíochta a dhéanamh ar shoithí a bhfuil bratach tríú tír ar foluain acu nár dhaingnigh Coinbhinsiún STCW, agus ar an gcaoi sin a áirithiú nach dtugtar cóir níos fabhraí do shoithí a bhfuil bratach tríú tír ar foluain acu.
- (26) Maidir leis na forálacha i ndáil leis an aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (8), níl raibh feidhnmh acu i dtaca leis an aitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe faoi Threoir 2008/106/CE. Le Treoir 2005/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (9) rinneadh an t-aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a rialáil. D'imigh na sainmhínte ar dheimhnithe maraithe dá dtagraítear i dTreoir 2005/45/CE i léig, áfach, i bhfianaise leasuithe 2010 ar Choinbhinsiún STCW. Dá bhrí sin, ba cheart scéim an aitheantais fhrithpháirtigh do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a rialáil d'fhonn na leasuithe idirnáisiúnta a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart na deimhnithe maraithe arna n-eisiúint faoi údarás na mBallstát a áireamh sa scéim maidir le haitheantas frithpháirteach. Chun débhríocht agus baol neamhréireachtaí idir Treoracha 2005/45/CE agus an Treoir seo a sheachaint, ba cheart aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe a rialáil leis an Treoir seo amháin. Ina theannta sin, d'fhonn an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart córas leictreonach a thabhairt isteach chun cáilíochtaí maraithe a thíolacadh ach na leasuithe ábhartha ar Choinbhinsiún STCW a bheith glactha.

(7) Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

(8) Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

(9) Treoir 2005/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus lena leasaítear Treoir 2001/25/CE (IO L 255, 30.9.2005, lch. 160).

- (27) Tá an digitiú sonraí de dhlúth agus d'inneach sa dul chun cinn teicneolaíoch i réimse an bhailithe agus na cumarsáide sonraí d'fhonn cabhrú le costais a laghdú agus le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna. Ba cheart don Choimisiún bearta a bhreithniú d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht an rialaithe Stáit ar chalafoirt, lena n-áirítear, *inter alia*, meastóireacht ar indéantacht agus ar luach breise i ndáil le bunachar sonraí lárnach de dheimhnithe maraithe a chur ar bun agus a bhainistiú, a bheadh nasctha leis an mbunachar sonraí cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾, a mbeadh na Ballstáit ar fad nasctha leis. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis ar fad, a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo, maidir le deimhnithe inniúlachta agus formhuinthe lena bhfianáitear aitheantas ar dheimhnithe oilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus V/1-2 de Choinbhinsiún STCW sa bhunachar lárnach sin.
- (28) Ba cheart don Choimisiún idirphlé a bhunú le comhpháirtithe sóisialta agus na Ballstáit chun tionscnaimh oiliúna muirí a fhorbairt de bhreis ar an íosleibhéal oiliúna do mharaithé arna chomhaontú go hidirnáisiúnta, tionscnaimh a d'fhéadfadh na Ballstáit a aithint go frithpháirteach mar Dhioplómaí Eorpacha Barr Feabhais Muirí. Ba cheart na tionscnaimh sin a bhunú ar agus a fhorbairt i gcomhréir leis na moltaí ó na treoirthionscadail atá ar siúl faoi láthair agus na straitéisí i dTreoirphlean an Choimisiúin um chomhar earnála maidir le Scileanna.
- (29) Chun forbairtí ar leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh agus chun a áirithiú gur féidir rialacha an Aontais a oiriúntú go tráthúil do na forbairtí sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a ionchorprú trí na ceanglais theicniúla i ndáil leis an oiliúint agus deimhniú maraithe a nuashonrú agus trí fhorálacha ábhartha den Treoir seo a ailíniú i dtaca leis na deimhnithe digiteacha do mharaithé. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽¹¹⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha na Treorach seo i dtaca le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a chur chun feidhme, mar aon i dtaca le sonraí staidrimh ar mharaithé atá le cur ar fáil ag Ballstáit don Choimisiún, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.
- (31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon rialacha an Aontais a ailíniú le rialacha idirnáisiúnta maidir le hoiliúint agus deimhniú maraithe, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (32) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Cuid B, a thrasú sa dlí náisiúnta,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na maraithe dá dtagraítear sa Treoir seo atá ag fónamh ar bord longa farraige a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain orthu, cé is moite díobh seo a leanas:
- (a) longa cogaidh, longa cúntacha cabhlaigh nó longa eile ar le Ballstát iad nó atá á n-oibriú ag Ballstát agus atá i mbun seirbhís neamhthráchtála rialtais amháin;
- (b) soithigh iascaireachta;

⁽¹⁰⁾ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

⁽¹¹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (c) luaimh phléisiúir nach bhfuil i mbun trádála;
- (d) longa adhmaid de thógáil bhunúsach.

2. Tá feidhm ag Airteagal 6 maidir le maraithe a bhfuil deimhniú acu arna eisiúint ag Ballstát, gan beann ar a náisiúntacht.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “máistir” an duine atá i gceannas ar long;
- (2) ciallaíonn “oifigeach” ball den chriú cé is moite den mháistir, arna ainmniú amhlaidh faoin dlí náisiúnta nó faoi rialacháin náisiúnta nó, in éagmais ainmniú den sórt sin, le comhaontú comhchoiteann nó le gnás;
- (3) ciallaíonn “oifigeach deice” oifigeach atá cáilithe i gcomhréir le forálacha Chaibidil II d'Iarscríbhinn I;
- (4) ciallaíonn “príomh-mháta” an t-oifigeach cé is moite den mháistir agus a bheidh i gceannas ar long i gcás éagumas an mháistir;
- (5) ciallaíonn “oifigeach innealtóireachta” oifigeach atá cáilithe i gcomhréir le forálacha Chaibidil III d'Iarscríbhinn I;
- (6) ciallaíonn “príomhoifigeach innealtóireachta” an t-oifigeach innealtóireachta sinsearach atá freagrach as tiomáint mheicniúil agus oibriú agus cothabháil shuiteálacha meicniúla agus leictreacha na loinge;
- (7) ciallaíonn “dara hoifigeach innealtóireachta” an t-oifigeach innealtóireachta cé is moite den phríomhoifigeach innealtóireachta agus a bheidh freagrach as tiomáint mheicniúil agus oibriú agus cothabháil shuiteálacha meicniúla agus leictreacha na loinge i gcás éagumas an phríomhoifigigh innealtóireachta;
- (8) ciallaíonn “oifigeach innealtóireachta cúnta” duine atá faoi oiliúint chun a bheith ina oifigeach innealtóireachta agus arna ainmniú amhlaidh faoin dlí náisiúnta nó faoi rialacháin náisiúnta;
- (9) ciallaíonn “oibreoir raidió” duine a bhfuil deimhniú iomchuí aige arna eisiúint nó arna shainaithint ag na húdaráis inniúla faoi fhorálacha na Rialachán Raidió;
- (10) ciallaíonn “aicmeach cabhlaigh” ball de chriú loinge cé is moite den mháistir agus den oifigeach;
- (11) ciallaíonn “long farraige” long nach mbíonn á stiúradh ar uiscí inmheánacha go heisiach ná in uiscí atá laistigh d'uiscí foscúla nó de limistéir ina bhfuil feidhm ag rialacháin chalafoirt, nó in uiscí atá cóngarach d'uiscí nó do na limistéir sin;
- (12) ciallaíonn “long a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aici” long atá cláraithe i mBallstát agus a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain aici i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit sin; long nach dtagann faoin sainmhíniú seo, measfar gur long í a bhfuil bratach tríú tíre ar foluain aici;
- (13) ciallaíonn “aistir gar don chósta” aistir atá i gcóngar Ballstáit, mar a shainmhíníonn an Ballstát sin iad;
- (14) ciallaíonn “cumhacht tiomána” an uaschumhacht aschuir leanúnach iomlán arna táirgeadh i gcileavatanna atá ag príomhinnealra tiomána loinge agus a luaitear ar dheimhniú cláraithe na loinge nó ar aon doiciméad oifigiúil eile;
- (15) ciallaíonn “tancaer ola” long a thógtar chun peitriam agus táirgí peitriam a iompar i mbulc agus a mbaintear úsáid aisti chuige sin;
- (16) ciallaíonn “tancaer ceimiceán” long a thógtar nó a chuirtear in oiriúint chun aon táirge leachtach a liostaítear i gCaibidil 17 den Chód Idirnáisiúnta um Cheimiceán i mBulc, ina leagan cothrom le dáta, a iompar i mbulc agus a mbaintear úsáid aisti chuige sin;
- (17) ciallaíonn “tancaer gáis leachtaithe” long a thógtar nó a chuirtear in oiriúint chun gás lechtaithe nó aon táirge eile a liostaítear i gCaibidil 19 den Chód Idirnáisiúnta um Ghasiompair, ina leagan cothrom le dáta, a iompar i mbulc agus a mbaintear úsáid aisti chuige sin;
- (18) ciallaíonn “Rialachán raidió” na rialacháin raidió a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Teileachumarsáide Idirnáisiúnta, arna leasú, nó a mheastar atá ag gabháil leis an gcoinbhinsiún sin;
- (19) ciallaíonn “long paisinéirí” long mar a shainmhínítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974 (SOLAS 74), arna leasú, den Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta (IMO);

- (20) ciallaíonn “soitheach iascaireachta” soitheach a bhaintear úsáid as chun iasc nó acmhainní beo eile na farraige a ghabháil;
- (21) ciallaíonn “Coinbhinsiún STCW” an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 den IMO, de réir mar atá feidhm aige maidir leis na hábhair lena mbaineann agus forálacha idirthréimhseacha Airteagal VII agus Rialachán I/15 den Choinbhinsiún á gcur san áireamh agus lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, forálacha infheidhme Chód STCW, agus iad uile á gcur i bhfeidhm ina leaganacha cothrom le dáta;
- (22) áirítear le “dualgais raidió”, de réir mar is iomchuí, faire agus cothabháil agus deisiúcháin theicniúla a dhéantar i gcomhréir leis na Rialacháin Raidió, le SOLAS 74 agus, faoi lánrogha gach Ballstát, le moltaí ábhartha IMO, ina leaganacha cothrom le dáta;
- (23) ciallaíonn “long paisinéirí róró” long paisinéirí a bhfuil spásanna lastais róró agus spásanna catagóire speisialta aici mar a shainmhínítear in SOLAS 74, ina leagan cothrom le dáta;
- (24) ciallaíonn “Cód STCW” an Cód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire, a glacadh le rún 2 de Chomhdháil Páirtithe don Choinbhinsiún STCW de Chomhdháil 1995, ina leagan cothrom le dáta;
- (25) ciallaíonn “feidhm” grúpa tascanna, dualgas agus freagrachtaí, mar a shonraítear i gCód STCW, atá riachtanach d’fheidhmiú loinge, do shábháilteacht anama ar mhuir nó do chosaint na muirthimpeallachta;
- (26) ciallaíonn “cuideachta” úinéir loinge nó aon eagraíocht nó duine eile amháil an bainisteoir nó an cairtghostóir loinge loime a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ón longúinéir, an long a oibriú, agus a d’aontaigh, agus an fhreagracht sin á glacadh aige, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear ar an gcuideachta leis an Treoir seo a ghlacadh de láimh;
- (27) ciallaíonn “seirbhís farraige” seirbhís ar bord loinge atá ábhartha maidir le deimhniú inniúlachta, deimhniú oilteachta nó aon cháilíocht eile a eisiúint nó a athbhailíochtú;
- (28) ciallaíonn “formheasta” formheasta ag Ballstát i gcomhréir leis an Treoir seo;
- (29) ciallaíonn “tríú tír” aon tír nach Ballstát í;
- (30) ciallaíonn “mí” mí féilire nó tréimhse 30 lá comhdhéanta de thréimhsí is lú ná mí amháin;
- (31) ciallaíonn “oibreoir raidió GMDSS” duine atá cáilithe i gcomhréir le Caibidil IV d’Iarscríbhinn I;
- (32) ciallaíonn “Cód ISPS” an Cód Idirnáisiúnta um Shlándaíl Long agus Saoráid Chalafoirt a glacadh an 12 Nollaig 2002, le rún 2 den Chomhdháil de Rialtais Chonarthaigh SOLAS 74, ina leagan cothrom le dáta;
- (33) ciallaíonn “oifigeach slándála loinge” an duine ar bord loinge, atá freagrach don mháistir, arna ainmniú ag an gcuideachta le bheith freagrach as slándáil na loinge lena n-áirítear cur chun feidhme agus cothabháil phlean slándála na loinge agus as dul i gcomhairle le hoifigeach slándála na cuideachta agus le hoifigigh slándála na saoráide calafoirt;
- (34) áirítear le “dualgais slándála” na tascanna agus dualgais slándála ar fad ar bord longa mar a shainmhínítear le Caibidil XI/2 de SOLAS 74, arna leasú, agus le Cód ISPS;
- (35) ciallaíonn “deimhniú inniúlachta” deimhniú arna eisiúint agus arna fhormhuiniú le haghaidh máistrí, oifigeach agus oibreoirí raidió GMDSS i gcomhréir le Caibidilí II, III, IV, V nó VII d’Iarscríbhinn I, agus a thugann teidlíocht don úinéir dlíthiúil a bheith ag obair sa cháil sin agus na feidhmeanna ar leibhéal na freagrachta a shonraítear ann a chomhlíonadh;
- (36) ciallaíonn “deimhniú oilteachta” deimhniú, seachas deimhniú inniúlachta, a eisítear do mharaí ina luaitear gur comhlíonadh na ceanglais ábhartha maidir le hoiliúint, inniúlachtaí nó seirbhís farraige a leagtar síos sa Treoir seo;
- (37) ciallaíonn “fianaise dhoiciméadach” aon doiciméadacht, seachas deimhniú inniúlachta nó deimhniú oilteachta, a bhaintear úsáid aisti le cruthú gur comhlíonadh na ceanglais ábhartha sa Treoir seo;
- (38) ciallaíonn “oifigeach leictreitheicniúil” oifigeach atá cáilithe i gcomhréir le Caibidil III d’Iarscríbhinn I;
- (39) ciallaíonn “maraí deice inniúil” aicmeach cabhlaigh atá cáilithe i gcomhréir le Caibidil II d’Iarscríbhinn I;
- (40) ciallaíonn “maraí innill inniúil” aicmeach cabhlaigh atá cáilithe i gcomhréir le Caibidil III d’Iarscríbhinn I;
- (41) ciallaíonn “aicmeach leictreitheicniúil” aicmeach cabhlaigh atá cáilithe i gcomhréir le Caibidil III d’Iarscríbhinn I;

- (42) ciallaíonn “Ballstát óstach” an Ballstát ina n-iarrann maraithe glacadh nó aitheantas a ndeimhnithe inniúlachta, a ndeimhnithe oilteachta nó a bhfianaise dhoiciméadach;
- (43) ciallaíonn “Cód IGF” an Cód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splanphointe eile, mar a shainmhínítear i Rialachán 74 II-1/2.29 de SOLAS 74;
- (44) ciallaíonn “an Cód Polach” an Cód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uiscí Polacha, mar a shainmhínítear i Rialachán XIV/1.1 de SOLAS 74;
- (45) ciallaíonn “uiscí polacha” uiscí Artacha agus/nó limistéar an Antartaigh, mar a shainmhínítear i Rialachán XIV/1.2, XIV/1.3 agus XIV/1.4 de SOLAS 74.

Airteagal 3

Oiliúint agus deimhniú

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear ar mharaithé atá ag fónamh ar longa dá dtagraítear in Airteagal 1 oiliúint atá, ar a laghad, i gcomhréir le ceanglais Choinbhinsiún STCW, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, agus go bhfuil deimhnithe acu mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (35) agus pointe (36), agus/nó fianaise dhoiciméadach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (37).
2. Na baill sin den chriú nach mór deimhniú a bheith acu i gcomhréir le Rialachán III/10.4 de SOLAS 74, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear oiliúint orthu agus go bhfuil deimhniú faighte acu i gcomhréir leis an Treoir seo.

Airteagal 4

Deimhnithe inniúlachta, deimhnithe oilteachta agus formhuinthe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbronntar deimhnithe inniúlachta agus deimhnithe oilteachta ar iarrthóirí a chomhlíonann ceanglais an Airteagail seo agus orthu sin amháin.
 2. Déanfaidh an Ballstát na deimhnithe do mháistrí, d'oifigigh agus d'oibreoirí raidió a fhorghníú mar a fhoráiltear san Airteagal seo.
 3. Déanfar deimhnithe inniúlachta agus deimhnithe oilteachta a eisiúint i gcomhréir le Rialachán I/2, mír 3, den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW.
 4. Is iad na Ballstáit amháin a dhéanfaidh deimhnithe inniúlachta a eisiúint, tar éis barántúlacht agus bailíocht aon fhianaise doiciméadaí is gá a fhóru agus i gcomhréir leis an Airteagal seo.
 5. Féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh maidir le hoibreoirí raidió:
 - (a) an t-eolas breise atá riachtanach de réir na rialachán ábhartha a chur san áireamh sa scrúdú chun deimhniú a eisiúint atá i gcomhréir leis na Rialacháin Raidió; nó
 - (b) deimhniú ar leith a eisiúint a léiríonn go bhfuil an t-eolas breise atá riachtanach de réir na rialachán ábhartha ag an sealbhóir.
 6. Féadtar formhuinthe a ionchorprú, faoi rogha Bhallstáit, i bhformáid na ndeimhnithe atá á n-eisiúint acu mar a fhoráiltear in Roinn A-I/2 de Chód STCW. Má ionchorpraítear iad amhlaidh, is í an fhoirm a úsáidfean an ceann a leagtar amach i Roinn A-I/2, mír 1. Má eisítear ar shlí eile iad, is í an fhoirm a úsáidfean an ceann a leagtar amach i mír 2 den Roinn sin. Eiseofar formhuinthe i gcomhréir le hAirteagal VI, mír 2, de Choinbhinsiún STCW.
- Eiseofar formhuinthe lena bhfianaítear eisiúint deimhnithe inniúlachta agus formhuinthe lena bhfianaítear deimhnithe oilteachta a bronnadh ar mháistrí agus ar oifigigh i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus V/1-2 d'Iarscríbhinn I sa chás go gcomhlíontar ceanglais uile Choinbhinsiún STCW agus na Treorach seo, agus sa chás sin amháin.
7. Ballstát a aithneoidh deimhniú inniúlachta, nó deimhniú oilteachta, a bronnadh ar mháistrí nó ar oifigigh i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus V/1-2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 20(2) den Treoir seo, formhuineoidh sé an deimhniú sin lena fhianú go n-aithnítear é tar éis dó barántúlacht agus bailíocht an deimhnithe a áirithiú agus tar éis sin amháin. Is í foirm an fhorghníithe a úsáidfean an ceann a leagtar amach i Roinn A-I/2, mír 3, de Chód STCW.

8. Maidir leis na formhuinthe dá dtagraítear i mír 6 agus mír 7:
- (a) féadfar iad a eisiúint mar dhoiciméid ar leith;
 - (b) is iad na Ballstáit amháin a dhéanfaidh iad a eisiúint;
 - (c) sannfar uimhir uathúil dóibh ar fad, seachas formhuinthe lena bhfianaítear eisiúint deimhnithe inniúlachta, rud ar féidir an uimhir chéanna a shannadh dó agus a sannadh don deimhniú inniúlachta lena mbaineann, ar choinníoll go bhfuil an uimhir sin uathúil;
 - (d) rachaidh siad uile in éag a luaithe agus a rachaidh an deimhniú inniúlachta nó an deimhniú oilteachta formhuinthe a bronnadh ar mháistrí nó ar oifigigh i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus le Rialachán V/1-2 d'Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW in éag nó nuair a tharraingítear an deimhniú sin siar, nó nuair a chuireann an Ballstát nó an tríú tír a d'eisigh an deimhniú ar fionraí nó ar ceal é agus, in aon chás, laistigh de 5 bliana tar éis a dháta eisiúna.
9. An cháil ina n-údaráítear do shealbhóir deimhnithe a bheith ag fónamh, aithneofar é i bhfoirm formhuiniú i dtéarmaí arb ionann iad agus na téarmaí arna n-úsáid sna ceanglais is infheidhme de chuid an Bhallstáit lena mbaineann maidir le foirne sábháilte.
10. Féadfaidh Ballstát úsáid a bhaint as formáid atá éagsúil ón bhformáid a leagtar síos i Roinn A-I/2 de Chód STCW, ar choinníoll, go gcuirtear an fhaisnéis is gá ar fáil, ar a laghad, i gcarachtair Rómhánacha agus i bhfigiúirí Arabacha, agus na leaganacha éagsúla a cheadaítear faoi Roinn A-I/2 á gcur san áireamh.
11. Faoi réir Airteagal 20(7), coinneofar ar fáil ar bord na loinge ar a bhfuil an sealbhóir ag fónamh an leagan bunaidh de gach deimhniú a cheanglaítear a sholáthar leis an Treoir seo, i gcóip chrua nó i bhfoirm dhigiteach, a bhféadfar a bharántúlacht agus a bhailíocht a dheimhniú faoin nós imeachta a leagtar síos i mír 13, pointe (b), den Airteagal seo.
12. Cuirfidh iarrthóirí ar dheimhniú cruthúnas sásúil den mhéid seo a leanas ar fáil:
- (a) a gcéannacht;
 - (b) nach lú an aois atá acu ná an aois a fhorordaítear sna Rialacháin a liostaítear in Iarscríbhinn I atá ábhartha maidir leis an deimhniú inniúlachta nó leis an deimhniú oilteachta ar cuireadh isteach air;
 - (c) go gcomhlíonann siad na caighdeáin feidhmiúlachta sláinte, caighdeáin a shonraítear i Roinn A-I/9 de Chód STCW;
 - (d) gur chríochnaigh siad an tseirbhís farraige agus aon oiliúint éigeantach a fhorordaítear sna Rialacháin a liostaítear in Iarscríbhinn I maidir leis an deimhniú inniúlachta nó leis an deimhniú oilteachta a bhfuiltear ag cur isteach air;
 - (e) go gcomhlíonann siad na caighdeáin inniúlachta a fhorordaítear sna Rialacháin a liostaítear in Iarscríbhinn I maidir leis na hinniúlachtaí, feidhmeanna agus leibhéil atá le sainaithint san fhorhuiniú a bhaineann leis an deimhniú inniúlachta.
- Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an aitheantas ar fhorhuinthe faoi Rialachán I/10 de Choinbhinsiún STCW.
13. Gabhfaidh gach Ballstát an méid seo a leanas air féin:
- (a) clár nó cláir a choinneáil ar bun ina bhfuil na deimhnithe inniúlachta agus na deimhnithe oilteachta agus formhuinthe uile le haghaidh máistrí agus oifigeach agus, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh aicmigh chabhlaigh, a eisíodh, a chuaigh in éag nó a athdheimhníodh, a cuireadh ar fionraí nó ar ceal, nó a tuairiscíodh a bheith cailte nó scriosta, mar aon le dispeansáidí a eisíodh;
 - (b) faisnéis a chur ar fáil maidir le stádas deimhnithe inniúlachta, formhuinthe agus dispeansáidí do Bhallstáit eile agus do Pháirtithe eile i gCoinbhinsiún STCW agus do chuideachtaí a iarrann fíorú ar bharántúlacht agus ar bhailíocht deimhnithe inniúlachta agus/nó deimhnithe a eisíodh do mháistrí agus d'oifigigh i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus Rialachán V/1-2 d'Iarscríbhinn I agus a fhaigheann siad ó mharaithe atá ag lorg aitheantais, faoi Rialachán I/10 de Choinbhinsiún STCW, nó atá ag lorg fostaíocht ar bord loinge.
14. I gcás ina dtiocfaidh leasuithe ábhartha i bhfeidhm ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a bhaineann le deimhnithe digiteacha do mharaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 30 chun an Treoir seo a leasú trí na forálacha ábhartha uile de a ailíniú leis na leasuithe sin ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW d'fhonn deimhnithe agus formhuinthe maraithe a dhigitiú.

*Airteagal 5***Faisnéis don Choimisiún**

Chun críocha Airteagal 21(8) agus Airteagal 22(2) agus go heisiach chun go n-úsáidfidh na Ballstáit agus an Coimisiún iad chun críocha ceaptha beartais agus chun críocha staidrimh, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhonn bliantúil, an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo maidir le deimhnithe inniúlachta agus formhuinthe lena bhfianaítear aitheantas arna thabhairt do dheimhnithe inniúlachta. Féadfaidh siad a sholáthar freisin, ar bhonn deonach, faisnéis maidir le deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint le haicmigh chabhlaigh i gcomhréir le Caibidil II, Caibidil III agus Caibidil VII den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW, amháil an fhaisnéis a léirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 6***Aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit**

1. Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe oilteachta agus le fianaise dhoiciméadach arna n-eisiúint ag Ballstát eile, nó faoina údarás, i gcóip chrua nó i bhformáid dhigiteach, chun ligean do mharaithe fónamh ar longa a bhfuil a bhratach ar foluain orthu.
2. Tabharfaidh gach Ballstát aitheantas do dheimhnithe inniúlachta arna n-eisiúint ag Ballstát eile nó do dheimhnithe oilteachta arna n-eisiúint ag Ballstát eile chuig máistrí agus oifigigh i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus V/1-2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, trí na deimhnithe sin a fhorhnuiniú le fianú go dtugtar aitheantas dóibh. Na formhuinthe lena bhfianaítear an t-aitheantas, beidh siad teoranta d'acmhainneachtaí, feidhmeanna agus leibhéil inniúlachta nó oilteachta a fhorordaítear iontu. Ní eiseofar an fhorhnuiniú ach amháin má comhlíonadh na ceanglais uile de Choinbhinsiún STCW, i gcomhréir le Rialachán I/2, mír 7, de Choinbhinsiún STCW. Is í foirm an fhorhnuinthe a úsáidfean an ceann a leagtar amach i Roinn A-I/2, mír 3, de Chód STCW.
3. Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe leighis arna n-eisiúint faoi údarás Ballstáit eile i gcomhréir le Airteagal 12, chun ligean do mharaithe fónamh ar longa a bhfuil a bhratach ar foluain orthu.
4. Áiritheoidh na Ballstáit óstacha go ndéanfar na cinní dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 a eisiúint laistigh de thréimhse réasúnta ama. Áiritheoidh na Ballstáit óstacha freisin go mbeidh sé de cheart ag maraithe achomharc a dhéanamh i gcoinne aon diúltú deimhniú bailí a fhorhnuiniú nó a ghlacadh, nó i gcoinne gan aon fhreagra a bheith faighte, i gcomhréir le reachtaíocht agus nósanna imeachta náisiúnta, agus go dtabharfar comhairle agus cúnamh leordhóthanach do mharaithe maidir leis na hachomhairc sin i gcomhréir le reachtaíocht agus nósanna imeachta náisiúnta bunaithe.
5. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh údarás inniúla Ballstáit óstaigh srianta breise a chur ar acmhainneachtaí, feidhmeanna agus leibhéil inniúlachta nó oilteachta maidir le muirastir gar don chósta, dá dtagraítear in Airteagal 8, nó deimhnithe malartacha arna n-eisiúint faoi Rialachán VII/1 d'Iarscríbhinn I.
6. Gan dochar do mhír 2, féadfaidh Ballstát óstach, i gcás inar gá, ligean do mharáí fónamh, ar feadh thréimhse nach faide ná 3 mhí, ar bord long a bhfuil a bhratach ar foluain uirthi, agus deimhniú iomchuí bailí aige arna eisiúint agus arna fhorhnuiniú ag Ballstát eile, ach nár fhorhnuinig an Ballstát óstach lena mbaineann le haghaidh aitheantais go fóill é. Beidh fianaise dhoiciméadach gur cuireadh iarratas ar fhorhnuiniú faoi bhráid na n-údarás inniúil le go mbeidh sí ar fáil go réidh.
7. Áiritheoidh Ballstát óstach go bhfuil an t-eolas iomchuí acu ar reachtaíocht mhuirí an Bhallstáit sin a bhaineann leis na feidhmeanna a cheadaítear dóibh a dhéanamh ag maraithe a chuireann isteach ar dheimhnithe aitheantais le haghaidh feidhmeanna ar an leibhéal bainistíochta.

*Airteagal 7***Ceanglais oiliúna**

Beidh an oiliúint a cheanglaítear de bhun Airteagal 3 i bhfoirm a bheidh oiriúnach don eolas teoiriciúil agus do na scileanna praiticiúla a cheanglaítear le hIarscríbhinn I, go háirithe úsáid a bhaint as trealamh tarrthála agus comhrac dóiteáin, agus a bheidh formheasta ag an údarás inniúil nó ag an gcomhlacht inniúil arna ainmniú ag gach Ballstát.

*Airteagal 8***Prionsabail lena rialaítear aistir gar don chósta**

1. Agus aistir gar don chósta á sainmhíniú, maidir le maraithe atá ag fónamh ar bord longa atá i dteideal bratach Bhallstáit eile nó bratach Pháirtí eile i gCoinbhinsiún STCW a bheith ar foluain acu agus atá ag gabháil d'astir den sórt sin, ní fhorchuirfidh na Ballstáit ceanglais oiliúna, taithí nó deimhnithe orthu ar bhealach a mbeadh sé de thoradh air ceanglais níos doichte a bheith ar na maraithe sin ná mar a bheadh ar mharaithe atá ag fónamh ar bord longa atá i dteideal a mbratach féin a bheith ar foluain acu. Ní dhéanfaidh Ballstát, i gcás ar bith, ceanglais a fhorchur i leith maraithe atá ag fónamh ar bord long a bhfuil bratach Ballstáit eile nó Páirtí eile i gCoinbhinsiún STCW ar foluain acu a sháraíonn na ceanglais atá sa Treoir seo i ndáil le longa nach mbíonn ag gabháil d'astir gar don chósta.

2. Déanfaidh Ballstát, i gcás longa dá dtugtar sochar na bhforálacha maidir le haistir gar don chósta atá i gCoinbhinsiún STCW, lena n-áirítear aistir amach ó chósta Ballstát eile nó amach ó chósta Páirtithe i gCoinbhinsiún STCW laistigh de teorainneacha a shainmhíniúcháin ar aistir gar don chósta, déanfaidh sé comhaontú leis na Ballstát nó leis na Páirtithe lena mbaineann ag sonrú shonraí na limistéar trádála atá i gceist agus na forálacha ábhartha eile araon.
3. Maidir le longa atá i dteideal bratach Bhallstáit a bheith ar foluain acu a bhíonn ag gabháil go rialta d'aistir gar don chósta amach ó chósta Ballstát eile nó ó chósta Páirtí i gCoinbhinsiún STCW, an Ballstát a bhfuil long i dteideal a bhrataí a bheith ar foluain aici déanfaidh sé ceanglais oiliúna, taithí agus deimhnithe a fhorordú i gcás maraithe atá ag fónamh ar longa den sórt sin, ar ceanglais iad a bheidh comhionann ar a laghad le ceanglais an Bhallstáit nó ceanglais an Pháirtí i gCoinbhinsiún STCW a bhfuil an long ag gabháil d'aistir gar don chósta, ar choinníoll nach rachaidh siad thar ceanglais na Treorach seo i leith longa nach bhfuil ag gabháil d'aistir gar don chósta. Maraithe atá ag fónamh ar bord long a shíneann a haistear thar a sainíonn an Ballstát mar aistear gar don chósta agus a théann isteach in uiscí nach bhfuil cumhdaithe faoin sainiú sin, déanfaidh siad na ceanglais iomchuí den Treoir seo a chomhlíonadh.
4. Féadfaidh Ballstát sochar na bhforálacha maidir le haistir gar don chósta den Treoir seo a thabhairt do long atá i dteideal a bhrataí a bheith ar foluain aici nuair a bhíonn sí ag gabháil d'aistir go rialta amach ó chósta tíre nach Páirtí í i gCoinbhinsiún STCW ar aistir gar don chósta mar a shainíonn an Ballstát sin.
5. Na deimhnithe inniúlachta le haghaidh maraithe a d'eisigh Ballstát nó Páirtí i gCoinbhinsiún STCW i gcomhair na teorainneacha atá sainithe aige maidir le haistir gar don chósta, féadfaidh Ballstát eile glacadh leo le haghaidh seirbhís laistigh de na teorainneacha atá sainithe aige maidir le haistir gar don chósta, ar choinníoll go ndéanfaidh na Ballstát nó na Páirtithe lena mbaineann comhaontú ag sonrú shonraí na limistéar trádála atá i gceist agus na forálacha ábhartha eile.
6. Déanfaidh Ballstát a shainíonn aistir gar don chósta, i gcomhréir le ceanglais an Airteagail seo, an méid seo a leanas:
 - (a) na prionsabail lena rialáítear aistir gar don chósta a shonraítear i Roinn A-I/3 de Chód STCW a chomhlíonadh;
 - (b) na teorainneacha maidir le haistir gar don chósta a ionchorprú sna formhuinthe a eisítear de bhun Airteagal 4.
7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an sainmhíniú ar aistir gar don chósta agus maidir leis na coinníollacha oideachais agus oiliúna is gá dóibh a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais mhír 1, mhír 3 agus mhír 4, cuirfidh na Ballstát sonraí na bhforálacha atá glactha acu in iúl don Choimisiún.

Airteagal 9

Calaois agus cleachtais neamhdhleathacha eile a chosc

1. Déanfaidh na Ballstát bearta iomchuí agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad chun calaois agus cleachtais neamhdhleathacha eile a bhaineann le deimhnithe agus formhuinthe a eisíodh a chosc, agus déanfaidh siad foráil maidir le pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Ainmneoidh na Ballstát na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun calaois agus cleachtais neamhdhleathacha eile a bhrath agus a chomhrac agus chun faisnéis a mhalartú le húdaráis inniúla Ballstát eile agus le húdaráis tríú tíortha maidir le deimhniú maraithe.

Cuirfidh na Ballstát na Ballstát eile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi sonraí údarás náisiúnta inniúla den sórt sin.

Cuirfidh na Ballstát aon tríú tír lena ndearnadh siad comhaontú i gcomhréir le Rialachán I/10, mír 1.2 de Choinbhinsiún STCW ar an eolas láithreach faoi sonraí údarás náisiúnta inniúla den sórt sin.
3. Ar iarratas ó Bhallstát óstach, tabharfaidh údaráis inniúla Ballstát eile dearbhú nó séanadh i scríbhinn maidir le barántúlacht na ndeimhnithe atá ag maraithe, a gcuid formhuinthe comhfhreagracha, nó aon fhianaise dhoiciméadai eile d'oiliúint a eisíodh sa Bhallstát eile sin.

Airteagal 10

Pionóis nó bearta araíonachta

1. Bunóidh na Ballstát próisis nó nósanna imeachta le haghaidh imscrúdú neamhchlaonta ar aon éagumas, gníomh, neamhghníomh nó sárú slándála a thuairiscítear de chuid sealbhóirí deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta nó formhuinthe arna n-eisiúint ag an mBallstát sin a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt dhíreach ar shábháilteacht anama ar muir nó ar shábháilteacht mhaoine ar muir nó ar an gcomhshaol muirí, i ndáil leis na sealbhóirí sin dualgais a dhéanamh a bhaineann lena ndeimhnithe inniúlachta, agus lena ndeimhnithe oilteachta, agus le haghaidh tarraingt siar, fionraíocht agus cealú na ndeimhnithe inniúlachta nó na ndeimhnithe oilteachta sin ar na cúiseanna sin agus chun calaois a chosc.

2. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad chun calaois agus cleachtais neamhdhleathacha eile a chosc a bhaineann le deimhnithe inniúlachta agus deimhnithe oilteachta agus formhuinithe a eisíodh.

3. Forordófar pionóis nó bearta araíonachta agus cuirfear i bhfeidhm iad i gcásanna:

- (a) inar fhostaigh cuideachta nó máistir duine nach bhfuil deimhniú mar a cheanglaítear de réir na Treorach seo acu;
- (b) inar lig máistir do dhuine nach bhfuil aige an deimhniú a cheanglaítear, dispeansáid bhailí nó an cruthúnas doiciméadach a cheanglaítear de réir Airteagal 20(7) aon fheidhm nó seirbhís a dhéanamh in aon cháil ba cheart, faoin Treoir seo, do dhuine a bhfuil deimhniú iomchuí aige a dhéanamh; nó
- (c) ina bhfuair duine, le calaois nó le doiciméid bhrionnaithe, fostú chun aon fheidhm nó seirbhís a dhéanamh in aon cháil ba cheart, faoin Treoir seo, do dhuine a bhfuil deimhniú nó dispeansáid aige a dhéanamh nó a chomhlíonadh.

4. Na Ballstáit ar laistigh dá ndlínse atá aon chuideachta nó aon duine a chreidtear ar fhorais fhollasacha a bheith freagrach as aon neamhchomhlíonadh, nó ar an eolas faoi aon neamhchomhlíonadh, a mheastar a bheith ann i ndáil leis an Treoir seo agus a shonraítear i mír 3, rachaidh na Ballstáit sin i gcomhar le haon Bhallstát nó le haon Pháirtí eile i gCoinbhinsiún STCW a chuireann in iúl dóibh go bhfuil rún aige imeachtaí a thionscnamh faoina dlínse.

Airteagal 11

Caighdeán cháilíochta

1. Áiríteoidh gach Ballstát an méid seo a leanas:

- (a) maidir le gach gníomhaíocht oiliúna, mheasúnaithe inniúlachta, dheimhnithe, lena n-áirítear deimhniú leighis, formhuinithe agus athbhailíochtaí a dhéanann gníomhaireachtaí agus eintitis neamhrialtasacha faoina n-údarás, go ndéantar faireachán leanúnach orthu trí chóras caighdeán cáilíochta chun comhlíonadh na spriocanna atá sainithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cáilíochtaí agus taithí na dteagascóirí agus na measúnóirí, a áirithiú i gcomhréir le Roinn A-I/8 de Chód STCW;
- (b) i gcás ina ndéanann gníomhaireachtaí nó eintitis rialtasacha na gníomhaíochtaí sin, go bhfuil córas caighdeán cáilíochta ann i gcomhréir le Roinn A-I/8 de Chód STCW;
- (c) go sainítear go soiléir na cuspóirí oideachais agus oiliúna mar aon leis na caighdeán cháilíochta ghaolmhara atá le baint amach maidir le hinniúlacht agus go sainithnítear na leibhéil eolais, tuisceana agus scileanna is iomchuí do na scrúduithe agus do na measúnuithe a cheanglaítear de réir Choinbhinsiún STCW;
- (d) go gcumhdaíonn raon feidhme na gcaighdeán cáilíochta riar na gcóras deimhnithe, gach cúrsa agus clár oiliúna, scrúdú agus measúnú arna reáchtáil ag gach Ballstát nó faoina n-údarás, mar aon leis na cáilíochtaí agus an taithí a cheanglaítear ar oiliúnoirí agus ar scrúdaitheoirí, ag féachaint do na beartais, na córais, na rialuithe agus na hathbheirthe inmheánacha maidir le dearbhú cáilíochta a bhunaítear chun a áirithiú go mbaintear amach na cuspóirí atá sainithe.

Na cuspóirí agus na caighdeán cháilíochta ghaolmhara dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (c), féadtar iad a shonrú ar leithligh do chúrsaí agus do chlár oiliúna éagsúla agus cumhdóidh siad riar an chórais deimhnithe.

2. Áiríteoidh na Ballstáit freisin go ndéanfar meastóireachtaí neamhspleácha ar na gníomhaíochtaí maidir le sealbhú agus measúnú eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí agus ar riar an chórais deimhnithe ag eatraimh nach faide ná 5 bliana agus go ndéanfaidh daoine cáilithe nach mbaineann leis na gníomhaíochtaí i gceist na meastóireachtaí sin chun an méid seo a leanas a fhíorú:

- (a) maidir le gach bearta rialaithe agus faireacháin de chuid na bainistíochta inmheánaí, mar aon leis na gníomhaíochtaí leantacha, go gcomhlíonann siad na socruithe agus na nósanna imeachta doiciméadacha atá pleanáilte agus go bhfuil siad éifeachtach chun a áirithiú go mbaintear amach na cuspóirí atá sainithe;
- (b) go bhfuil torthaí gach meastóireachta neamhspleáiche doiciméadaithe agus go gcuirtear ar an eolas fúthu iad siúd atá freagrach as an réimse ar a rinneadh meastóireacht;
- (c) go ndéantar beart go tráthúil chun easnaimh a chur ina gceart;

(d) go gcumhdaíonn an córas caighdeán cáilíochta gach foráil is infheidhme de Choinbhinsiún STCW agus dá Chód, lena n-áirítear leasuithe. Féadfaidh na Ballstáit a áireamh sa chóras seo freisin na forálacha eile is infheidhme de chuid na Treorach seo.

3. Déanfaidh aon Bhallstát lena mbaineann tuairisc a bhaineann le gach meastóireacht a dhéantar de bhun mhír 2 den Airteagal seo a chur in iúl don Choimisiún, i gcomhréir leis an bhformáid a shonraítear i Roinn A-I/7 de Chód STCW, laistigh de 6 mhí ó dháta na meastóireachta.

Airteagal 12

Caighdeán leighis

1. Bunóidh gach Ballstát caighdeán feidhmiúlachta sláinte le haghaidh maraithe agus nósanna imeachta maidir le deimhniú leighis a eisiúint i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le Roinn A-I/9 de Chód STCW, agus Roinn B-I/9 de Chód STCW a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí.

2. Áiritheoidh gach Ballstát gur liachleachtóirí a dtugann an Ballstát sin aitheantas dóibh chun scrúduithe leighis na maraithe a dhéanamh atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht sláinte na maraithe, i gcomhréir le Roinn A-I/9 de Chód STCW.

3. Gach maraí atá ag fónamh ar farraige agus ag a bhfuil deimhniú inniúlachta nó deimhniú oilteachta a eisíodh faoi fhorálacha Choinbhinsiún STCW, beidh aige freisin deimhniú leighis bailí a eisíodh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le Roinn A-I/9 de Chód STCW.

4. Maidir le hiarrthóirí ar dheimhniú leighis:

(a) beidh siad 16 bliana d'aois nó níos sine;

(b) tabharfaidh siad cruthúnas sásúil maidir lena gcéannacht;

(c) sásóidh siad na caighdeán feidhmiúlachta sláinte is infheidhme arna mbunú ag an mBallstát lena mbaineann.

5. Beidh deimhnithe leighis bailí ar feadh uastréimhse 2 bhliain ach amháin má tá an maraí faoi 18 mbliana d'aois, 1 bhliain amháin an uastréimhse bhailíochta sa chás sin.

6. Beidh feidhm ag Rialachán I/9 d'Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW má théann tréimhse bhailíochta deimhnithe leighis in éag le linn aistir.

7. I gcásanna práinneacha, féadfaidh Ballstát cead a thabhairt do mharáí a bheith ag obair gan deimhniú leighis bailí. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag Rialachán I/9 d'Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW.

Airteagal 13

Athbhailíochtú deimhnithe inniúlachta agus deimhnithe oilteachta

1. Gach máistir, oifigeach agus oibreoir raidió a bhfuil ina sheilbh aige deimhniú arna eisiúint nó arna aithint faoi aon Chaibidil d'Iarscríbhinn I seachas Rialachán V/3 de Chaibidil V nó Caibidil VI agus atá ag fónamh ar farraige nó a bhfuil rún aige cur chun farraige an athuair tar éis tréimhse a chaitheamh istír, ceanglófar air, d'fhonn gur féidir leis leanúint de bheith cáilithe le haghaidh fónamh ar farraige, ag eatraimh nach faide ná 5 bliana:

(a) na caighdeán feidhmiúlachta sláinte a fhorordaítear le hAirteagal 12 a chomhlíonadh;

(b) inniúlacht ghairmiúil leanúnach a shuíomh i gcomhréir le Roinn A-I/11 de Chód STCW.

2. Déanfaidh gach máistir, oifigeach agus oibreoir raidió, i gcás seirbhís farraige leanúnach ar bord long ar comhaontaíodh ceanglais speisialta oiliúna ina leith go hidirnáisiúnta, an oiliúint fhorhmeasta ábhartha a chríochnú go rathúil.

3. Déanfaidh gach máistir agus oifigeach, le haghaidh seirbhís farraige leanúnach ar bord tancaer, na ceanglais a luaitear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh agus ceanglófar orthu, ag eatraimh nach faide ná 5 bliana, inniúlacht ghairmiúil leanúnach a léiriú le haghaidh tancaer i gcomhréir le Roinn A-I/11, mír 3, de Chód STCW.

4. Déanfaidh gach máistir nó oifigeach na ceanglais a luaitear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh agus ceanglófar orthu, ag eatraimh nach faide ná 5 bliana, inniúlacht ghairmiúil leanúnach a shuíomh le haghaidh longa a oibríonn in uisce polacha i gcomhréir le Roinn A-I/11, mír 4, de Chód STCW.

5. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a cheanglaítear a bheith ag iarrthóirí ar dheimhnithe inniúlachta agus/nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint go dtí an 1 Eanáir 2017 a chur i gcomparáid leis na caighdeáin arna sonrú le haghaidh an deimhnithe ábhartha inniúlachta agus/nó an deimhnithe oilteachta i gCuid A de Chód STCW, agus déanfaidh siad a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le ceangal a chur ar shealbhóirí na ndeimhnithe inniúlachta agus/nó na ndeimhnithe oilteachta sin dul faoi oiliúint iomchuí athnuachana, leanúna nó measúnú.
6. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a chuir sé de cheangal ar dhaoine a bhí ag fónamh ar longa arna mbreoslú le gás roimh an 1 Eanáir 2017 a chur i gcomparáid leis na caighdeáin inniúlachta a luaitear i Roinn A-V/3 de Chód STCW, agus déanfaidh sé a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le ceangal a chur ar na daoine sin a gcáilíochtaí a nuashonrú.
7. Déanfaidh gach Ballstát, i gcomhairle leo siúd lena mbaineann, struchtúr a fhoirmlíú chun cúrsaí athnuachana agus cúrsaí uasdátúcháin a cheapadh mar a fhoráiltear i Roinn A-I/11 de Chód STCW nó déanfaidh siad foirmlíú struchtúir a chur chun cinn.
8. Chun eolas máistrí, oifigeach agus oibreoirí raidió a thabhairt cothrom le dáta, áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfar téacsanna na n-athruithe is déanaí ar rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le sábháilteacht anama ar muir, le slándáil agus le cosaint an chomhshaoil muirí a chur ar fáil do longa atá i dteideal a bhrataí a bheith ar foluain acu, agus forálacha Airteagal 15(3), pointe (b), agus Airteagal 19 á gcomhlíonadh acu.

Airteagal 14

Úsáid ionsamhlóirí

Na caighdeáin feidhmíochta agus forálacha eile a leagtar amach i Roinn A-I/12 de Chód STCW agus ceanglais eile den sórt sin mar a fhorordaítear i gCuid A de Chód STCW i gcás aon deimhnithe lena mbaineann, déanfar iad a chomhlíonadh i leith an mhéid seo a leanas:

- (a) an oiliúint éigeantach ar fad in ionsamhlóir;
- (b) aon mheasúnú ar inniúlacht a cheanglaítear de réir Chuid A de Chód STCW, a dhéantar trí bhíthin ionsamhlóra;
- (c) aon léiriú d'oilteacht leanúnach a dhéantar trí bhíthin ionsamhlóra agus a cheanglaítear de réir Chuid A de Chód STCW.

Airteagal 15

Freagrachtaí na gcuideachtaí

1. I gcomhréir le mír 2 agus mír 3, cuirfidh na Ballstáit freagracht ar chuideachtaí as maraithe a cheapadh le haghaidh seirbhís ar longa dá gcuid i gcomhréir leis an Treoir seo, agus cuirfidh siad de cheangal ar gach cuideachta an méid seo a leanas a áirithiú:
 - (a) go bhfuil ag gach maraí arna cheapadh ar aon long dá cuid deimhniú iomchuí i gcomhréir leis an Treoir seo agus mar atá leagtha síos ag an mBallstát;
 - (b) go bhfoireannaítear a cuid long i gcomhréir le ceanglais foirne sábháilte is infheidhme de chuid an Bhallstáit;
 - (c) go gcoinnítear doiciméadacht agus sonraí atá ábhartha maidir le gach maraí atá fostaithe ar longa dá cuid agus go bhfuil rochtain go réidh orthu, agus go n-áirítear orthu doiciméadacht agus sonraí maidir lena dtaithe, oiliúint, feidhmiúlacht sláinte agus inniúlacht sna dualgais arna sannadh dóibh, gan a bheith teoranta do dhoiciméadacht agus sonraí den sórt sin;
 - (d) nuair a cheaptar ar aon cheann dá cuid long iad, go cuirtear maraithe ar an eolas faoina ndualgais shonracha agus faoi shocrúithe, suiteálacha, trealamh, nósanna imeachta, agus saintréithe uile na loinge atá ábhartha maidir lena ngnáthdualgais nó lena ndualgais éigeandála;
 - (e) gur féidir le criú na loinge a ngníomhaíochtaí a chomhordú go héifeachtach i gcás éigeandála agus feidhmeanna a dhéanamh atá ríthábhachtach do shábháilteacht nó chun truailliú a chosc nó a mhaolú;
 - (f) go ndéanann maraithe a cheaptar ar aon long dá cuid oiliúint athnuachana agus oiliúint uasdátúcháin mar a cheanglaítear de réir Choinbhinsiún STCW;
 - (g) go mbíonn cumarsáid éifeachtach ó bhéal ann i gcónaí ar bord longa dá cuid i gcomhréir le Caibidil V, Rialachán 14, mír 3 agus mír 4, de SOLAS 74, arna leasú.
2. Beidh freagracht ar chuideachtaí, ar mháistrí agus ar bhaill den chriú araon a áirithiú go dtabharfar éifeacht iomlán chríochnúil do na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo agus go ndéanfar na bearta eile is gá chun a áirithiú gur féidir le gach ball den chriú atá eolasach rannchuidiú le hoibriú sábháilte na loinge.

3. Cuirfidh an chuideachta treoracha i scríbhinn ar fáil do mháistir gach loinge a bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir léi, ar treoracha iad lena leagtar amach na beartais agus na nósanna imeachta atá le leanúint chun a áirithiú go dtabharfar deis réasúnach do gach maraí nuafhostaithe ar bord na loinge dul i dtaithe ar threalamh ar bord loinge, ar nósanna imeachta oibríochta agus ar shocruithe eile a bhfuil gá leo le haghaidh comhlíonadh cuí a ndualgas, sula sannfar na dualgais sin dóibh. Áireofar ar na beartais agus na nósanna imeachta sin an méid seo a leanas:

- (a) sannadh tréimhse ama réasúnach ar féidir le gach maraí nuafhostaithe deis a bheith aige eolas a chur ar an méid seo a leanas lena linn:
 - (i) an trealamh sonrach a bheidh á úsáid nó á oibriú ag an maraí;
 - (ii) nósanna imeachta agus socruithe atá sainiúil don long maidir le faire, sábháilteacht, cosaint an chomhshaoil agus cásanna éigeandála nach mór don mharaí a bheith ar an eolas fúthu chun na dualgais a shanntar dó a dhéanamh go cuí;
- (b) ball eolach den chriú a ainmniú a mbeidh an fhreagracht air a áirithiú go dtabharfar deis do gach maraí nuafhostaithe faisnéis bhunriachtanach a fháil i dteanga a thuigeann an maraí.

4. Maidir le máistrí, oifigigh agus pearsanra eile a shanntar dualgais agus freagrachtaí sonracha dóibh ar bord longa paisinéirí róró, áiritheoidh cuideachtaí go mbeidh oiliúint taithíochta críochnaithe acu chun na cumais a fháil atá iomchuí maidir leis an bpost atá le líonadh agus na dualgais agus na freagrachtaí atá le glacadh, agus an treoraíocht a thugtar i Roinn B-I/14 de Chód STCW á cur san áireamh.

Airteagal 16

Feidhmiúlacht le haghaidh dualgais

1. Chun tuirse a chosc, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
 - (a) bunóidh siad tréimhsí sosa agus déanfaidh siad iad a fhorfheidhmiú i gcás pearsanra faire agus iad siúd a bhfuil dualgais sannta orthu a bhaineann le sábháilteacht, slándáil agus cosc ar thruailliú i gcomhréir le míreanna 3 go 13;
 - (b) ceanglóidh siad go socrófar córais faire ar bhealach nach lagófar éifeachtúlacht phearsanra faire de dheasca na tuirse, agus go n-eagrófar dualgais sa dóigh go bhfuil a ndóthain scithe déanta ag lucht na chéad fhaire i dtús an aistir agus ag gach lucht faire uainíochta ina dhiaidh sin agus go bhfuil siad réidh chun dualgais ar gach dóigh eile.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, chun mí-úsáid drugaí agus alcóil a chosc, go mbunófar bearta leordhóthanacha i gcomhréir leis an Airteagal seo.
3. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh an bhaol a bhaineann le tuirse maraithe, go háirithe maraithe a bhfuil dualgais oibrithe loinge ar bhealach slán agus sábháilte orthu.
4. Maidir leis na daoine ar fad a shannfar dualgas mar oifigeach i gceannas faire nó mar aicmeach cabhlaigh ar cuid den fhaire é, agus maidir leo siúd a bhfuil dualgais shannta sábháilteachta, cosc ar thruailliú agus slándála mar chuid dá ndualgas, tabharfar tréimhse sosa dóibh nach lú í ná:
 - (a) ar a laghad 10 n-uaire sosa laistigh d'aon tréimhse 24 uair an chloig; agus
 - (b) 77 uair laistigh d'aon tréimhse seacht lá.
5. Féadfar na huaireanta sosa a roinnt in dhá thréimhse ar a mhéad, tréimhse amháin a mhairfidh ar a laghad sé huaire, agus ní rachaidh na heatraimh idir tréimhsí leantacha sosa thar 14 huaire.
6. Ní gá na ceanglais le haghaidh tréimhsí sosa a leagtar síos i mír 4 agus mír 5 a choinneáil ar bun i gcás éigeandála nó i gcás coinníollacha oibrithe sáraitheacha. Tionóil, druileanna comhraicthe dóiteáin agus druileanna báid tarrthála agus na druileanna arna bhforordú le dlíthe agus rialacháin náisiúnta agus le hionstraimí idirnáisiúnta, déanfar iad sa dóigh go n-íoslaghdaítear an méid a chuirtear isteach ar thréimhsí sosa agus ar bhealach nach cúis tuirse é.
7. Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfeadh scéidil faire in airde in áit a mbeidh sé éasca teacht orthu. Bunófar na scéidil i bhformáid chaighdeánaithe i dteanga oibre nó i dteangacha oibre na loinge agus i mBéarla.
8. I gcás ina bhfuil maraí ar ghlaodhualgas, nuair nach mbíonn freastal ar spás an innealra mar shampla, beidh tréimhse sosa chúiteach leordhóthanach ag an maraí má chuirtear isteach ar an ngnáth-thréimhse sosa toisc go nglaoitear chun oibre air.

9. Ceanglóidh na Ballstáit go gcoinneofar taifid d'uaireanta laethúla na maraithe i bhformáid chaighdeánaithe, i dteanga oibre nó i dteangacha oibre na loinge agus i mBéarla, ionas go bhféadtar faireachán agus fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Airteagail seo. Gheobhaidh na maraithe cóip de na taifid a bhaineann leo, ar cóip í a fhorhnuineoidh an máistir, nó duine atá údaraithe ag an máistir é, agus na maraithe.

10. D'ainneoin na rialacha a leagtar síos i míreanna 3 go 9, beidh máistir na loinge i dteideal a cheangal ar mharaí uaireanta oibre atá riachtanach a dhéanamh le haghaidh sábháilteacht láithreach na loinge, na ndaoine ar bord nó an lastais, nó chun cúnaimh a thabhairt do longa eile nó do dhaoine atá i nguais ar muir. Féadfaidh an máistir, dá réir sin, sceideal na n-uaireanta sosa a chur ar fionraí agus a cheangal ar mharaí uaireanta oibre atá riachtanach a dhéanamh go dtí go mbeidh an gnáthstaid curtha i réim athuair. Áiritheoidh an máistir, a luaithe is indéanta i ndiaidh don ghnáthstaid a bheith curtha i réim athuair, go mbeidh tréimhse sosa leordhóthanach ag aon mharaí a rinne obair laistigh de thréimhse a bhí sceidealaithe mar thréimhse sosa.

11. Agus aird chuí á tabhairt ar na prionsabail ghinearálta i ndáil le cosaint sláinte agus sábháilteacht oibríthe agus i gcomhréir le Treoir 1999/63/CE, féadfaidh na Ballstáit, trí bhíthin dlíthe náisiúnta, rialacháin nó nós imeachta don údarás inniúil, comhaontuithe cómhargála a údarú nó a chlárú, ar comhaontuithe cómhargála iad lena gceadaítear eisceachtaí ar na huaireanta scíthe dá bhforáiltear i mír 4, pointe (b), agus i mír 5 den Airteagal seo, ar choinníoll nárbh fhéidir an tréimhse sosa a bheith níos lú ná 70 uair an chloig i dtréimhse 7 lá agus go n-urramófaí na teorainneacha a leagtar síos i mír 12 agus mír 13 den Airteagal seo. Beidh na heisceachtaí sin, a mhéid is féidir, i gcomhréir leis na caighdeáin atá leagtha amach ach is féidir tréimhsí saoire is minice nó is faide, nó deonú saoirí mar chúiteamh do mharaíthe faire nó do mharaíthe a oibríonn ar bord longa ar thurais ghearra, a chur san áireamh iontu. Cuirfear san áireamh sna heisceachtaí sin, a mhéid is féidir, an treoraíocht maidir le tuirse a chosc a leagtar síos i Roinn B-VIII/1 de Chód STCW. Ní cheadófar eisceachtaí ar líon íosta na n-uaireanta sosa dá bhforáiltear i mír 4, pointe (a), den Airteagal seo.

12. Ní cheadófar na eisceachtaí dá dtagraítear i mír 11 ar an tréimhse sosa seachtainiúil dá bhforáiltear i mír 4, pointe (b), le haghaidh tréimhse níos faide ná 2 sheachtain as a chéile. Ní bheidh na heatraimh idir dhá thréimhse eisceachtaí ar bord níos lú ná a dhá hoiread fhad na heisceachta.

13. Faoi chuimsiú eisceachtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar mhír 5, dá dtagraítear i mír 11, féadfar líon íosta na n-uaireanta sosa i dtréimhse 24 uair an chloig dá bhforáiltear i mír 4, pointe (a), a roinnt ina dtrí thréimhse sosa ar a mhéad, agus beidh tréimhse sosa amháin acu sin sé huair ar a laghad ar fad agus ní bheidh aon cheann den dá thréimhse sosa eile níos lú ná uair an chloig ar fhad. Ní rachaidh na heatraimh idir tréimhsí sosa leantacha thar 14 uair. Ní rachaidh eisceachtaí thar dhá thréimhse 24 uair an chloig in aon tréimhse seacht lá.

14. Chun mí-úsáid alcóil a chosc, bunóidh na Ballstáit teorainn nach mó ná 0,05 % don leibhéal alcóil san fhuil (tiúchan alcóil san fhuil) nó 0,25 mg/l alcóil san anáil nó cainníocht alcóil a d'fhágfadh go mbeadh tiúchan alcóil den sórt sin ag máistrí, oifigigh agus maraithe eile agus iad ag comhlíonadh dualgais shannta sábháilteachta, slándála agus comhshaoil mhuirí.

Airteagal 17

Dispeansáid

1. I gcás ina bhfuil géarghá leis, féadfaidh na húdaráis inniúla, más é a dtuairim nach cúis baoil é do dhaoine, do mhaoin nó don chomhshaoil, dispeansáid a eisiúint lena gceadaítear do mharaí sonraithe a bheith ag fónamh ar long shonraithe do thréimhse shonraithe nach faide ná sé mhí, seachas i gcáil oibreoir raidió, seachas de réir mar a fhoráiltear sna Rialacháin Raidió ábhartha, i gcáil nach bhfuil deimhniú iomchuí aige di, ar choinníoll go bhfuil an duine a bhfuil dispeansáid eisithe dó cáilithe a dhóthain chun an folúnta a líonadh ar bhealach sábháilte chun sástacht na n-údarás inniúla. Ní cheadófar dispeansáidí do mháistir ná do phríomhoifigeach innealtóireachta, áfach, ach amháin i gcás *force majeure* agus don tréimhse is giorra is féidir sa chás sin.

2. Ceadófar aon dispeansáid le haghaidh poist do dhuine atá deimhnithe go cuí chun an post díreach faoina bhun a líonadh. I gcás nach bhfuil deimhniú riachtanach don phost faoina bhun, féadfaidh dispeansáid a eisiúint do dhuine a bhfuil a cháilíocht nó a thaithí, i dtuairim na n-údarás inniúla, ar leibhéal atá riachtanach do na ceanglais don phost atá le líonadh, ar choinníoll, mura bhfuil aon deimhniú iomchuí i seilbh an duine sin, go bhfuil de cheangal air nó uirthi go n-éireoidh leis i dtástáil a mheasann na húdaráis inniúla a léiríonn go bhféadfaidh dispeansáid den sórt sin a eisiúint go sábháilte. Ina theannta sin, áiritheoidh na húdaráis inniúla go líonfaidh sealbhóir deimhnithe iomchuí an post atá i gceist chomh luath agus is féidir.

Airteagal 18

Freagrachtaí na mBallstát maidir le hoiliúint agus le measúnú

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis nó na comhlachtaí atá leis an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) an oiliúint dá dtagraítear in Airteagal 3 a thabhairt;
 - (b) scrúduithe a eagrú agus/nó a mhaoirsiú i gcás inar gá;
 - (c) na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 4 a eisiúint;
 - (d) na díolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 17 a dheonú.
2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
 - (a) maidir le gach oiliúint agus measúnú maraith:
 - (i) go bhfuil siad struchtúrtha i gcomhréir leis na cláir scríofa, agus go n-áirítear iontu na modhanna agus meáin seachadta, na nósanna imeachta agus an t-ábhar cúrsa a bhfuil gá leo chun an caighdeán inniúlachta forordaithe a bhaint amach;
 - (ii) gur daoine atá cáilithe i gcomhréir le pointe (d), pointe (e) agus pointe (f) a reáchtálfaidh iad, a dhéanfaidh faireachán agus meastóireacht orthu agus a thabharfaidh tacaíocht dóibh;
 - (b) nach ndéanfaidh daoine oiliúint inseirbhíse nó measúnú ar bord loinge ach amháin nuair nach ndéanfaidh oiliúint nó measúnú den sórt sin dochar do ghnáthoibriú na loinge agus is féidir leo a n-am a chaitheamh ar oiliúint agus ar mheasúnú agus a n-aird a thabhairt dóibh;
 - (c) go mbeidh teagascóirí, maoirseoirí agus measúnóirí cáilithe go cuí le haghaidh na cineálacha agus leibhéil ar leith oiliúna agus measúnaithe inniúlachta maraith ar bord nó istír;
 - (d) maidir le haon duine a thugann oiliúint inseirbhíse maraith, ar bord nó istír, oiliúint atá ceaptha úsáid a bhaint aisti chun a bheith cáilithe le haghaidh deimhniú faoin Treoir seo:
 - (i) go bhfuil tuiscint acu ar an gclár oiliúna agus tuiscint acu ar chuspóirí oiliúna sonracha le haghaidh an chineáil ar leith oiliúna atáthar thabhairt;
 - (ii) go bhfuil siad cáilithe don chúram a bhfuiltear ag tabhairt oiliúna faoi;
 - (iii) má tá an oiliúint á tabhairt le hionsamhlóir:
 - go bhfuil treoraíocht iomchuí faighte acu maidir le teicnící teagaisc a bhaineann le húsáid a bhaint as ionsamhlóirí, agus
 - go bhfuil taithí oibríochtúil phraiticiúil faighte acu maidir leis an gcineál ionsamhlóra a bhaintear úsáid as;
 - (e) go mbeidh ag aon duine atá freagrach as maoirseacht ar oiliúint inseirbhíse maraith, ar oiliúint inseirbhíse í a bhainfear úsáid aisti chun a bheith cáilithe le haghaidh deimhnithe, tuiscint iomlán ar an gclár oiliúna agus ar chuspóirí sonracha gach cineál oiliúna atá á déanamh;
 - (f) maidir le haon duine a dhéanann measúnú inseirbhíse ar inniúlacht maraith, ar bord nó istír, ar measúnú é atá ceaptha lena úsáid chun a bheith cáilithe le haghaidh deimhniú faoin Treoir seo:
 - (i) go bhfuil leibhéal iomchuí eolais aige agus tuiscint ar an inniúlacht a bhfuil measúnú le déanamh uirthi;
 - (ii) go bhfuil sé cáilithe don chúram a bhfuiltear ag déanamh measúnaithe faoi;
 - (iii) go bhfuil treoraíocht iomchuí faighte aige maidir le modhanna measúnaithe agus cleachtas measúnaithe;
 - (iv) go bhfuil taithí phraiticiúil faighte aige ar mheasúnú;
 - (v) má dhéantar measúnú le húsáid ionsamhlóirí, go bhfuil taithí phraiticiúil faighte aige ar mheasúnú maidir leis an gcineál áirithe ionsamhlóra faoi mhaoirseacht measúnóra a bhfuil taithí aige agus chun sástacht an mheasúnóra sin;
 - (g) nuair a aithníonn Ballstát cúrsa oiliúna, institiúid oiliúna, nó cáilíocht a bhronn institiúid oiliúna mar chuid de na ceanglais maidir le deimhniú a eisiúint, go gcumhdófar cáilíochtaí agus taithí teagascóirí agus measúnóirí agus forálacha caighdeán cháilíochta Airteagal 11 á gcur i bhfeidhm; ionchorprófar sa cháilíocht, sa taithí agus sa chur i bhfeidhm caighdeán cáilíochta sin oiliúint iomchuí maidir le teicnící teagaisc agus modhanna oiliúna agus measúnaithe agus comhlíonfaidh siad na ceanglais uile is infheidhme de chuid phointe (d), phointe (e) agus phointe (f) den mhír seo.

*Airteagal 19***Cumarsáid ar bord**

Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

- (a) go mbeidh, gan dochar do phointe (b) agus pointe (d), ar bord longa a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu, socruithe ann i gcónaí le haghaidh cumarsáid ó bhéal a bhaineann le sábháilteacht i measc bhaill uile chriú na loinge, go háirithe maidir le teachtaireachtaí agus treoracha a ghlacadh agus a thuiscint i gceart agus go tráthúil;
- (b) go mbunófar teanga oibre agus go ndéanfar taifead uirthi i logleabhar na loinge ar bord gach loinge paisinéirí a chuireann tús le haistear agus/nó a chríochnaíonn aistear i gcalafort de chuid Ballstáit, ionas go n-áiritheofar feidhmiú éifeachtach an chriú maidir le cúrsaí sábháilteachta;

cinnfidh an chuideachta nó an máistir, de réir mar is iomchuí, an teanga oibre iomchuí; ceanglófar ar gach maraí an teanga sin a thuiscint agus, i gcás inarb iomchuí, orduithe agus treoracha a thabhairt agus tuairisciú ar ais sa teanga sin;

mura teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit í an teanga oibre, beidh aistriúcháin isteach sa teanga oibre san áireamh sna pleananna agus liostaí uile is gá a phostáil;

- (c) ar bord longa paisinéirí, go mbeidh na pearsanra atá ainmnithe ar liostaí tionóil chun cuidiú le paisinéirí i gcás éigeandála le haithint go héasca agus go mbeidh scileanna cumarsáide leordhóthanacha acu chun cumarsáid a dhéanamh leis na paisinéirí i gcás mar sin, ag cur san áireamh teaghlaim iomchuí agus leordhóthanach d'aon chinn de na fachtóirí seo a leanas:
 - (i) teanga nó teangacha is iomchuí maidir le príomhnáisiúntachtaí na bpaisinéirí atá á n-iompar ar bhealach ar leith;
 - (ii) an dóchúlacht go bhféadfadh an cumas Béarla bunúsach a úsáid chun treoracha bunúsacha a thabhairt a bheith ina bhealach cumarsáide le paisinéir a mbeadh cúnaimh ag teastáil uaidh bíodh teanga chomónta ag an bpaisinéir agus ag an duine den chriú nó ná bíodh;
 - (iii) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann cumarsáid a dhéanamh le linn cás éigeandála ar mhodhanna eile, mar shampla, trí léiriú, comharthaí láimhe, nó aird a tharraingt ar áit a bhfuil treoracha, na stáisiúin tionóil, na feistí tarrthála nó na bealaí éalaithe, i gcás nach mbeadh cumarsáid ó bhéal praiticiúil;
 - (iv) a mhéid a cuireadh treoracha iomlána sábháilteachta ar fáil do phaisinéirí ina dteanga dhúchais nó ina dteangacha dúchais;
 - (v) na teangacha ina bhféadfaí fógraí éigeandála a chraoladh le linn éigeandála nó druile chun treoraíocht rithábachtach a thabhairt do phaisinéirí agus chun a éascú don chriú cuidiú leis na paisinéirí;
- (d) ar bord tancaeir ola, tancaeir ceimiceán agus tancaeir gáis leachtaithe a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu, go mbeidh an máistir, na hoifigigh agus aicmigh chabhlaigh in ann cumarsáid a dhéanamh le chéile i dteanga chomhónta oibre nó i dteangacha comónta oibre;
- (e) go mbeidh modhanna cumarsáide leordhóthanacha ann idir an long agus na húdaráis ar tír; déanfar an chumarsáid sin i gcomhréir le Caibidil V, Rialachán 14, mír 4, de SOLAS 74;
- (f) agus rialú stáit ar chalafoirt faoi Threoir 2009/16/CE á dhéanamh acu, go ndéanfaidh na Ballstáit seiceáil freisin go gcomhlíonann longa a bhfuil bratach ar foluain acu ar bratach Stáit nach Ballstát í an tAirteagal seo.

*Airteagal 20***Aitheantas deimhnithe inniúlachta agus deimhnithe oilteachta**

1. Féadfar cead a thabhairt do mharaithe nach bhfuil deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta a d'eisigh na Ballstáit do mháistir agus oifigigh i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus Rialachán V/1-2 de Choinbhinsiún STCW a bheith ag fónamh ar longa a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu ar choinníoll gur glacadh cinneadh maidir le haitheantas a ndeimhnithe inniúlachta nó le haitheantas a ndeimhnithe oilteachta trí nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.

2. Maidir le Ballstát a bhfuil rún aige aitheantas a thabhairt, trí fhorhnuiniú, do na deimhnithe inniúlachta nó do na deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo arna n-eisiúint ag tríú tír chuig máistir, oifigeach nó oibreoir raidió, le haghaidh fónamh ar longa a bhfuil a bhratach ar foluain orthu, cuirfidh an Ballstát sin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar aitheantas don tríú tír sin, agus réamhanailís ag gabháil leis ar cheanglais Choinbhinsiún STCW a bheith á gcomhlíonadh ag an tríú tír tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a bhailiú. Mar thaca lena iarraidh, cuirfidh an Ballstát breis faisnéise ar fáil sa réamhanailís sin ar na cúiseanna le haitheantas a thabhairt don tríú tír.

Tar éis do Bhallstát iarraidh den sórt sin a thíolacadh, próiseálfaidh an Coimisiún an iarraidh sin gan mhoill agus déanfaidh sé cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2), maidir le tús a chur leis an measúnú ar an gcóras oiliúna agus deimhnithe sa tríú tír laistigh de thréimhse réasúnta ama, agus aird iomchuí á tabhairt ar an teorainn ama a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo.

Nuair a ghlacfar cinneadh dearfach chun tús a chur leis an measúnú, déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, agus le ról féideartha an Bhallstáit atá ag tíolacadh na hiarrata, chomh maith le haon Bhallstát leasmhara eile, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a bhailiú agus déanfaidh sé measúnú ar na córais oiliúna agus deimhnithe sa tríú tír ar tíolacadh an iarraidh ar aitheantas ina leith, chun a fhíorú go gcomhlíonann an tríú tír sin ceanglais uile Choinbhinsiún STCW agus go ndearnadh na bearta iomchuí chun an eisiúint deimhnithe calaoiseacha a chosc agus chun a bhreithniú ar dhaingnigh sí an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006.

3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, de thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, go bhfuil na ceanglais sin ar fad á gcomhlíonadh, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos a chinneadh maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tír. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2), laistigh de 24 mhí ó thíolacadh na hiarrata ag an mBallstát dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

I gcás inar gá don tríú tír lena mbaineann mórbhearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leasuithe a dhéanamh ar a reachtaíocht, a córas oideachais, oiliúna agus deimhniúcháin d'fhonn ceanglais Choinbhinsiún STCW a chomhlíonadh, glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo laistigh de 36 mhí ón iarraidh a bheith curtha isteach ag an mBallstát dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Féadfaidh an Ballstát atá ag tíolacadh na hiarrata sin a chinneadh aitheantas a thabhairt don tríú tír go haontaobhach go dtí go nglacfar gníomh cur chun feidhme faoi bhun na míre seo. I gcás ina dtugtar an t-aitheantas aontaobhach sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann in iúl don Choimisiún líon na bhformhuinithe lena bhfianaítear aitheantas a eisíodh i dtaca le deimhnithe inniúlachta agus deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1, arna n-eisiúint ag an tríú tír go dtí go nglacfar an gníomh cur chun feidhme maidir le haitheantas na tríú tíre sin.

4. Féadfaidh Ballstát a chinneadh, i leith longa a bhfuil a bhratach ar foluain acu, deimhnithe a eisíodh ag tríú tíortha a aithníonn an Coimisiún a fhormhíniú, ag féachaint do na forálacha a leagtar síos i bpointe (4) agus pointe (5) d'Iarscríbhinn II.

5. Aitheantais deimhnithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha aitheanta agus arna bhfoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith C, roimh 14 Meitheamh 2005, beidh siad bailí go fóill.

Féadfaidh na Ballstáit uile úsáid a bhaint as na haitheantais sin ach amháin má tharraing an Coimisiún siar iad ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 21.

6. Déanfaidh an Coimisiún liosta tríú tíortha ar aithníodh iad a chur le chéile agus a thabhairt cothrom le dáta. Foilseofar an liosta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith C.

7. D'ainneoin Airteagal 4(7), féadfaidh Ballstát, más gá sna cúinsí, ligean do mharaí a bheith ag fónamh i gcáil nach cáil oifigigh raidió nó oibreora raidió é, seachas mar a fhoráiltear leis na Rialacháin Raidió, ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí, ar bord long a bhfuil a bhratach ar foluain aici, agus deimhniú iomchuí agus bailí aige a d'eisigh tríú tír agus a d'fhormhuinigh sí de réir mar is gá, ach nár fhormhuinigh an Ballstát lena mbaineann le haghaidh aitheantais go fóill chun é a dhéanamh iomchuí le haghaidh seirbhís ar bord long a bhfuil a bhratach ar foluain aici.

Coimeádfar fianaise dhoiciméadach in aice lámhe gur cuireadh isteach iarratas le haghaidh formhuinithe do na húdaráis inniúla.

Airteagal 21

Neamhchomhlíonadh cheanglais Choinbhinsiún STCW

1. D'ainneoin na gcritéar a shonraítear in Iarscríbhinn II, nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann tríú tír aitheanta ceanglais Choinbhinsiún STCW a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún láithreach, ag tabhairt cúiseanna substainteacha leis sin.

Cuirfidh an Coimisiún an cás faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 31(1) gan mhoill.

2. D'ainneoin na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, nuair a mheasann an Coimisiún nach gcomhlíonann tríú tír aitheanta ceanglais Choinbhinsiún STCW a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit láithreach, ag tabhairt cúiseanna substainteacha leis sin.

Cuirfidh an Coimisiún an cás faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 31(1) gan mhoill.

3. I gcás ina bhfuil sé i gceist ag Ballstát formhuinthe na ndeimhnithe uile a d'eisigh tríú tír a tharraingt siar, cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoina bhfuil i gceist aige a dhéanamh gan mhoill, ag tabhairt cúiseanna substainteacha leis sin.
4. Déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, athbhreithniú ar aitheantas an tríú tír sin lena mbaineann chun a fhíorú an amhlaidh nár chomhlíon an tír sin ceanglais Choinbhinsiún STCW.
5. I gcás inar cosúil nach gcomhlíonann eagrais oiliúna muirí ar leith ceanglais Choinbhinsiún STCW a thuilleadh, cuirfidh an Coimisiún in iúl don tríú tír lena mbaineann go dtarraingeofar aitheantas deimhnithe na tríú tíre sin siar in 2 mhí ach amháin má ghlactar bearta chun comhlíonadh ceanglais uile Choinbhinsiún STCW a áirithiú.
6. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh maidir le tarraingt siar an aitheantais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2). Glacfaidh na Ballstáit lena mbaineann bearta iomchuí chun an cinneadh a chur chun feidhme.
7. Beidh formhuinthe lena bhfianaítear aitheantas do dheimhnithe, arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 4(7) roimh an dáta a dhéantar an cinneadh maidir le haitheantas an tríú tír a tharraingt siar, fós bailí. Ní fhéadfaidh maraithé a bhfuil formhuinthe den sórt sin acu, áfach, formhuiniú lena bhfianaítear cáilíocht níos airde a éileamh ach amháin má tá an t-uasghrádú sin bunaithe ar thaithí bhreise maidir le seirbhís farraige.
8. Mura bhfuil aon fhormhuinthe ann lena bhfianaítear aitheantas arna eisiúint ag Ballstát i dtaca le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta, dá dtagraítear in Airteagal 20(1), arna n-eisiúint ag tríú tír le haghaidh tréimhse is faide ná 8 mbliana, déanfar an t-aitheantas do dheimhnithe na tríú tíre sin a athscrúdú. Tar éis an athscrúdaithe sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2), tar éis fógra a thabhairt do na Ballstáit agus don tríú tír lena mbaineann 6 mhí roimh ré ar a laghad.

Airteagal 22

Athmheasúnú

1. Maidir leis na tríú tíortha ar tugadh aitheantas dóibh faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 20(3), an chéad fhomhír, lena n-áirítear na tríú tíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 20(6), déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú orthu, le cúnadh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, ar bhonn rialta agus laistigh de 10 mbliana ar a laghad ó rinneadh athmheasúnú go deireanach orthu, chun a fhíorú go bhfuil na critéir ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II á gcomhlíonadh acu agus an ndearnadh na bearta iomchuí chun cosc a chur ar dheimhnithe calaoiseacha a eisiúint.
2. Déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, an t-athmheasúnú ar na tríú tíortha bunaithe ar chritéir thosaíochta. Áireofar na nithe seo a leanas sna critéir thosaíochta sin:
 - (a) sonraí feidhmiúlachta ón rialú Stáit ar chalafoirt de bhun Airteagal 24;
 - (b) líon na bhformhuinthe lena bhfianaítear aitheantas arna eisiúint i dtaca le deimhnithe inniúlachta, nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialacháin V/1-1 agus V/1-2 de Choinbhinsiún STCW, arna n-eisiúint ag an tríú tír;
 - (c) líon na n-institiúidí oideachais agus oiliúna muirí arna gcreidiúnú ag an tríú tír;
 - (d) líon na gclár um oiliúint agus um fhorbairt ghairmiúil maraithé arna bhformheas ag an tríú tír;
 - (e) dáta an mheasúnaithe is déanaí ón gCoimisiún ar an tríú tír agus líon na n-easpaí i bpróisis rithábachtacha a aithníodh le linn an mheasúnaithe sin;
 - (f) athrú suntasach ar bith i gcóras oiliúna agus deimhniúcháin muirí na tríú tíre;
 - (g) líon foriomlán na maraithé arna ndeimhniú ag an tríú tír, atá ag fónamh ar longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu agus leibhéal oiliúna agus cáilíochtaí na maraithé sin;
 - (h) faisnéis maidir le caighdeán oideachais agus oiliúna sa tríú tír arna soláthar ag aon údarais lena mbaineann nó geallsealbhóirí eile, má tá sí ar fáil.

I gcás nach gcomhlíonann tríú tír ceanglais Choinbhinsiún STCW i gcomhréir le hAirteagal 21 den Treoir seo, tabharfar tús áite don athmheasúnú ar an tríú tír sin le hais na dtríú tíortha eile.

3. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil do na Ballstáit maidir le torthaí an mheasúnaithe.

Airteagal 23

Rialú Stáit ar chalafoirt

1. Beidh gach long, gan beann ar cén bhratach atá ar foluain acu, ach amháin na cineálacha long a eisiatar le hAirteagal 1, agus iad i gcalafoirt Bhallstáit, faoi réir rialú Stáit ar chalafoirt, ag oifigh a bhfuil údarú cuí faighte acu ón mBallstát sin chun a fhíorú, maidir leis na maraithe atá ag fónamh ar bord a bhfuil sé de cheangal orthu deimhniú inniúlachta agus/nó deimhniú oilteachta agus/nó fianaise dhoiciméadach a bheith acu faoi Choinbhinsiún STCW, go bhfuil an deimhniú inniúlachta sin nó dispeansáid bhailí agus/nó deimhniú oilteachta agus/nó fianaise dhoiciméadach acu.
2. Le linn dóibh rialú Stáit ar chalafoirt a fheidhmiú faoin Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na forálacha agus na nósanna imeachta ábhartha uile a leagtar síos i dTreoir 2009/16/CE i bhfeidhm.

Airteagal 24

Nósanna imeachta um Rialú Stáit ar chalafoirt

1. Gan dochar do Threoir 2009/16/CE, beidh rialú Stáit ar chalafoirt de bhun Airteagal 23 teoranta don mhéid seo a leanas:
 - (a) fíorú maidir le gach maraí atá ag fónamh ar bord a bhfuil sé de cheangal orthu deimhniú inniúlachta agus/nó deimhniú oilteachta a bheith acu i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW, go bhfuil deimhniú inniúlachta nó dispeansáid bhailí agus/nó deimhniú oilteachta acu, nó go gcuireann siad cruthúnas doiciméadach ar fáil gur cuireadh faoi bhráid údaráis Stát na brataí iarratas le haghaidh formhuiniú lena bhfianaítear aitheantas ar dheimhniú inniúlachta;
 - (b) fíorú go bhfuil líon agus deimhnithe na maraithe atá ag fónamh ar bord i gcomhréir le ceanglais foirne sábháilte údaráis Stát na brataí.
2. Déanfar measúnú ar chumas maraithe na loinge caighdeáin faire agus slándála a choinneáil ar bun, de réir mar is gá, mar a cheanglaítear de réir Choinbhinsiún STCW, i gcomhréir le Cuid A de Chód STCW má tá forais shoiléire ann le creidiúint nach bhfuiltear ag coinneáil na gcaighdeán sin ar bun toisc gur tharla aon cheann de na rudaí seo a leanas:
 - (a) bhí an long páirteach in imbhualladh, dul i dtalamh nó tráchur;
 - (b) sceitheadh substaintí contúirteacha ón long le linn di a bheith ag seoladh, ar ancaire nó i mbeart, rud atá mídhleathach faoi choinbhinsiún idirnáisiúnta;
 - (c) ionramháladh an long ar bhealach guagach nó neamhshábháilte a d'fhág nár cloíodh le bearta maidir le slite loingsithe a ghlac IMO, nó le cleachtais agus nósanna imeachta sábháilte loingseoireachta;
 - (d) oibrítear an long ar shlí eile is cúis baoil do dhaoine, do mhaoin nó don chomhshaol, nó a sharódh slándáil;
 - (e) fuarthas deimhniú go calaoiseach nó ní hé sealbhóir an deimhnithe an té dar eisíodh an deimhniú an chéadair;
 - (f) tá bratach tíre nár dhaingnigh Coinbhinsiún STCW ar foluain ag an long, nó tá uirthi máistir, oifigeach nó aicmeach cabhlaigh ag a bhfuil deimhniú a d'eisíodh trídís tír nár dhaingnigh Coinbhinsiún STCW.
3. D'ainneoin fíorú an deimhnithe, féadfaidh an measúnú faoi mhír 2 ceangal a chur ar mharáí inniúlacht ábhartha a léiriú san áit dualgais. Sa léiriú sin, is féidir fíorú a chuimsiú gur comhlíonadh ceanglais i leith caighdeáin faire agus go bhfuil freagairt cheart ar chásanna éigeandála laistigh de leibhéal inniúlachta an mharaithe.

Airteagal 25

Coinneáil

Gan dochar do Threoir 2009/16/CE, is iad na heasnamh seo a leanas, a mhéid a chinneann an t-oifigeach a dhéanann rialú Stáit ar chalafoirt gur cúis baoil iad do dhaoine, do mhaoin nó don chomhshaol, an t-aon fhoras faoin Treoir seo lenar féidir le Ballstát long a choinneáil:

- (a) mainneachtain na maraithe deimhnithe a bheith acu, deimhnithe iomchuí a bheith acu, dispeansáidí bailí nó cruthúnas doiciméadach a bheith acu go bhfuil iarratas le haghaidh formhuiniú lena bhfianaítear aitheantas curtha faoi bhráid údaráis Stát na brataí;

- (b) mainneachtain na ceanglais is infheidhme de chuid Stát na brataí maidir le foireann shábháilte a chomhlíonadh;
- (c) mainneachtain na socruithe faire loingseoireachta nó innealtóireachta a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a shonraigh Stát na brataí le haghaidh na loinge;
- (d) easnamh duine, le linn faire, a bhí cáilithe chun trealamh a oibriú atá bunriachtanach le haghaidh loingsiú sábháilte, le haghaidh radachumarsáid i ndáil le sábháilteacht, nó le haghaidh cosc ar thruailliú muirí;
- (e) mainneachtain cruthúnas oilteachta gairmiúla a chur ar fáil i dtaca leis na dualgais atá sannta do mharaithe maidir le sábháilteacht na loinge agus maidir le cosc ar thruailliú;
- (f) éagumas daoine a bhfuil a ndóthain scíthe déanta acu, agus atá réidh chun dualgais ar gach dóigh eile, a sholáthar don chéad lucht faire i dtús an aistir agus do gach lucht faire uainíochta ina dhiaidh sin.

Airteagal 26

Faireachán rialta ar chomhlíonadh

Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin faoi Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, a fhíorú ar bhonn rialta agus ar a laghad gach 5 bliana go gcomhlíonann na Ballstáit na híoscheanglais a leagtar síos sa Treoir seo.

Airteagal 27

Faisnéis chun críocha staidrimh

1. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a chur in iúl don Choimisiún chun críocha Airteagal 21(8) agus Airteagal 22(2) agus le gur féidir leis na Ballstáit agus an Coimisiún í a úsáid i gcomhair ceapadh beartas.
2. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún ar bhonn bliantúil agus i bhformáid leictreonach agus cuirfear faisnéis a chlárófar roimh an 31 Nollaig an bhliain roimhe san áireamh leis sin. Coinneoidh na Ballstáit cearta maoine uile don fhaisnéis ina bhformáid shonraí loma. Cuirfear staidrimh phróiseáilte a tarraingíodh suas ar bhonn na faisnéise sin ar fáil go poiblí i gcomhréir le forálacha maidir le trédhearcacht agus le cosaint faisnéise a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.
3. Chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit na sonraí pearsanta uile a anaithnidiú mar a léirítear in Iarscríbhinn III trí úsáid a bhaint as bogearraí a chuireann an Coimisiún ar fáil, nó a nglacann an Coimisiún leo, roimh na sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún. Bainfidh an Coimisiún úsáid as an bhfaisnéis anaithnidithe sin amháin.
4. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go ndeantar na bearta le haghaidh an fhaisnéis sin a bhailiú, a chur isteach, a stóráil, a anailísiú agus a scaipeadh sa chaoi go bhfuiltear in ann anailís staidrimh a dhéanamh.

Chun críocha na chéad fohíre, glacfaidh an Coimisiún bearta mionsonraithe maidir leis na ceanglais teicniúla atá riachtanach chun bainistíocht iomchuí na sonraí staidrimh a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).

Airteagal 28

Tuarascáil mheastóireachta

Tráth nach déanaí ná an 2 Lúnasa 2024, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle tuarascáil mheastóireachta, lena n-áireofar moltaí i ndáil le gníomhartha leantacha a bheidh le déanamh i bhfianaise na meastóireachta sin. Sa tuarascáil mheastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún anailís ar chur chun feidhme na scéime maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit, agus ar aon fhorbairtí maidir le deimhnithe digiteacha do mharaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar aon fhorbairtí i ndáil le breithniú na nDiplómaí Eorpacha Barr Feabhais Muirí amach anseo, agus na moltaí ó na comhpháirtithe sóisialta mar bhonn aige.

Airteagal 29

Leasuithe

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 30, lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus na forálacha gaolmhara den Treoir seo d'fhonn an Iarscríbhinn sin agus na forálacha sin a ailíniú leis na leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 30, lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo maidir le hábhar sonracha ábhartha agus sonraí sonracha ábhartha na faisnéise is gá do na Ballstáit a thuairisciú, ar an gcoinníoll nach bhfuil i gceist leis na gníomhartha sin ach na leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a chur san áireamh agus na coimircí do chosaint sonraí a urramú. Ní athróidh na gníomhartha tarmligthe sin na forálacha maidir le an anaithnidíú sonraí a leagtar amach in Airteagal 27(3).

Airteagal 30

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(14) agus in Airteagal 29, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 1 Lúnasa 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(14) agus Airteagal 29 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiofáidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(14) agus Airteagal 29 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 31

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹³⁾, cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 32

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos córais pionós maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 3, Airteagal 4, Airteagal 8, Airteagal 10 go 16, Airteagal 18, 19, 20, 23, 24, 25 agus de bhun Iarscríbhinn I, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

⁽¹³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus truailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1).

*Airteagal 33***Cumarsáid**

Déanfaidh na Ballstáit téacsanna na bhforálacha uile a ghlacfaidh siad sa réimse a rialáítear leis an Treoir seo a chur in iúl láithreach don Choimisiún.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

*Airteagal 34***Aisghairm**

Aisghairtear Treoir 2008/106/CE, arna leasú leis na Treoracha a liostaítear in Iarscríbhinn IV, Cuid A, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Cuid B a thrasú sa dlí náisiúnta.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn V.

*Airteagal 35***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 36***Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 8 Meitheamh 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. BEAUNE

IARSCRÍBHINN I

CEANGLAIS OILIÚNA CHOINBHINSIÚN STCW, DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Déantar na Rialacháin dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo a fhorlónadh leis na forálacha éigeantacha atá i gCuid A de Chód STCW cé is moite de Chaibidil VIII, Rialachán VIII/2.

Is ionann aon tagairt do cheanglas i Rialachán agus tagairt don Roinn comhréire de Chuid A de Chód STCW.

2. Tá caighdeáin inniúlachta i gCuid A de Chód STCW ar gá d'iarrthóirí a léiriú le haghaidh eisiúint agus athbhailíochtú deimhnithe inniúlachta faoi fhorálacha Choinbhinsiún STCW. Chun an nasc idir forálacha deimhnithe malartacha de Chaibidil VII agus na forálacha deimhnithe de Chaibidil II, III agus IV a shoiléiriú, rangáitear na cumais a shonraítear sna caighdeáin inniúlachta de réir mar is iomchuí faoi na seacht bhfeidhm seo a leanas:

- (1) loingseoireacht;
- (2) láimhseáil agus stuáil lastais;
- (3) rialú oibriú na loinge agus cúram a dhéanamh de na daoine ar bord;
- (4) innealtóireacht mhuirí;
- (5) innealtóireacht leictreach, leictreonach agus rialaithe;
- (6) cothabháil agus deisiú;
- (7) radachumarsáid,

ar na leibhéil fhreagrachta seo a leanas:

- (1) leibhéal bainistíochta;
- (2) leibhéal oibríochtúil;
- (3) leibhéal tacaíochta.

Saináithnítear feidhmeanna agus leibhéil freagrachta de réir fotheidil sna táblaí caighdeáin inniúlachta a thugtar, a shonraítear i gCuid A, Caibidil II, III agus IV de Chód STCW.

CAIBIDIL II

MÁISTIR AGUS AN ROINN DEICE

Rialachán II/1

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta ar longa 500 olltonnáiste nó os a chionn

1. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach máistir i gceannas ar fhaire loingseoireachta atá ag fónamh ar long farraige 500 olltonnáiste nó os a chionn.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;

- 2.2. beidh seirbhís fhormheasta farraige ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí aige mar chuid de chlár oiliúna formheasta lena n-áirítear oiliúint ar bord a chomhlíonann ceanglais Roinn A-II/1 de Chód STCW agus atá doiciméadaithe i leabhar taifeadta oiliúna formheasta, nó seachas sin beidh seirbhís fhormheasta farraige ar feadh tréimhse nach lú ná 36 mhí aige;
- 2.3. beidh dualgais faire dhroichid déanta aige, le linn na seirbhíse farraige a cheanglaítear, faoi mhaoirseacht máistir nó oifigigh cháilithe ar feadh tréimhse nach lú ná sé mhí;
- 2.4. comhlíonfaidh sé ceanglais na Rialachán is infheidhme i gCaibidil IV, de réir mar is iomchuí, maidir le dualgais raidió deartha a dhéanamh i gcomhréir leis na Rialacháin Raidió;
- 2.5. beidh oideachas agus oiliúint formheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-II/1 de Chód STCW;
- 2.6. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-VI/1, mír 2, i Roinn A-VI/2, míreanna 1 go 4, i Roinn A-VI/3, míreanna 1 go 4, agus i Roinn A-VI/4, mír 1, mír 2 agus mír 3 de Chód STCW.

Rialachán II/2

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú máistrí agus príomh-mhátaí ar longa 500 olltonnáiste nó os a chionn

Máistir agus príomh-mháta ar longa 3 000 olltonnáiste nó os a chionn

1. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach máistir agus príomh-mhátaí ar long farraige 3 000 olltonnáiste nó os a chionn.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. comhlíonfaidh sé na ceanglais le haghaidh deimhniú mar oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta ar longa 500 olltonnáiste nó os a chionn agus beidh seirbhís fhormheasta farraige déanta aige sa cháil sin:
 - 2.1.1. le haghaidh deimhniú mar phríomh-mháta, ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí;
 - 2.1.2. le haghaidh deimhniú mar mháistir, ar feadh tréimhse nach lú ná 36 mhí; féadfar an tréimhse sin a laghdú, áfach, go tréimhse nach lú ná 24 mhí más mar phríomh-mháta a cuireadh isteach 12 mhí ar a laghad den tseirbhís farraige sin;
 - 2.2. beidh oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-II/2 de Chód STCW le haghaidh máistrí agus príomh-mhátaí ar longa 3 000 olltonnáiste nó os a chionn.

Máistir agus príomh-mháta ar longa idir 500 olltonnáiste nó 3 000 olltonnáiste

3. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach máistir agus príomh-mháta ar long farraige idir 500 olltonnáiste agus 3 000 olltonnáiste.
4. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 4.1. i gcás deimhniú mar phríomh-mháta, comhlíonfaidh sé na ceanglais le haghaidh oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta ar longa 500 olltonnáiste nó os a chionn;
 - 4.2. i gcás deimhniú mar mháistir, comhlíonfaidh sé na ceanglais le haghaidh oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta ar longa 500 olltonnáiste nó os a chionn agus beidh seirbhís fhormheasta farraige aige ar feadh tréimhse nach lú ná 36 mhí sa cháil sin; féadfar an tréimhse sin a laghdú, áfach, go tréimhse nach lú ná 24 mhí más mar phríomh-mháta a cuireadh isteach 12 mhí ar a laghad den tseirbhís farraige sin;
 - 4.3. beidh oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-II/2 de Chód STCW le haghaidh máistrí agus príomh-mhátaí ar longa idir 500 olltonnáiste agus 3 000 olltonnáiste.

Rialachán II/3

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta agus maidir le máistrí ar longa a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste acu

Longa nach bhfuil ag gabháil d'aistir gar don chósta

1. Beidh deimhniú inniúlachta le haghaidh longa 500 olltonnáiste nó os a chionn ag gach oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta atá ag fónamh ar long farraige a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste aici agus nach bhfuil ag gabháil d'aistir gar don chósta.
2. Beidh deimhniú inniúlachta le haghaidh seirbhís mar mháistir ar longa idir 500 olltonnáiste agus 3 000 olltonnáiste ag gach máistir atá ag fónamh ar long farraige a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste aici agus nach bhfuil ag gabháil d'aistir gar don chósta.

Longa atá ag gabháil d'aistir gar don chósta

Oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta

3. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta ar long farraige a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste aici atá ag gabháil d'aistir gar don chósta.
4. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú mar oifigeach i gceannas ar fhaire loingseoireachta ar long farraige a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste aici atá ag gabháil d'aistir gar don chósta:
 - 4.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;
 - 4.2. beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:
 - 4.2.1. sainoilúint, lena n-áirítear tréimhse iomchuí seirbhíse farraige mar a cheanglaíonn an Ballstát; nó
 - 4.2.2. seirbhís fhormheasta farraige sa roinn deice ar feadh tréimhse nach lú ná 36 mhí;
 - 4.3. comhlíonfaidh sé ceanglais na Rialachán is infheidhme i gCaibidil IV, de réir mar is iomchuí, maidir le dualgais raidió shannta a dhéanamh i gcomhréir leis na Rialacháin Raidió;
 - 4.4. beidh oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-II/3 de Chód STCW le haghaidh oifigigh i gceannas ar fhaire loingseoireachta ar longa a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste acu atá ag gabháil d'aistir gar don chósta;
 - 4.5. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-VI/1, mír 2, i Roinn A-VI/2, míreanna 1 go 4, i Roinn A-VI/3, míreanna 1 go 4, agus i Roinn A-VI/4, mír 1, mír 2 agus mír 3, de Chód STCW;

Máistir

5. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach máistir atá ag fónamh ar long farraige a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste aici atá ag gabháil d'aistir gar don chósta.
6. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú mar mháistir ar long farraige a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste aici atá ag gabháil d'aistear gar don chósta:
 - 6.1. beidh sé 20 bliain d'aois nó níos sine;
 - 6.2. Beidh seirbhís fhormheasta farraige aige ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí mar oifigeach i gceannas ar fhaireachán loingseoireachta;
 - 6.3. beidh oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-II/3 de Chód STCW le haghaidh máistrí ar longa a bhfuil olltonnáiste níos lú ná 500 olltonnáiste acu atá ag gabháil d'aistir gar don chósta;
 - 6.4. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-VI/1, mír 2, i Roinn A-VI/2, míreanna 1 go 4, i Roinn A-VI/3, míreanna 1 go 4, agus i Roinn A-VI/4, mír 1, mír 2 agus mír 3, de Chód STCW.

Díolúintí

7. Féadfaidh an Rialtas, má mheasann sé go bhfuil méid na loinge agus coinníollacha a haistir de chineál a thabharfadh go mbeadh cur i bhfeidhm ceanglais iomlán an Rialacháin seo agus Roinn A-II/3 de Chód STCW míréasúnach nó dodhéanta, a mhéid a bhaineann leis sin, an máistir agus an t-oifigeach i gceannas ar fhaireachán loingseoireachta ar bord long den sórt sin nó aicme long a dhíolmhú ó chuid de na ceanglais, agus aird á tabhairt ar shábháilteacht long uile a d'fhéadfadh a bheith ag oibriú sna huiscí céanna.

Rialachán II/4

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú aicmeach cabhlaigh atá mar chuid d'fhaireachán loingseoireachta

1. Beidh gach aicmeach cabhlaigh atá mar chuid d'fhaireachán loingseoireachta ar long farraige 500 olltonnáiste nó os a chionn, seachas aicmigh chabhlaigh atá faoi oiliúint nó aicmigh chabhlaigh arb ionann na dualgais atá le déanamh acu agus iad ar faire agus dualgais de chineál neamhoilte, deimhnithe go cuí chun dualgais den sórt sin a dhéanamh.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 16 bliana d'aois nó níos sine;
 - 2.2. beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:
 - 2.2.1. seirbhís fhormheasta farraige lena n-áirítear tréimhse nach lú ná 6 mhí oiliúint agus taithí; nó
 - 2.2.2. sainoilíúint, roimh dhul ar bord nó le linn an ama a chaitear ar bord loinge, lena n-áirítear tréimhse fhormheasta seirbhíse farraige nach mbeidh níos lú ná dhá mhí;
 - 2.3. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-II/4 de Chód STCW.
3. Beidh an tseirbhís farraige, oiliúint agus taithí atá riachtanach de réir phointe 2.2.1 agus phointe 2.2.2 bainteach le feidhmeanna faire loingseoireachta agus mar chuid díobh beidh dualgais le cur gcrích faoi mhaoirseacht dhíreach an mháistir, an oifigigh i gceannas ar fhaire loingseoireachta nó aicmigh cabhlaigh cháilithe.

Rialachán II/5

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú aicmeach cabhlaigh mar mharaí deice inniúil

1. Beidh gach maraí deice inniúil atá ag fónamh ar long farraige 500 olltonnáiste nó os a chionn deimhnithe go cuí.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;
 - 2.2. comhlíonfaidh sé na ceanglais le haghaidh deimhniú mar aicmeach cabhlaigh atá mar chuid d'fhaire loingseoireachta;
 - 2.3. beidh seirbhís fhormheasta farraige críochnaithe aige sa roinn deice, agus é cáilithe chun a bheith ag fónamh mar aicmeach cabhlaigh mar chuid d'fhaire loingseoireachta:
 - 2.3.1. ar feadh tréimhse nach lú ná 18 mí; nó
 - 2.3.2. ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí agus an oiliúint fhormheasta críochnaithe aige;
 - 2.4. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-II/5 de Chód STCW.
3. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a chuir sé de cheangal ar mharaíthe inniúla le haghaidh deimhnithe a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2012 a chur i gcomparáid leo siúd a shonraítear le haghaidh deimhniú i Roinn A-II/5 de Chód STCW, agus cinnfidh sé cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le ceangal a chur ar an bpearsana sin a gcáilíochtaí a thabhairt chun dáta.

CAIBIDIL III

AN ROINN INNILL

Rialachán III/1

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú oifigeach atá i gceannas ar fhaire innealtóireachta i seomra innill foireannaithe nó innealtóir dualgais ainmnithe i seomra innill a bhíonn gan foireann go tráthrialta

1. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach oifigeach i gceannas ar fhaire innealtóireachta i seomra innill foireannaithe nó innealtóir dualgais ainmnithe i seomra innill a bhíonn gan foireann go tráthrialta ar long farraige a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 750 kW nó níos mó.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;
 - 2.2. beidh ceardlann oiliúna i scileanna críochnaithe aige mar aon le seirbhís fhormheasta farraige ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí mar chuid de chlár oiliúna formheasta lena n-áirítear oiliúint ar bord a chomhlíonann ceanglais Roinn A-III/1 de Chód STCW agus coimeádfar taifead de i leabhar taifeadta oiliúna formheasta, nó beidh ceardlann oiliúna i scileanna críochnaithe aige mar aon le seirbhís fhormheasta farraige ar feadh tréimhse nach lú ná 36 mhí, tréimhse as a gcaithfear 30 mí ar a laghad i seirbhís farraige sa roinn innill;
 - 2.3. beidh dualgais faire an tseomra innill déanta aige, le linn na seirbhíse farraige a cheanglaítear, faoi mhaoirseacht phríomhoifigeach innealtóireachta nó oifigeach innealtóireachta cáilithe ar feadh tréimhse nach lú ná sé mhí;
 - 2.4. beidh oideachas agus oiliúint formheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé na caighdeáin inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-III/1 de Chód STCW;
 - 2.5. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-VI/1, mír 2, i Roinn A-VI/2, míreanna 1 go 4, i Roinn A-VI/3, míreanna 1 go 4, agus i Roinn A-VI/4 mír 1, mír 2 agus mír 3, de Chód STCW.

Rialachán III/2

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú príomhoifigigh innealtóireachta agus dara hoifigigh innealtóireachta ar longa a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 3 000 kW nó níos mó

1. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach príomhoifigeach innealtóireachta agus ag gach dara hoifigeach innealtóireachta ar long farraige a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 3 000 kW nó níos mó.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. comhlíonfaidh sé na ceanglais le haghaidh deimhniú mar oifigeach i gceannas ar fhaireachán innealtóireachta ar longa farraige a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 750 kW nó níos mó agus beidh seirbhís fhormheasta farraige aige sa cháil sin:
 - 2.1.1. le haghaidh deimhniú mar dhara hoifigeach innealtóireachta, ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí mar oifigeach innealtóireachta cáilithe;
 - 2.1.2. le haghaidh deimhniú mar phríomhoifigeach innealtóireachta, ar feadh tréimhse nach lú ná 36 mhí: d'fhéadfaí an tréimhse sin a laghdú, áfach, go tréimhse nach lú ná 24 mhí i gcás go raibh an t-iarrthóir ag fónamh mar dhara hoifigeach innealtóireachta ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí sa tseirbhís farraige sin;
 - 2.2. beidh oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-III/2, de Chód STCW.

Rialachán III/3

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú príomhoifigeach innealtóireachta agus dara hoifigeach innealtóireachta ar longa a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána idir 750 kW agus 3 000 kW

1. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach príomhoifigeach innealtóireachta agus ag gach dara hoifigeach innealtóireachta ar long farraige a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána idir 750 agus 3 000 kW.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. comhlíonfaidh sé na ceanglais le haghaidh deimhniú mar oifigeach i gceannas ar fhaireachán innealtóireachta agus:
 - 2.1.1. le haghaidh deimhniú mar dhara hoifigeach innealtóireachta, beidh tréimhse nach lú ná 12 mhí seirbhís fhormheasta farraige mar oifigeach innealtóireachta cúnta nó mar oifigeach innealtóireachta críochnaithe aige;
 - 2.1.2. le haghaidh deimhniú mar phríomhoifigeach innealtóireachta, beidh tréimhse nach lú ná 24 mhí seirbhís fhormheasta farraige críochnaithe aige, tréimhse ina mbeidh ar a laghad 12 mhí den tréimhse sin caite aige agus é cáilithe chun a bheith ag fónamh mar dhara hoifigeach innealtóireachta;
 - 2.2. beidh oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-III/3 de Chód STCW.
3. Féadfaidh gach oifigeach innealtóireachta atá cáilithe chun a bheith ag fónamh mar dara hoifigeach innealtóireachta ar longa a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 3 000 kW nó níos mó, a bheith ag fónamh mar phríomhoifigeach innealtóireachta ar longa a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána le cumhacht tiomána níos lú ná 3 000 kW, ar choinníoll go bhformhuinítear an deimhniú chuige sin.

Rialachán III/4

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú aicmeach cabhlaigh atá mar chuid d'fhaireachán innealtóireachta i seomra innill foireannaithe nó atá ainmnithe do dhualgais a dhéanamh i seomra innill a bhíonn gan foireann go tráthrialta

1. Beidh gach aicmeach cabhlaigh atá mar chuid d'fhaire seomra innill nó atá ainmnithe do dhualgais a dhéanamh i seomra innill a bhíonn gan foireann go tráthrialta ar long farraige a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 750 kW nó níos mó, seachas aicmigh chabhlaigh atá faoi oiliúint nó aicmigh chabhlaigh arb ionann na dualgais atá le déanamh acu agus dualgais de chineál neamhoilte, deimhnithe go cuí chun dualgais den sórt sin a dhéanamh.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 16 bliana d'aois nó níos sine;
 - 2.2. beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:
 - 2.2.1. seirbhís fhormheasta farraige lena n-áirítear tréimhse nach lú ná 6 mhí oiliúint agus taithí; nó
 - 2.2.2. sainoiliúint, roimh dul ar bord nó le linn an ama a chaitear ar bord loinge, lena n-áirítear tréimhse fhormheasta seirbhíse farraige nach mbeidh níos lú ná dhá mhí;
 - 2.3. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-III/4 de Chód STCW.
3. Beidh an tseirbhís farraige, oiliúint agus taithí atá riachtanach de réir phointe 2.2.1 agus phointe 2.2.2 bainteach le feidhmeanna faireacháin seomra innill agus beidh comhlíonadh na ndualgas a dhéantar faoi mhaoirseacht dhíreach oifigeach innealtóireachta cáilithe nó aicmeach cabhlaigh cáilithe i gceist leo.

Rialachán III/5

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú aicmeach chabhlaigh mar mharaí inniúil i seomra innill foireannaithe nó atá ainmnithe do dhualgais a dhéanamh i seomra innill a bhíonn gan foireann go tráthrialta

1. Beidh gach maraí inniúil atá ag fónamh ar long farraige a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 750 kW nó níos mó deimhnithe go cuí.

2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;
 - 2.2. comhlíonfaidh sé na ceanglais le haghaidh deimhniú mar aicmeach cabhlaigh atá mar chuid d'fhaireachán innealtóireachta i seomra innill foireannaithe nó atá ainmnithe do dhualgais a dhéanamh i seomra innill a bhíonn gan foireann go tráthrialta;
 - 2.3. beidh seirbhís fhormheasta farraige aige sa roinn innill, agus é cáilithe chun a bheith ag fónamh mar aicmeach cabhlaigh atá mar chuid d'fhaireachán innealtóireachta:
 - 2.3.1. ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí; nó
 - 2.3.2. ar feadh tréimhse nach lú ná 6 mhí agus an oiliúint fhormheasta críochnaithe aige;
 - 2.4. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-III/5 de Chód STCW.
3. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a chuir sé de cheangal ar aicmigh chabhlaigh sa roinn innill maidir le deimhnithe a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2012 a chur i gcomparáid leo siúd a shonraítear maidir leis an deimhniú i Roinn A-III/5 de Chód STCW, agus cinntídh sé cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le ceangal a chur ar an bpearsana sin a gcáilíochtaí a thabhairt chun dáta.

Rialachán III/6

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú oifigigh leictreitheicniúil

1. Beidh deimhniú inniúlachta ag gach oifigeach leictreitheicniúil atá ag fónamh ar long farraige a chumhachtaítear le príomhinnealta tiomána dar cumhacht tiomána 750 kW nó níos mó.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;
 - 2.2. beidh ceardlann oiliúna i scileanna críochnaithe aige mar aon le seirbhís fhormheasta farraige ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí, tréimhse lena linn a chaithfear ar a laghad 6 mhí i mbun seirbhíse farraige mar chuid de chlár oiliúna formheasta a chomhlíonann ceanglais Roinn A-III/6 de Chód STCW agus coimeádfar taifead de i leabhar taifeadta oiliúna formheasta, nó beidh ceardlann oiliúna i scileanna críochnaithe aige mar aon le seirbhís fhormheasta farraige ar feadh tréimhse nach lú ná 36 mhí, tréimhse lena linn a chaithfear nach lú ná 30 mí i mbun seirbhíse farraige sa roinn innill;
 - 2.3. beidh oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé na caighdeáin inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-III/6 de Chód STCW;
 - 2.4. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-VI/1, mír 2, i Roinn A-VI/2 míreanna 1 go 4, i Roinn A-VI/3, míreanna 1 go 4, agus i Roinn A-VI/4, mír 1, mír 2, agus mír 3, de Chód STCW.
3. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a chuir sé de cheangal ar oifigigh leictreitheicniúla maidir le deimhnithe roimh an 1 Eanáir 2012 a chur i gcomparáid leo siúd a shonraítear maidir leis an deimhniú i Roinn A-III/6 de Chód STCW, agus cinntídh sé cén gá atá le ceangal a chur ar an bpearsana sin a gcáilíochtaí a thabhairt chun dáta.
4. D'ainneoin ceanglais phointe 1, pointe 2 agus pointe 3, féadfaidh Ballstát a mheas go bhféadfadh duine cuícháilithe a bheith in ann feidhmeanna áirithe de Roinn A-III/6 a dhéanamh.

Rialachán III/7

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú aicmeach cabhlaigh leictreitheicniúla

1. Beidh gach aicmeach cabhlaigh leictreitheicniúil atá ag fónamh ar long farraige a chumhachtaítear le príomhinnealra tiomána dar cumhacht tiomána 750 kW nó níos mó deimhnithe go cuí.
2. Maidir le gach iarrthóir ar dheimhniú:
 - 2.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;

- 2.2. beidh seirbhís fhormheasta farraige lena n-áirítear tréimhse nach lú ná 12 mhí oiliúint agus taithí críochnaithe aige; nó
 - 2.3. beidh oiliúint fhormheasta críochnaithe aige, lena n-áirítear tréimhse fhormheasta seirbhíse farraige nach lú ná sé mhí; nó
 - 2.4. beidh cáilíochtaí aige a chomhlíonann na hinniúlachtaí teicniúla i dtábla A-III/7 de Chód STCW agus beidh tréimhse fhormheasta seirbhíse farraige críochnaithe aige, tréimhse nach lú ná trí mhí; agus
 - 2.5. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-III/7 de Chód STCW;
3. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a chuir sé de cheangal ar aicmigh chabhlaigh leictreitheicniúla maidir le deimhnithe roimh an 1 Eanáir 2012 a chur i gcomparáid leo siúd a shonraítear maidir leis an deimhniú i Roinn A-III/7 de Chód STCW, agus cinntíonn sé cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le ceangal a chur ar an bpearsana sin a gcáilíochtaí a thabhairt chun dáta.
 4. D'ainneoin ceanglais phointe 1, phointe 2, agus phointe 3, féadfaidh Ballstát a mheas go bhféadfaidh duine cuícháilithe a bheith in ann feidhmeanna áirithe de Roinn A-III/7 a dhéanamh.

CAIBIDIL IV

RADACHUMARSÁID AGUS OIBREOIRÍ RAIDIÓ

Nóta míniúcháin

Leagtar amach forálacha éigeantacha a bhaineann le faireachán raidió leis na Rialacháin Raidió agus le SOLAS 74, arna leasú. Leagtar amach forálacha le haghaidh cothabháil raidió in SOLAS 74, arna leasú, agus na treoirlínte arna nglacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

Rialachán IV/1

Cur i bhfeidhm

1. Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo, seachas mar a fhoráiltear i bpointe 2, maidir le hoibreoírí raidió ar longa atá ag oibriú sa chóras domhanda guaise agus sábháilteachta muirí (GMDSS) mar a fhorordaítear le SOLAS 74, arna leasú.
2. Níl sé de cheangal ar oibreoírí raidió, ar longa nach bhfuil sé de cheangal orthu forálacha GMDSS i gCaibidil IV de SOLAS 74 a chomhlíonadh, forálacha na Caibidle seo a chomhlíonadh. Tá sé de cheangal ar oibreoírí raidió ar na longa sin, mar sin féin, na Rialacháin Raidió a chomhlíonadh. Áiríteoidh na Ballstáit go n-eiseofar na deimhnithe iomchuí do na hoibreoírí raidió sin mar a fhorordaítear leis na Rialacháin Raidió nó go dtabharfar aitheantas dóibh i leith na n-oibreoírí raidió sin.

Rialachán IV/2

Íoscheanglais éigeantacha maidir le deimhniú oibreoírí raidió GMDSS

1. Beidh deimhniú iomchuí a bhaineann le GMDSS ag gach duine i gceannas ar dhualgais raidió nó a dhéanann na dualgais sin ar long a bhfuil sé de cheangal uirthi a bheith mar chuid de GMDSS, deimhniú a d'eisigh Ballstát nó a thugann sé aitheantas dó faoi fhorálacha na Rialachán Raidió.
2. Ina theannta sin, beidh gach iarrthóir ar dheimhniú inniúlachta faoin Rialachán seo le haghaidh seirbhíse ar bord loinge ar a gceanglaítear le SOLAS 74, arna leasú, raidió-fhearas a bheith aici:
 - 2.1. 18 mbliana d'aois nó níos sine;
 - 2.2. oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-IV/2 de Chód STCW.

CAIBIDIL V

CEANGLAIS SAINOILIÚNA LE HAGHAIDH PEARSANRA AR CHINEÁLACHA ÁIRITHE LONG

Rialachán V/1-1

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí, oifigeach agus aicmeach cabhlaigh ar thancaeir ola agus ar thancaeir ceimiceán

1. Beidh deimhniú bunoiúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaeir ola agus ar thancaeir ceimiceán ag oifigigh agus ag aicmigh chabhlaigh a shanntar dualgais agus freagrachtaí áirithe dóibh a bhaineann le lastas nó le trealamh lastais ar thancaeir ola nó ar thancaeir ceimiceán.
2. Beidh bunoiúint críochnaithe ag gach iarrthóir ar dheimhniú bunoiúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola agus ar thancaer ceimiceán i gcomhréir leis na forálacha i Roinn A-VI/1 de Chód STCW agus beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:
 - 2.1. seirbhís fhormheasta farraige a mhaireann 3 mhí ar a laghad ar thancaer ola nó ar thancaer ceimiceán agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/1-1, mír 1, de Chód STCW; nó
 - 2.2. bunoiúint fhormheasta le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola agus ar thancaer ceimiceán agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/1-1, mír 1, de Chód STCW.
3. Beidh deimhniú ardoiliúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola ag máistrí, príomhoifigigh innealtóireachta, príomh-mhátaí, dara hoifigigh innealtóireachta agus aon duine a bhfuil freagracht láithreach orthu i dtaobh luchtú lastais, díluchtú lastais, cúram a thabhairt do lastas faoi bhealach, láimhseáil lastais, glanadh umair agus oibríochtaí eile a bhaineann le lastas ar thancaer ola.
4. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú ardoiliúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola:
 - 4.1. comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir le deimhniú bunoiúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola agus ar thancaer ceimiceán;
 - 4.2. agus é cáilithe do dheimhniú bunoiúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola agus ar thancaer ceimiceán, beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:
 - 4.2.1. seirbhís fhormheasta farraige a mhaireann 3 mhí ar a laghad ar thancaer ola; nó
 - 4.2.2. oiliúint fhormheasta a mhaireann mí amháin ar a laghad ar thancaer ola i gcáil bhreise lena n-áirítear trí oibríocht luchtaithe agus trí oibríocht díluchtaithe ar a laghad agus coimeádfar taifead de i leabhar taifeadta oiliúna formheasta agus aird á tabhairt ar an treoraíocht i Roinn B-V/1 de Chód STCW;
 - 4.3. beidh ardoiliúint fhormheasta críochnaithe aige le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/1-1, mír 2, de Chód STCW.
5. Beidh deimhniú ardoiliúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ceimiceán ag máistrí, príomhoifigigh innealtóireachta, príomh-mhátaí, dara hoifigigh innealtóireachta agus aon duine a bhfuil freagracht láithreach orthu i dtaobh luchtú lastais, díluchtú lastais, cúram a thabhairt do lastas faoi bhealach, láimhseáil lastais, glanadh umair agus oibríochtaí eile a bhaineann le lastas ar thancaer ceimiceán.
6. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú ardoiliúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ceimiceán:
 - 6.1. comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir le deimhniú bunoiúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola agus ar thancaer ceimiceán;
 - 6.2. agus é cáilithe do dheimhniú bunoiúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ola agus ar thancaer ceimiceán, beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:
 - 6.2.1. seirbhís fhormheasta farraige a mhaireann 3 mhí ar a laghad ar thancaer ceimiceán; nó
 - 6.2.2. oiliúint fhormheasta a mhaireann mí amháin ar a laghad ar thancaer ceimiceán i gcáil bhreise lena n-áirítear trí oibríocht luchtaithe agus trí oibríocht díluchtaithe ar a laghad agus coimeádfar taifead de i leabhar taifeadta oiliúna formheasta agus aird á tabhairt ar an treoraíocht i Roinn B-V/1 de Chód STCW;

6.3. beidh ardoiliúint fhormheasta críochnaithe aige le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer ceimiceán agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/1-1, mír 3, de Chód STCW.

7. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go n-eiseofar deimhniú oilteachta chuig maraithe atá cáilithe i gcomhréir le pointe 2, 4 nó 6, de réir mar is iomchuí, nó go bhformhuineofar go cuí deimhniú inniúlachta nó deimhniú oilteachta atá ann cheana.

Rialachán V/1-2

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí, oifigeach agus aicmeach cabhlaigh ar thancaer gháis leachtaithe

1. Beidh deimhniú bunoilúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis leachtaithe ag oifigigh agus ag aicmigh chabhlaigh a shanntar dualgais agus freagrachtaí áirithe dóibh a bhaineann le lastas nó le trealamh lastais ar thancaer gháis leachtaithe.

2. Beidh bunoilúint críochnaithe ag gach iarrthóir ar dheimhniú bunoilúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis leachtaithe i gcomhréir leis na forálacha i Roinn A-VI/1 de Chód STCW agus beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:

2.1. seirbhís fhormheasta farraige a mhaireann 3 mhí ar a laghad ar thancaer gháis leachtaithe agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/1-2, mír 1, de Chód STCW; nó

2.2. bunoilúint fhormheasta le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis leachtaithe agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/1-2, mír 1, de Chód STCW.

3. Beidh deimhniú ardoiliúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis leachtaithe ag máistrí, príomhoifigigh innealtóireachta, príomh-mhátaí, dara hoifigigh innealtóireachta agus aon duine a bhfuil freagracht láithreach orthu i dtaobh luchtú lastais, díluchtú lastais, cúram a thabhairt do lastas faoi bhealach, láimhseáil lastais, glanadh umair agus oibríochtaí eile a bhaineann le lastas ar thancaer gháis leachtaithe.

4. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú ardoiliúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis leachtaithe:

4.1. comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir le deimhniú bunoilúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis leachtaithe;

4.2. agus é cáilithe do dheimhniú bunoilúna le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis leachtaithe, beidh an méid seo a leanas críochnaithe aige:

4.2.1. seirbhís fhormheasta farraige a mhaireann 3 mhí ar a laghad ar thancaer gháis leachtaithe; nó

4.2.2. oiliúint fhormheasta a mhaireann mí amháin ar a laghad ar thancaer gháis lechtaithe i gcáil bhreise lena n-áirítear trí oibríocht luchtaithe agus trí oibríocht díluchtaithe ar a laghad agus coimeádfar taifead de i leabhar taifeadta oiliúna formheasta agus aird á tabhairt ar an treoraíocht i Roinn B-V/1 de Chód STCW;

4.3. beidh ardoiliúint fhormheasta críochnaithe aige le haghaidh oibríochtaí lastais ar thancaer gháis lechtaithe agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/1-2, mír 2, de Chód STCW.

5. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go n-eiseofar deimhniú oilteachta chuig maraithe atá cáilithe i gcomhréir le pointe 2 nó 4, de réir mar is iomchuí, nó go bhformhuineofar go cuí deimhniú inniúlachta nó deimhniú oilteachta atá ann cheana.

Rialachán V/2

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí, oifigeach, aicmeach cabhlaigh agus pearsanra eile ar longa paisinéirí

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile atá ag fónamh ar bord longa paisinéirí i mbun turais idirnáisiúnta. Déanfaidh na Ballstáit infheidhmeacht na gceanglas sin a chinneadh maidir le pearsanra atá ag fónamh ar longa paisinéirí i mbun turais intíre.

2. Sula sannfar dualgais ar bord loinge dóibh, déanfaidh gach duine atá ag fónamh ar long paisinéirí ceanglais Roinn A-VI/1, mír 1, de Chód STCW a chomhlíonadh.

3. Máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile atá ag fónamh ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad an tréimhse oiliúna agus taithíochta a cheanglaítear le pointí 5 go 9, i gcomhréir lena gcumas, lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí.
4. Máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile, a gceanglaítear oiliúint a chur orthu i gcomhréir le pointe 7, pointe 8 agus pointe 9, rachaidh siad faoi oiliúint athnuachana iomchuí, ag eatrainmh nach faide ná 5 bliana, nó ceanglófar orthu fianaise a sholáthar gur bhain siad amach an caighdeán riachtanach inniúlachta laistigh de na 5 bliana roimhe sin.
5. Pearsanra atá ag fónamh ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad taithíocht éigeandála maidir le longa paisinéirí is iomchuí dá gcumas, dá ndualgais agus dá bhfreagrachtaí, mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 1 de Chód STCW.
6. Pearsanra a bhíonn ag fónamh go díreach ar phaisinéirí i spásanna paisinéirí ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad an oiliúint sábháilteachta a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 2 de Chód STCW.
7. Máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh atá cáilithe i gcomhréir le Caibidil II, Caibidil III agus Caibidil VII den Iarscríbhinn seo agus pearsanra eile atá ainmnithe ar an liosta tionóil maidir le cúnamh a thabhairt do phaisinéirí i gcásanna éigeandála ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad oiliúint maidir le bainistíocht sluaite ar longa paisinéirí mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 3 de Chód STCW.
8. Máistrí, príomhoifigigh innealtóireachta, príomh-mhátaí, dara hoifigigh innealtóireachta agus aon duine a ainmnítear ar an liosta tionóil mar dhuine a bhfuil freagracht air i leith shábháilteacht na bpaisinéirí i gcásanna éigeandála ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad oiliúint fhormheasta i mbainistíocht ghéarchéime agus iompraíocht daoine mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 4 de Chód STCW.
9. Máistrí, príomhoifigigh innealtóireachta, príomh-mhátaí, dara hoifigigh innealtóireachta agus aon duine a sanntar freagracht láithreach air maidir le paisinéirí a chur ar bord agus a thabhairt ó bhord, lastas a luchtú, a dhíluchtú nó a cheangal isteach, nó oscailtí i gcabhlacha a dhúnadh ar bord longa paisinéirí róró, críochnóidh siad oiliúint fhormheasta maidir le sábháilteacht paisinéirí, sábháilteacht lastais agus sláine cabhlach mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 5 de Chód STCW.
10. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar fianaise dhoiciméadach ar an oiliúint a críochnaíodh chuig gach duine a chinntear a bheith cáilithe i gcomhréir le pointí 6 go 9.

Rialachán V/3

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí, oifigeach, aicmeach cabhlaigh agus pearsanra eile ar longa atá faoi réir Chód IGF

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile atá ag fónamh ar bord longa atá faoi réir Chód IGF.
2. Sula sannfar dualgais do mharaithe ar bord longa atá faoi réir Chód IGF, beidh an oiliúint a cheanglaítear le pointí 4 go 9 críochnaithe acu, i gcomhréir lena gcumas, lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí.
3. Gach maraí a bheidh ag fónamh ar bord longa atá faoi réir Chód IGF, cuirfear oiliúint iomchuí taithíochta loinge agus trealamh-shonraí air, mar a shonraítear in Airteagal 15(1), pointe (d), den Treoir seo, sula sannfar dualgais ar bord loinge dó.
4. Maraithe atá freagrach as dualgais sábháilteachta ainmnithe a bhaineann le haire agus úsáid, nó práinnfhreagairt maidir le, breosla ar bord longa atá faoi réir Chód IGF, beidh deimhniú bunoiúna acu le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF.
5. Gach iarrthóir ar dheimhniú bunoiúna le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF, beidh an tréimhse bunoiúna críochnaithe aige i gcomhréir le forálacha Roinn A-V/3, mír 1, de Chód STCW.
6. Maraithe atá freagrach as dualgais sábháilteachta ainmnithe a bhaineann le haire agus úsáid, nó práinnfhreagairt maidir le, breosla ar bord longa atá faoi réir Chód IGF agus atá cáilithe agus deimhnithe i gcomhréir le Rialachán V/1-2, mír 2 agus 5, nó Rialachán V/1-2, mír 4 agus 5 maidir le tancaeir gháis leachtaithe, measfar go bhfuil na ceanglais comhlíonta acu a shonraítear i Roinn A-V/3, mír 1, de Chód STCW i ndáil le bunoiúint le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF.

7. Máistrí, oifigigh innealtóireachta agus pearsanra uile a bhfuil freagracht láithreach orthu i dtaobh aire agus úsáid breoslaí agus córais bhreosla ar longa atá faoi réir Chód IGF, beidh deimhniú ardoiliúna acu le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF.
8. Agus an deimhniú oilteachta dá ndéantar cur síos air i bpointe 4 aige, beidh na nithe seo a leanas déanta ag gach iarrthóir ar dheimhniú ardoiliúna le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF:
 - 8.1. ardoiliúint fhorhmeasta críochnaithe le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF agus caighdeán inniúlachta á chomhlíonadh mar a shonraítear i Roinn A-V/3, mír 2, de Chód STCW;
 - 8.2. fónamh formheasta mí amháin ar a laghad ar farraige a bheith críochnaithe aige lena n-áirítear ar a laghad trí oibríocht bhuncaireachta ar bord longa atá faoi réir Chód IGF. Féadfar oiliúint ionsamhlóra fhorhmeasta a dhéanamh in ionad dhá cheann de na trí oibríocht bhuncaireachta mar chuid den oiliúint i bpointe 8.1.
9. Máistrí, oifigigh innealtóireachta agus aon duine a bhfuil freagracht láithreach air maidir le haire agus úsáid breosla ar longa atá faoi réir Chód IGF agus atá cáilithe agus deimhnithe i gcomhréir leis na caighdeáin inniúlachta a shonraítear i Roinn A-V/1-2, mír 2 de Chód STCW i ndáil le fónamh ar thancaeir gháis leachtaithe, measfar go bhfuil na ceanglais a shonraítear i Roinn A-V/3, mír 2, de Chód STCW i ndáil le hardoiliúint le haghaidh longa atá faoi réir Chód IGF, measfar go bhfuil na ceanglais sin comhlíonta acu, ar choinníoll go bhfuil na nithe seo a leanas déanta acu freisin:
 - 9.1. go bhfuil na ceanglais a luaitear i bpointe 6 comhlíonta acu;
 - 9.2. go bhfuil na ceanglais maidir le buncaireacht a luaitear i bpointe 8.2 comhlíonta acu nó gur ghlac siad páirt i dt trí cinn d'oibríochtaí lastais ar bord tancaeir gháis leachtaithe;
 - 9.3. go bhfuil fónamh ar farraige 3 mhí críochnaithe aige le linn na 5 bliana roimhe sin ar bord:
 - 9.3.1. longa atá faoi réir Chód IGF;
 - 9.3.2. tancaeir a bhfuil breoslaí cuimsithe faoi Chód IGF a n-iompar, mar lastas, acu; nó
 - 9.3.3. longa a úsáideann gáis nó breosla íseal-splancphointe mar bhreosla.
10. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar deimhniú oilteachta chuig maraithe atá cáilithe i gcomhréir le pointe 4 nó 7, de réir mar is iomchuí.
11. Maraithe a bhfuil deimhniú oilteachta acu i gcomhréir le bpointe 4 nó 7, rachaidh siad faoi oiliúint athnuachana iomchuí ag eatraimh nach faide ná 5 bliana, nó ceanglófar orthu fianaise a sholáthar gur bhain siad amach an caighdeán riachtanach inniúlachta laistigh de na 5 bliana roimhe sin.

Rialachán V/4

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí agus oifigeach deice ar longa a oibríonn in uiscí polacha

1. Máistrí, príomh-mhátaí agus oifigigh atá i bhfeighil faireachán loingseoireachta ar longa a oibríonn in uiscí polacha, beidh deimhniú bunoilúna le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha acu, mar a cheanglaítear leis an gCód Polach.
2. Gach iarrthóir ar dheimhniú bunoilúna le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha, beidh cúrsa bunoilúna formheasta le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta a shonraítear i Roinn A-V4, mír 1 de Chód STCW.
3. Máistrí agus príomh-mhátaí ar longa a oibríonn in uiscí polacha, beidh deimhniú ardoiliúna acu le haghaidh fónamh ar longa a oibríonn in uiscí polacha, mar a cheanglaítear leis an gCód Polach.
4. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú ardoiliúna le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha:
 - 4.1. beidh na ceanglais maidir le deimhniú bunoilúna le haghaidh longa in uiscí polacha comhlíonta aige;

- 4.2. beidh fónamh formheasta ar farraige 2 mhí ar a laghad curtha isteach aige, sa roinn deice, ar an leibhéal bainistíochta nó i mbun dualgais faireacháin ar an leibhéal oibríochtúil, laistigh d'uiscí polacha nó i mbun fónamh farraige formheasta coibhéiseach eile;
- 4.3. beidh ardoiliúint fhormheasta críochnaithe aige le haghaidh fónamh ar longa a oibríonn in uiscí polacha agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/4, mír 2, de Chód STCW.
5. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go n-eiseofar deimhniú oilteachta chuig maraithe atá cáilithe i gcomhréir le pointe 2 nó 4, de réir mar is iomchuí.

CAIBIDIL VI

ÉIGEANDÁIL, SÁBHÁILTEACHT CEIRDE, SLÁNDÁIL, CÚRAM LEIGHIS AGUS FEIDHMEANNA MAIREACHTÁLA

Rialachán VI/1

Íoscheanglais éigeantacha maidir le taithíocht sábháilteachta, bunoiiliúint agus teagasc le haghaidh maraithe uile

1. Gheobhaidh maraithe taithíocht agus bunoiiliúint nó teagasc i gcomhréir le Roinn A-VI/1 de Chód STCW agus chomhlíonfaidh siad an caighdeán inniúlachta iomchuí mar a shonraítear ann.
2. I gcás nach áireofar bunoiiliúint sa cháilíocht don dheimhniú atá le heisiúint, eiseofar deimhniú oilteachta lena léirítear gur fhreastail an sealbhóir ar an gcúrsa bunoiiliúna.

Rialachán VI/2

Íoscheanglais éigeantacha maidir le heisiúint deimhnithe oilteachta in ártach marthanais, báid tarrthála agus báid tarrthála thapa

1. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú oilteachta le haghaidh ártach marthanais agus báid tarrthála seachas báid tarrthála thapa:
 - 1.1. beidh sé 18 mbliana d'aois nó níos sine;
 - 1.2. beidh seirbhís fhormheasta farraige críochnaithe aige a mhair tréimhse nach lú ná 12 mhí nó beidh sé tar éis freastal ar chúrsa oiliúna formheasta agus beidh seirbhís fhormheasta farraige críochnaithe aige a mhair tréimhse nach lú ná sé mhí;
 - 1.3. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta do dheimhnithe oilteachta ar ártach marthanais agus báid tarrthála mar a leagtar amach i Roinn A-VI/2, míreanna 1 go 4, de Chód STCW.
2. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú oilteachta le haghaidh báid tarrthála thapa:
 - 2.1. beidh deimhniú oilteachta le haghaidh ártach marthanais agus báid tarrthála seachas báid tarrthála thapa aige;
 - 2.2. beidh sé tar éis freastal ar chúrsa oiliúna formheasta;
 - 2.3. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta do dheimhnithe oilteachta ar bháid tarrthála thapa mar a leagtar amach i Roinn A-VI/2, míreanna 7 go 10, de Chód STCW.

Rialachán VI/3

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint in ardscoiléanna um chomhrac dóiteáin

1. Beidh ardoiliúint maidir le teicnící chun dóiteán a chomhrac agus béim faoi leith leagtha ar eagrúchán, ar bheartaíocht agus ar cheannasaíocht críochnaithe go rathúil ag maraithe atá ainmnithe d'oibríochtaí um chomhrac dóiteáin a rialú i gcomhréir le forálacha Roinn A-VI/3, míreanna 1 go 4, de Chód STCW agus comhlíonfaidh siad an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear ann.

2. I gcás nach áireofar ardoiliúint maidir le comhrac dóiteáin sna cáilíochtaí don deimhniú atá le heisiúint, eiseofar deimhniú oilteachta lena léirítear gur fhreastail an sealbhóir ar chúrsa ardoiliúna maidir le comhrac dóiteáin.

Rialachán VI/4

Íoscheanglais éigeantacha maidir le garchabhair leighis agus cúram leighis

1. Déanfaidh maraithe atá ainmnithe le haghaidh garchabhair leighis a chur ar fáil ar bord loinge an caighdeán inniúlachta garchabhair leighis a chomhlíonadh mar a shonraítear i Roinn A-VI/4, mír 1, mír 2 agus mír 3, de Chód STCW.
2. Déanfaidh maraithe atá ainmnithe le haghaidh cúram leighis ar bord loinge a ghlacadh orthu féin an caighdeán inniúlachta cúram leighis ar bord longa a chomhlíonadh mar a shonraítear i Roinn A-VI/4, mír 4, mír 5 agus mír 6, de Chód STCW.
3. I gcás nach n-áireofar oiliúint maidir le garchabhair leighis nó cúram leighis sna cáilíochtaí don deimhniú atá le heisiúint, eiseofar deimhniú oilteachta lena léirítear gur fhreastail an sealbhóir ar chúrsa oiliúna maidir le garchabhair leighis nó cúram leighis.

Rialachán VI/5

Íoscheanglais éigeantacha maidir le heisiúint deimhnithe oilteachta le haghaidh oifigigh slándála loinge

1. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú oilteachta mar oifigeach slándála loinge:
 - 1.1. beidh seirbhís fhormheasta farraige críochnaithe aige a mhair tréimhse nach lú ná 12 mhí nó seirbhís fhormheasta farraige agus eolas aige ar oibríochtaí loinge;
 - 1.2. comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta do dheimhniú oilteachta mar oifigeach slándála loinge, mar a leagtar amach i Roinn A-VI/5, míreanna 1 go 4, de Chód STCW.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar deimhniú oilteachta do gach duine a chinntear a bheith cáilithe faoi fhorálacha an Rialacháin seo.

Rialachán VI/6

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint a bhaineann le slándáil agus teagasc le haghaidh maraithe uile

1. Gheobhaidh maraithe taithíocht a bhaineann le slándáil agus oiliúint nó teagasc maidir le feasacht i dtaobh slándála i gcomhréir le Roinn A-VI/6, míreanna 1 go 4, de Chód STCW agus chomhlíonfaidh siad an caighdeán inniúlachta iomchuí mar a shonraítear ann.
2. I gcás nach n-áireofar feasacht ar chúrsaí slándála sa cháilíocht don deimhniú atá le heisiúint, eiseofar deimhniú oilteachta lena léirítear gur fhreastail an sealbhóir ar chúrsa oiliúna maidir le feasacht i dtaobh slándála.

Maraithe a bhfuil dualgais slándála sannta dóibh

3. Déanfaidh maraithe a bhfuil dualgais slándála sannta dóibh an caighdeán inniúlachta a chomhlíonadh mar a shonraítear i Roinn A-VI/6, mír 6, mír 7 agus mír 8, de Chód STCW.
4. I gcás nach n-áireofar oiliúint maidir leis na dualgais slándála a shanntar sna cáilíochtaí don deimhniú atá le heisiúint, eiseofar deimhniú oilteachta lena léirítear gur fhreastail an sealbhóir ar chúrsa oiliúna maidir le dualgais slándála a shanntar.

CAIBIDIL VII

DEIMHNIÚ MALARTACH

Rialachán VII/1

Eisiúint deimhnithe malartacha

1. D'ainneoin na ceanglais le haghaidh deimhnithe a leagtar síos i gCaibidil II agus Caibidil III den Iarscríbhinn seo, féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh deimhnithe, seachas iad siúd dá dtagraítear i Rialacháin na gCaibidlí sin, a eisiúint nó eisiúint na ndeimhnithe sin a údarú, ar choinníoll:
 - 1.1. go roghnaítear na feidhmeanna agus leibhéil fhreagrachta gaolmhara a bheidh léirithe ar na deimhnithe agus sna formhuinthe as agus gurb ionann iad agus iad siúd atá le fáil i Ranna A-II/1, A-II/2, A-II/3, A-II/4, A-II/5, A-III/1, A-III/2, A-III/3, A-III/4, A-III/5, A-IV/2 de Chód STCW;
 - 1.2. go bhfuil oideachas agus oiliúint fhormheasta críochnaithe ag na hiarrthóirí agus go gcomhlíonann siad na ceanglais do na caighdeáin inniúlachta do na feidhmeanna agus na leibhéil le bheith léirithe ar na deimhnithe agus sna formhuinthe, mar a fhorordaítear sna Ranna ábhartha de Chód STCW agus mar a leagtar amach i Roinn A-VII/1 den Chód sin;
 - 1.3. go bhfuil seirbhís fhormheasta farraige críochnaithe ag na hiarrthóirí atá ábhartha do chomhlíonadh na feidhmeanna agus na leibhéil le bheith léirithe ar an deimhniú. Beidh fad íosta na seirbhíse farraige coibhéiseach le fad na seirbhíse farraige a fhorordaítear i gCaibidil II agus i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo. Ní bheidh fad íosta na seirbhíse farraige níos giorra ná mar a fhorordaítear i Roinn A-VII/2 de Chód STCW, áfach;
 - 1.4. go ndéanann iarrthóirí ar dheimhniú, a chomhlíonfaidh an fheidhm loingseoireachta ar an leibhéal oibríochtúil, ceanglais na Rialachán is infheidhme i gCaibidil IV, de réir mar is iomchuí, maidir le dualgais raidió shannta a chomhlíonadh i gcomhréir leis na Rialacháin Raidió;
 - 1.5. go n-eisítear na deimhnithe i gcomhréir le ceanglais Airteagal 4 den Treoir seo agus leis na forálacha a leagtar amach i gCaibidil VII de Chód STCW.
2. Ní eisíofar aon deimhniú faoin gCaibidil seo seachas i gcás go bhfuil an fhaisnéis a éilítear faoi Choinbhinsiún STCW curtha in iúl ag an mBallstát don Choimisiún.

Rialachán VII/2

Deimhniú maraithe

Beidh deimhniú inniúlachta nó deimhniú oilteachta, de réir mar is infheidhme, ag gach maraí a chomhlíonann aon fheidhm nó grúpa feidhmeanna a shonraítear i dtáblaí A-II/1, A-II/2, A-II/3, A-II/4 nó A-II/5 de Chaibidil II nó i dtáblaí A-III/1, A-III/2, A-III/3, A-III/4 nó A-III/5 de Chaibidil III nó A-IV/2 de Chaibidil IV de Chód STCW.

Rialachán VII/3

Prionsabail lena rialaítear eisiúint deimhnithe malartacha

1. Áiríteoidh Ballstát a dhéanann rogha deimhnithe malartacha a eisiúint nó eisiúint deimhnithe malartacha a údarú go n-urramaítear na prionsabail seo a leanas:
 - 1.1. nach gcuirfeadh aon chóras deimhnithe malartach chun feidhme ach amháin má áirítear leis leibhéal sábháilteachta ar muir agus má tá éifeacht choiscitheach aige i dtaobh truailliú atá coibhéiseach leis siúd dá bhforáiltear sna Caibidlí eile;
 - 1.2. go bhforáilfeadh, le haon socrú le haghaidh deimhniú malartach a eisítear faoin gCaibidil seo, maidir le himmhalartacht deimhnithe leo siúd a eisítear faoi na Caibidlí eile.
2. Áiríteoidh prionsabal na himmhalartachta i bpointe 1 an méid seo a leanas:
 - 2.1. go bhfuil maraithe atá deimhnithe faoi shocrúithe Chaibidil II agus/nó Chaibidil III agus iad siúd atá deimhnithe faoi Chaibidil VII in ann a bheith ag fónamh ar longa a bhfuil cineálacha traidisiúnta nó cineálacha eile eagraíochta ar bord acu;

- 2.2. nach gcuirtear oiliúint ar mharaithe le haghaidh socraithe ar bord long áirithe sa dóigh a ndéanadh sé dochar dá gcumas a gcuid scileanna a chur ar fáil in áit eile.
 3. Agus aon deimhniú faoin gCaibidil seo á eisiúint, cuirfeadh na prionsabail seo a leanas san áireamh:
 - 3.1. nach mbainfeadh úsáid as eisiúint deimhnithe malartacha chun críocha:
 - 3.1.1. líon an chriú ar bord a laghdú;
 - 3.1.2. sláine na slí beatha a íslíú nó maraithe a dhí-oiliúint; nó
 - 3.1.3. údar a thabhairt le sannadh dualgais na n-oifigeach faireacháin innill agus deice i dteannta a chéile do shealbhóir aonar deimhnithe le linn aon faireacháin;
 - 3.2. go n-ainmneofar an duine i gceannas ina mháistir agus nach ndéanfar dochar do sheasamh dlíthiúil na d'údarás an mháistir nó daoine eile le cur chun feidhme aon socraithe le haghaidh deimhniú malartach.
 4. Áiritheoidh na prionsabail atá i bpointe 1 agus pointe 2 go gcoinneofar inniúlacht oifigeach deice agus oifigeach innilteoireachta araon.
-

IARSCRÍBHINN II

**CRITÉIR CHUN TRÍÚ TÍORTHA A D'EISIGH DEIMHNIÚ NÓ AR EISÍODH DEIMHNIÚ FAOINA nÚDARÁS A
AITHINT, DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 20(2)**

1. Ní mór don tríú tír a bheith ina Páirtí de Choinbhinsiún STCW.
2. Ní mór é a bheith sainaitheanta ag an gCoiste Muir-Shábháilteachta maidir leis an tríú tír gur léirigh sí gur tugadh éifeacht iomlán chríochnaithe d'fhorálacha Choinbhinsiún STCW.
3. Le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus le rannpháirtíocht fhéideartha aon Bhallstát lena mbaineann, tá sé dearbhaithe ag an gCoimisiún, trí mheastóireacht ar an bPáirtí sin a dhéanamh, meastóireacht lenarbh fhéidir an t-iniúchadh ar shaoráidí agus ar nósanna imeachta a chur san áireamh, gur comhlíonadh go hiomlán ceanglais Choinbhinsiún STCW a bhaineann le caighdeáin inniúlachta, oiliúint agus deimhniú agus caighdeáin cháilíochta.
4. Tá an Ballstát i mbun gealltanais a chomhaontú leis an tríú tír lena mbaineann go dtabharfar fógra pras maidir le haon athrú suntasach ar na socruithe oiliúna agus deimhnithe a chuirfear ar fáil i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW.
5. Maidir le maraithe atá i láthair le haghaidh deimhnithe aitheantais le haghaidh feidhmeanna ar an leibhéal bainistíochta, tá bearta tugtha isteach ag an mBallstát chun a áirithiú go bhfuil eolas iomchuí acu ar reachtaíocht mhuirí an Bhallstáit a bhaineann leis na feidhmeanna a cheadaítear dóibh a dhéanamh.
6. Más mian le Ballstát measúnú ar chomhlíonadh tríú tír a fhorlíonadh trí institiúidí oiliúna muirí áirithe a mheasúnú, déanfaidh sé amhlaidh i gcomhréir le forálacha roinn A-I/6 de Chód STCW.

IARSCRÍBHINN III

AN CINEÁL FAISNÉISE ATÁ LE CUR IN IÚL DON CHOIMISIÚN CHUN CRÍOCHA STAIRIMH

1. I gcás ina ndéantar tagairt don Iarscríbhinn seo, cuirfear ar fáil an fhaisnéis seo a leanas a shonraítear i Roinn A-I/2, mír 9, de Chód STCW le haghaidh deimhnithe inniúlachta uile nó formhuinithe lena bhfianaítear a n-eisiúint, agus le haghaidh na formhuinithe uile lena bhfianaítear aitheantas deimhnithe inniúlachta arna n-eisiúint ag tíortha eile, agus i gcás ina bhfuil (*) marcáilte beidh an fhoráil sin i ndíth ainm mar a cheanglaítear le hAirteagal 27(3) den Treoir seo:

Deimhnithe inniúlachta/Formhuinithe lena bhfianaítear a n-eisiúint:

- aitheantóir uathúil an mharaithe, má tá fáil air (*),
- ainm an mharaithe(*),
- dáta breithe an mharaithe,
- náisiúntacht an mharaithe,
- inscne an mharaithe,
- uimhir fhormhuinithe na ndeimhnithe inniúlachta(*),
- uimhir na bhformhuinithe lena bhfianaítear a n-eisiúint(*),
- inniúlacht/inniúlachtaí,
- dáta eisiúna an doiciméid nó an dáta athbhailíochtaíthe is déanaí a bhaineann leis,
- an dáta éaga,
- stádas an deimhnithe,
- teorainneacha.

Formhuinithe lena bhfianaítear aitheantas deimhnithe inniúlachta arna eisiúint ag tíortha eile:

- aitheantóir uathúil an mharaithe, má tá fáil air(*),
- ainm an mharaithe(*),
- dáta breithe an mharaithe,
- náisiúntacht an mharaithe,
- inscne an mharaithe,
- an tír a d'eisigh an deimhniú inniúlachta bunaidh,
- uimhir bhunaidh an deimhnithe inniúlachta(*),
- uimhir na bhformhuinithe lena bhfianaítear aitheantas(*),
- inniúlacht/inniúlachtaí,
- dáta eisiúna an doiciméid nó an dáta athbhailíochtaíthe is déanaí a bhaineann leis,
- an dáta éaga,
- stádas an fhormhuinithe,
- teorainneacha.

2. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis a sholáthar, ar bhonn deonach, maidir leis na deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint d'aicmigh chabhlaigh i gcomhréir le Caibidil II, Caibidil III agus Caibidil VII den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW, amhail:

- aitheantóir uathúil an mharaithe, má tá fáil air (*),
 - ainm an mharaithe(*),
 - dáta breithe an mharaithe,
 - náisiúntacht an mharaithe,
 - inscne an mharaithe,
 - uimhir na ndeimhnithe oilteachta(*),
 - inniúlacht/inniúlachtaí,
 - dáta eisiúna an doiciméid nó an dáta athbhailíochtaíthe is déanaí a bhaineann leis,
 - an dáta éaga,
 - stádas an deimhnithe oilteachta.
-

IARSCRÍBHINN IV

Cuid A

Treoir aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi
(dá dtagraítear in Airteagal 34)

Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle
(IO L 323, 3.12.2008, lch. 33)

Treoir 2012/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle
(IO L 343, 14.12.2012, lch. 78)

Treoir (AE) 2019/1159 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Airteagal 1 agus an Iarscríbhinn amháin
gComhairle
(IO L 188, 12.7.2019, lch. 94)

Cuid B

Teorainneacha ama do thrasú sa dlí náisiúnta
(dá dtagraítear in Airteagal 34)

Treoir	Teorainn ama do thrasú
2012/35/AE	4 Iúil 2014, cé is moite d'Airteagal 1, pointe 5 4 Eanáir 2015 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 1, pointe 5
(AE) 2019/1159	2 Lúnasa 2021

IARSCRÍBHINN V

TÁBLA COMHGHAOIL

Treoir 2008/106/CE	An Treoir seo
Airteagal 1, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 1, pointí 1 go 26	Airteagal 2, pointí 1 go 26
Airteagal 1, pointe 28	Airteagal 2, pointe 27
Airteagal 1, pointe 29	Airteagal 2, pointe 28
Airteagal 1, pointe 30	Airteagal 2, pointe 29
Airteagal 1, pointe 31	Airteagal 2, pointe 30
Airteagal 1, pointe 32	Airteagal 2, pointe 31
Airteagal 1, pointe 33	Airteagal 2, pointe 32
Airteagal 1, pointe 34	Airteagal 2, pointe 33
Airteagal 1, pointe 35	Airteagal 2, pointe 34
Airteagal 1, pointe 36	Airteagal 2, pointe 35
Airteagal 1, pointe 37	Airteagal 2, pointe 36
Airteagal 1, pointe 38	Airteagal 2, pointe 37
Airteagal 1, pointe 39	Airteagal 2, pointe 38
Airteagal 1, pointe 40	Airteagal 2, pointe 39
Airteagal 1, pointe 41	Airteagal 2, pointe 40
Airteagal 1, pointe 42	Airteagal 2, pointe 41
Airteagal 1, pointe 43	Airteagal 2, pointe 42
Airteagal 1, pointe 44	Airteagal 2, pointe 43
Airteagal 1, pointe 45	Airteagal 2, pointe 44
Airteagal 1, pointe 46	Airteagal 2, pointe 45
Airteagal 2 agus Airteagal 3	Airteagal 1 agus Airteagal 3
Airteagal 5(1), (2) agus (3)	Airteagal 4(1), (2) agus (3)
Airteagal 5(3a)	Airteagal 4(4)
Airteagal 5(4)	Airteagal 4(5)
Airteagal 5(5)	Airteagal 4(6)
Airteagal 5(6)	Airteagal 4(7)
Airteagal 5(7)	Airteagal 4(8)
Airteagal 5(8)	Airteagal 4(9)

Treoir 2008/106/CE	An Treoir seo
Airteagal 5(9)	Airteagal 4(10)
Airteagal 5(10)	Airteagal 4(11)
Airteagal 5(11)	Airteagal 4(12)
Airteagal 5(12)	Airteagal 4(13)
Airteagal 5(13)	Airteagal 4(14)
Airteagal 5a	Airteagal 5
Airteagal 5b	Airteagal 6
Airteagal 6	Airteagal 7
Airteagal 7(1)	Airteagal 8(1)
Airteagal 7(1a)	Airteagal 8(2)
Airteagal 7(2)	Airteagal 8(3)
Airteagal 7(3)	Airteagal 8(4)
Airteagal 7(3a)	Airteagal 8(5)
Airteagal 7(3b)	Airteagal 8(6)
Airteagal 7(4)	Airteagal 8(7)
Airteagal 8	Airteagal 9
Airteagal 9	Airteagal 10
Airteagal 10	Airteagal 11
Airteagal 11	Airteagal 12
Airteagal 12(1)	Airteagal 13(1)
Airteagal 12(2)	Airteagal 13(2)
Airteagal 12(2a)	Airteagal 13(3)
Airteagal 12(2b)	Airteagal 13(4)
Airteagal 12(3)	Airteagal 13(5)
Airteagal 12(3a)	Airteagal 13(6)
Airteagal 12(4)	Airteagal 13(7)
Airteagal 12(5)	Airteagal 13(8)
Airteagal 13	Airteagal 14
Airteagal 14	Airteagal 15
Airteagal 15	Airteagal 16
Airteagal 16	Airteagal 17
Airteagal 17	Airteagal 18

Treoir 2008/106/CE	An Treoir seo
Airteagal 18	Airteagal 19
Airteagal 19	Airteagal 20
Airteagal 20	Airteagal 21
Airteagal 21	Airteagal 22
Airteagal 22	Airteagal 23
Airteagal 23	Airteagal 24
Airteagal 24	Airteagal 25
Airteagal 25	Airteagal 26
Airteagal 25a	Airteagal 27
Airteagal 26	Airteagal 28
Airteagal 27	Airteagal 29
Airteagal 27a	Airteagal 30
Airteagal 28(1)	Airteagal 31(1)
Airteagal 28(2), an chéad abairt	Airteagal 31(2), an chéad fhomhír
Airteagal 28(2), an dara habairt	Airteagal 31(2), an dara fomhír
Airteagal 29	Airteagal 32
Airteagal 30	—
Airteagal 31	Airteagal 33
Airteagal 32	Airteagal 34
—	Airteagal 35
Airteagal 34	Airteagal 36
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn IV
Iarscríbhinn IV	Iarscríbhinn V
Iarscríbhinn V	Iarscríbhinn III

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985, Lúcsamburg
LÚCSAMBURG

